

An Coimisinéir Cosanta Sonraí

Data Protection Commissioner

An Garda Síochána:

Tuarascáil Deiridh

an Iniúchta

Arna Eisiúint i Márta 2014

ACHOIMRE FHEIDHMEACH	4
Moltaí	5
1. CÚLRA AGUS BONN DLÍTHIÚIL DON INIÚCHADH	11
2. RÉAMHINIÚCHADH	11
3. LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN NGARDA SÍOCHÁNA	13
4. PULSE	13
4.1 Léargas Ginearálta ar PULSE	14
4.2 Taispeántas PULSE.....	15
4.3 Catagóiriú Sonraí ar PULSE.....	15
4.4 Faisnéis ar PULSE agus Oifigigh um Fhaisnéis Choiriúla	20
4.5 Úsáid PULSE	23
4.6 Foláirimh do Dhaoine Fásta ar PULSE.....	24
4.7 Mionaoisigh ar PULSE	26
4.8 Rochtain ar PULSE	30
4.9 Iontráil Sonraí ar PULSE: Lárionad Sheirbhís Eolais an Gharda Síochána (GISC).....	34
5. BUNACHAIR SHONRAÍ NEAMH-PULSE.....	40
5.1 Clár na gCiontóirí Gnéis	41
5.2 CJIP - Tionscadal Imeachtha Ceartais Choiriúil	41
5.3 Fiosrú Tiománaithe/Cuardach Feithiclí.....	42
5.4 Fotha Sonraí ar Phríosúnaigh	45
6. MÉARLORGAIREACHT AGUS GRIANGHRAIF	45
6.1 Grianghraif/Méarlorgaireacht i Stáisiún Gardaí an Mhullinn gCearr	47
6.2 Grianghraif/Méarlorgaireacht i Stáisiún Gardaí Dhomhnach Broc	48
6.3 Nósanna Imeachta agus Foirmeacha Caighdeánaithe	49
6.4 Livescan	51
6.5 Seirbhís Mhéarlorgaireachta le haghaidh iarratas ar víosa thar lear	51
6.6 AFIS (Córas Uathobrithe um Fhaisnéis Mhéarlorgaireachta)	51
7. UATHAITHINT UIMHIRPHLÁTAÍ (ANPR)	59
8. ROCHTAIN AR SHONRAÍ TEILEACHUMARSÁIDE	61
9. GABHÁIL AGUS COINNEÁIL.....	66
9.1 Tairfead na bPríosúnach.....	67
9.2 Torthaí Féideartha ar Ghabháil/Choinneáil	68
9.3 Bileog na gCúiseamh.....	68
9.4 Cinní chun Ionchúiseamh a Dhéanamh	68
10. NOCHTADH SONRAÍ PEARSANTA DO THRÍÚ PÁIRTITHE.....	69
10.1 Timpiste Tráchta ar Bhóithre.....	69
10.2 Comhlacht Árachais	71
11. ÚSÁID CÓRAIS CCTV	72
11.1 Scéim CCTV an Gharda Síochána	72
11.2 Freagrachtaí Oibreora as Córais CCTV Láir Bhaile an Gharda Síochána	73
11.3 Saoráid Athbhreithnithe CCTV	74
11.4 Úsáid Fotha CCTV Tríú Páirtí	75
11.5 Coinneáil agus Stóráil.....	76
11.6 Rochtain ar CCTV an Gharda Síochána ag tríú páirtithe	77
12. CÓRAS GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA	78
12.1 Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána	78
12.2 Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin	78
12.3 Mír na Nuashonruithe ar Pulse	80
12.4 Nochtadh Fiosrúcháin an Gharda Síochána	83
12.5 Neamhchiontuithe, Seanchiontuithe nó Mionchiontuithe.....	84
13. PRÓISEÁIL IARRATAS AR ROCHTAIN AR SHONRAÍ	84
14. MALARTÚ SONRAÍ LE TIORTHA EILE.....	87
14.1 An ECRIS (An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla).....	87
15. SLÁNDÁIL SONRAÍ: SLÁNDÁIL TF	88
15.1 Léargas ginearálta	88
15.2 Toipeolaíocht an Chórais	89
15.3 Slándáil an Trealaímh agus Bhonneagair TF	89
15.4 Ríomhairí Glúine.....	90
15.5 Gléasanna USB	90
15.6 Cianrochtain ar Chóras an Gharda Síochána.....	90
15.7 Slándáil an Líonra.....	90

15.8	Slándáil Ghléasanna Ríomhairí Deisce	91
15.9	Cuntais Úsáideora.....	91
15.10	Róil agus Ceadanna	92
15.11	Slándáil Phasfhocal.....	93
15.12	An Deasc Chabhrach TF	93
15.13	Priontáil.....	93
15.14	Athshlánú ó Thubaiste	93
15.15	Diúscairt Dramhaíola	94
16.	TORTHAÍ	94

Achoimre Fheidhmeach

Thug Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (ODPC) faoi iniúchadh ar chosaint sonraí sa Gharda Síochána (an AGS) ón mbliain 2011 go dtí Deireadh Fómhair 2013. Is éard a bhí san iniúchadh scrúdú a dhéanamh ar cháipéisíocht a sholáthair an AGS, plé le bainistíocht shinsearach an AGS agus cigireachtaí ar an suíomh ag Ceannteathrú an AGS i mBaile Átha Cliath, Aonad Grinnfhiosrúchán an AGS i nDurlas, Ionad Seirbhísí Faisnéise an AGS (GISC) i gCaisleán an Bharraigh agus stáisiúin na nGardaí i nDomhnach Broc, an Muileann gCearr agus Luimneach.

Tugadh faoin iniúchadh agus tagairt á déanamh do cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus mionsaothrú na gceanglas siúd a chuimsítear i gCód Cleachtais um Chosaint Sonraí an AGS a bhain faomhadh an ODPC amach. Fuarthas comhoibriú iomlán ón AGS, lena n-áirítear rochtain ar gach cáipéis, córas agus duine aonair ábhartha.

Dhírigh an t-iniúchadh go príomha ar an bpríomhchóras TF a d'úsáid an AGS chun sonraí a thaifeadadh, PULSE. Is éard a bhí i gceist leis an imscrúdú seo, scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thaifeadadh sonraí ag an GISC ag comhaltaí aonair an AGS, rangú na sonraí agus na gcóras siúd atá á n-úsáid chun cruinneas agus sláine na sonraí a choimeád agus chun nochtadh míchuí a chosc. Déanann tuarascáil an iniúchta cur síos go mionsonraithe ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le conas a chuirtear sonraí pearsanta nó eachtraí áirithe i ndéileálacha duine aonair leis an AGS i dtaifead. Go minic, amhail a fheictear le linn an iniúchta, is éard a bhíonn i gceist leis seo ná bainistíocht a dhéanamh ar fhoirmidí neamhstruchtúrtha sonraí ag an AGS. Inár dtorthaí, leagamar béim ar limistéir ina dteastaíonn feabhsúcháin ach ar an gcuma chéanna, aithnímid cleachtais agus nósanna imeachta nár eascair aon saincheisteanna um chosaint sonraí astu. Ar an iomlán, dheimhniomar gur léirigh tromlach na limistéir ar a ndearnamar scrúdú go raibh fórsa gairmiúil póilíní ag oibriú i gcomhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Cé go raibh an fhoireann iniúchta sásta leis na meicníochtaí intógtha um chosaint sonraí in PULSE, go ginearálta, níorbh amhlaidh an cás maidir le maoirsiú a dhéanamh ar rochtain ag comhaltaí aonair an AGS ar thaifid ar dhaoine aonair agus an riosca lena mbaineann nochtadh a dhéanamh lasmuigh den AGS. Tháinig an Fhoireann Iniúchta ar chásanna a bhí ina n-ábhar buartha den rochtain mhíchuí sin agus dheimhnigh siad nár tugadh faoi iniúchtaí sceidealaithe ar rochtain ar PULSE, amhail a fhoráiltear i gCód Cleachtais um Chosaint Sonraí an AGS. Ar a shon sin, cuireadh tús le cur i bhfeidhm na gné sin den Chód faoin am a cuireadh deireadh leis an iniúchadh. Anuas air sin, mar fhreagairt ar an rochtain mhíchuí a braitheadh le linn an iniúchta, chuir an AGS tús le cur chuige trí ghné chun cur in aghaidh aon rochtana míchuí amach anseo, is é sin Treoir na Ceannteathrún 95/2012, fógra leasaithe rabhaidh ar PULSE a thaispeántar do gach úsáideoir nuair a logálann siad isteach agus clár iniúchtaí randamacha faoina dtugann an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla den Gharda Síochána. Táimid ag súil leis go gcuireann an Garda Síochána téarmaí Threoir na Ceannteathrún 95/2012 i bhfeidhm anois go gníomhach agus gníomh tréan agus cuí disciplíneach a ghlacadh i leith aon duine a bhaineann mí-úsáid as a rochtain ar PULSE agus ionchúiseamh a dhéanamh i leith aon duine a dheimhnítear a bhaineann leas as an rochtain sin ar mhaithe le rud éigin a ghnóthú.

Rinne an Fhoireann scrúdú ar na próisis a bhí in úsáid maidir le hiarratais ó eagraíochtaí fostaithe chun grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar fhostaithe agus ar iarratais ó dhaoine ar rochtain ar a sonraí pearsanta. Mheasamar gur limistéar bunúsach óna dteastaíonn soiléiriú ag an AGS d'ábhair shonraí ná breac-chuntas soiléir a thabhairt ar a nochtfaidh an AGS ar ais trí shíniúcháir údaráithe d'eagraíocht ar mhaithe le cuspóirí grinnfhiosrúcháin i gcomparáid leis sin a bhféadfadh le hábhar sonraí súil a bheith lena fháil trí iarratais ar rochtain ar ábhar a dhéantar leis an AGS faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Foinse mhínic fiosraithe atá ann seo leis an Oifig seo nuair a dhéanann ábhar sonraí nó a n-atornae iarratas rochtana ar an AGS agus nuair a fhéachann siad ar an ábhar a sholáthraíonn an AGS mar fhreagairt air sin. Braitheann an dá phróiseas go mór ar chruinneas na sonraí a chuimsítear in PULSE agus bhí an fhoireann iniúchta sásta go raibh an dá phróiseas faoi réir na nósanna imeachta oiriúnacha, is é sin, maidir le cruinneas sonraí.

Áiríodh leis an iniúchadh scrúdú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta maidir le gabháil agus coinneáil daoine aonair. Deimhnítear an phróiseáil sin go mór ag ceanglais shonracha reachtúla, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le méarloirg agus grianghraif a ghlacadh. Má theiptear ar chomhlíonadh na gceanglas sin reachtaíochta, d'fhéadfadh deacrachtaí bheith i gceist chun cúisimh a dhéanamh sa Chúirt. Níor aimsigh an Fhoireann aon saincheisteanna suntasacha sa limistéar seo.

Is limistéar buartha an úsáid, ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe, a bhaintear as méarloirg dhaoine aonair a theastaíonn chun na méarloirg siúd a sholáthar a bhaineann le hiarratais ar thearmann, víosaí agus cónaitheacht. Thugamar le fios don AGS go measaimid go dtugann roinnt cleachtas ina leith seo saincheisteanna chun solais ó pheirspictíocht um chosaint sonraí agus molaimid go dtugann an AGS athchuir ar an tsaincheist seo leis an Ard-Aighne ar mhaithe le soiléireacht a sholáthar do gach páirtí atá i gceist agus comhthéacs reachtaíochta na hEorpa á chur i gcuntas.

Rinne an Fhoireann scrúdú ar na próisis a bhí in úsáid don AGS chun measúnú a dhéanamh ar shonraí an tsíntiúsóra a bhí á gcoimeád ag cuideachtaí teileachumarsáide agus níorbh ann d'aon saincheisteanna um chosaint sonraí a bhí ina n-ábhar buartha ina leith seo.

Rinne an Fhoireann scrúdú ar úsáid CCTV ag an AGS, mar aon le córas Uathaitheanta Uimhirphlátaí an AGS (ANPR). Bhí roinnt mionmholtaí ann maidir le CCTV ach níor tháinig aon saincheisteanna um chosaint sonraí chun solais maidir leis an ANPR.

I measc na limistéar eile ar a ndearnadh scrúdú ná próiseáil sonraí maidir le ciontóirí gnéis; rochtain an AGS ar fhaisnéis faoi fheithicilí agus tiománaithe; nochtadh sonraí do thrú páirtithe; agus malartú sonraí le tíortha eile.

I gcaitheamh na n-iniúchtaí éagsúla, thug an Fhoireann faoi deara nach raibh beartas cuimsitheach forbartha ag an AGS ar choinneáil sonraí – ceann de na gealltanais a cuimsíodh sa Chód Cleachtas. Thug an AGS le fios go raibh siad tiomanta do scrúdú a dhéanamh ar na himpleachtaí eagraíochtúla a bhain le gach catagóir de shonraí pearsanta a bhí á gcoimeád ag an AGS a choinneáil nó a scriosadh.

Cé nár tugadh chun solais é go sonracha i gcúrsa an iniúchta, creideann an ODPC gur cheart go mbeadh aonad tiomanta um chosaint sonraí ag an AGS, ar a bhfuil Oifigeach ag a bhfuil rochtain dhíreach ar Choimisinéir an Gharda Síochána ina cheannas.

Rinneadh líon moltaí mionsonraithe leis an AGS a d'eascair ón iniúchadh. Liostaítear iad seo thíos, mar aon le freagairtí an AGS.

Moltaí

- I dtaobh monatóireacht a dhéanamh ar rochtain ag comhaltaí an AGS ar PULSE ar bhonn réamhghníomhach, ba cheart an uirlis iniúchta a ndéantar cur síos uirthi ag alt 4.8 a chur i bhfeidhm láithreach bonn, gníomh a chumasódh seiceáil ar leibhéal áitiúil ar bhonn rialta a dhéanamh ar shamplaí de thaifid d'fhonn seiceáil a dhéanamh

maidir le haon phatrúin neamhghnácha rochtana. Nuair a thabharfaí iad seo isteach, ba cheart an fhoireann a chur ar an eolas ar na bearta nua monatóireachta seo chun rochtain mhíchuí a dhíspreagadh. Anuas air sin, meastar gur cheart déileáil le haon rochtain mhíchuí a aimsítear mar thoradh ar thabhairt isteach na huirlise iniúchta seo faoi nósanna imeachta disciplíneacha an AGS.

[Ó tharla an chigireacht, chuir an AGS an Oifig seo ar an eolas gur chuir an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána, i gcomhréir lena sainchúram faoi Chód um Chosaint Sonraí an Gharda Síochána agus Treoir na Ceanncheathrún, 95/2012, tús le hiniúchtaí fánacha ar chríochnú an bhosca dialóige um Mír Fiosrúcháin maidir le Daoine, Feithiclí, agus Láithreach. Ceanglaíonn Treoir na Ceanncheathrún 95/2012, Treoir na Ceanncheathrún 14/2001 agus Cód an Gharda Síochána, 32.15(3) go mbíonn faisnéis a chuirtear i dtaifead sa bhosca dialóige ‘Sonraí faoi Mhír Fiosrúcháin’ ‘chomh faisnéiseach agus is féidir’ agus gur cheart go mbeadh sí leordhóthanach lena chinntiú go mbaineann na fiosrúcháin dá éis sin an tairbhe is mó ón gcóras’.

Nuair atá an fhaisnéis a thairbhe i mbosca dialóige ‘Shonraí na Míre Fiosrúcháin’ leordhóthanach le comhlíonadh na nAchtanna um Chosaint Sonraí, Chód Cleachtais um Chosaint Sonraí an Gharda Síochána agus cheanglais Threoir na Ceanncheathrún 95/2012, Threoir na Ceanncheathrún 14/2001 agus Chód an Gharda Síochána 32.15(3) a thaispeáint, teastaíonn an méid a leanas;

- *Comhlánú an cholúin ‘Gníomhartha a Glacadh’ le sonraí faoi na bearta a glacadh chun dul i ngleic leis an easnamh faisnéise. Tá an colún ‘Gníomhartha a Glacadh’ mar chuid de scarbhileog ina mbreactar fiosrúcháin, áit ar sholáthair comhaltaí easnamh faisnéise.*
- *Sonraí faoi conas a dhéantar monatóireacht ar chaighdeán faisnéise ag comhaltaí Ceantair i mbosca dialóige na Míre Leasa?*
- *Sonraí faoi aon chóras/phróiseas atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na faisnéise a soláthraíodh i mbosca dialóige na Míre Leasa?*
- *Gníomh a glacadh mar thoradh ar an Iniúchadh chun an leibhéal comhlíonta i gcríochnú Bhosca Dialóige na Míre Leasa ag foireann Cheantair?*

As na 48 Ceantar a rinneadh a iniúchadh go dtí seo, cuireadh tús leis an iniúchadh ‘Leantach’ in 12 de na Ceantair seo.

Tá an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána ag oibriú, faoi láthair, leis an Rannóg TF chun “Tuarascáil ar Mhíreanna Leasa” a fhorbairt le haghaidh Oifigigh Cheantair, áit ar féidir leo féachaint ar sheiceálacha ar thug comhaltaí a bhFórsa Ceantair fúthu agus na cúiseanna atá á gcur i dtaifead, go háirithe, ar chóras PULSE i dtaobh na seiceálacha seo. Baineadh úsáid as an tuarascáil seo i Lúnasa 2013 agus tá triail phíolótach á baint aisti ag an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána faoi láthair.

Dhearbhaigh an AGS don Fhoireann go ligfeadh an uirlis leasaithe iniúchta d’athbhreithneoir seiceáil a dhéanamh ar ghníomhaíocht uile úsáideora roimhe seo sa chás gur measadh gur ghá é seo a fhiosrú. Leagann an córas athbhreithnithe freagracht ar Cheannfoirt Cheantair a cheangal ar chomhaltaí chun údar a thabhairt leis an gcúis ghnó le haghaidh céatadán sonraithe de rochtain ar an gcóras sa mhí. Roghnaíonn an córas athbhreithnithe an rochtain seo go fánach agus soláthraítear í don Cheannfort i ngach cás. Dhearbhaigh an AGS gur riachtanas feidhmíochta a bheidh i dtabhairt faoin athbhreithniú de chuid gach Ceannfoirt agus má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, glacfar gníomhartha ina leith.]

- *Forálann Alt 2(1)(c) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 nach gcoimeádfaidh rialaitheoir sonraí sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá don chuspóir a fuarthas iad. Agus na tréimhsí oiriúnacha coinneála á ndeimhniú le haghaidh faisnéis*

phearsanta, ní mór do rialaitheoirí sonraí an aird cheart a thabhairt ar aon oibleagáidí reachtúla. Má cuireadh stop leis an gcuspóir lena bhfuarthas an fhaisnéis agus mura dteastaíonn an fhaisnéis phearsanta ar mhaithe le cuspóirí leanúnacha póilíneachta, ní mór na sonraí a scriosadh nó a dhiúscairt ar bhealach slán. I míreanna éagsúla sa tuarascáil, déantar scrúdú ar an tsaincheist a bhaineann le saghsanna éagsúla de shonraí agus taifid a choinneáil laistigh den AGS. Ar an iomlán, moltar go ndéanann an AGS scrúdú ar na himpleachtaí eagraíochtúla *[luaigh an AGS go dtreoraíonn an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1993, an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998/2003 iad maidir le coinneáil agus milleadh taifead sa Gharda Síochána].*

Go háirithe, ba cheart don AGS, i gcomhar leis an ODPC, scrúdú a dhéanamh ar bheartas an AGS maidir le coinneáil roinnt catagóirí d'fhaisnéis.

[Ó tharla an chigireacht, luaigh an AGS gur cuireadh an moladh thuas faoi bhráid na Slándála agus na Faisnéise le breithniú a dhéanamh air. Ar leibhéal cineálach, forbraíodh feidhmiúlacht PULSE, agus éascaíonn seo catagóirí a dhéanamh ar thaifid faisnéise. Oibríonn an AGS, áfach, go dian laistigh de chomhthéacs chreatlach reachtúil na n-achtanna beartaithe - an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Fásta Leochaileacha), 2012 agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Caite), 2012.]

- Tugann comhcheangal méarloirg iarratasóirí tearmainn, víosa agus cónaithe ar glacadh a méarloirg ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil, saincheisteanna chun solais ó pheirsictíocht um chosaint sonraí.

[Mar fhreagairt, luaigh an AGS go bhfuil gá leis an gcinneadh chun bunachar sonraí iomlán an AFIS a chuardach, méarloirg an GNIB, eVisa, tearmainn agus Interpol ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil san áireamh. Tá seo i gcomhréir leis an gcomhairle shonrach a fuarthas ón Ard-Aighne maidir leis an gceist seo.]

Moltar go dtugann an AGS faoin tsaincheist seo arís leis an Ard-Aighne ar mhaithe le soiléireacht do gach páirtí atá i gceist agus comhthéacs reachtaíochta na hEorpa á chur i gcuntas.

- Ba cheart an ceart chun iarratas a dhéanamh chun méarloirg a scriosadh atá á gcoimeád ar an AFIS a chur leis an bhfoirm um thoiliú scríofa atá sínithe ag duine a sholáthraíonn méarloirg ar bhonn deonach agus le haon fhaisnéis scríofa a sholáthraítear do dhuine atá ordaithe ag an AGS chun méarloirg a sholáthar. Ní mór athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar gach faisnéis a sholáthraítear d'ábhair shonraí maidir le tréimhsí coinneála le haghaidh méarlorg agus cearta gaolmhara scriosta ar achtú agus tosú an Bhille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dí-Eolaíochta agus Córas Bunachar Sonraí DNA), 2013".

[Mar fhreagairt, luaigh an AGS go ndéanfar breithniú ar an moladh seo tar éis go n-achtófar an Bille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dí-Eolaíochta agus Córas Bunachar Sonraí DNA), 2013 atá le foilsíú]

- Moltar go nglactar leis an mBille um an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla, 2013, atá sa dréachtchém faoi láthair san Oireachtas, a luaithe is féidir d'fhonn bheith mar an bonn agus taca leis an mbonn dlíthiúil d'oibriú an ECRIS.
- Ba cheart creat beartais agus treoir a chur i dtoll a chéile ina dtugtar breac-chuntas ar na cúinsí ina ndéanfar gach nochtadh ar mhaithe le cuspóirí grinnfhiosrúcháin faoin reachtaíocht a bheidh le foilsíú le creatlach shoiléir ina dtugtar breac-chuntas ar an réimse earraí is féidir a nochtadh agus na cúinsí agus an tréimhse chruinn ama faoinar féidir

[Thug an AGS le fios, mar fhreagairt, go ndéanfar breithniú ar an moladh seo tar éis go n-achtófar an reachtaíocht atá le foilsiú.]

- Ba cheart clár um bainistiú taifead a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú córasach agus seiceáil a dhéanamh ar chruinneas thaifid PULSE ar bhonn rollach. Baineann ríthábhacht leis seo lena chinntiú go léiríonn catagóiríú daoine aonair agus teagmhas ar PULSE an stádas is cothroime le dáta i dtaca leis an teagmhas a cuireadh i dtaifead.

[Ó tharla an chigireacht, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas gur bhain na Seirbhísí Tuairiscithe ag an Rannóg TF úsáid as 'Tuarascáil na dTeagmhas le hlmeachtaí Neamhiomlána' in 2009. Bhí an tuarascáil seo in ainm is cabhrú le bainistiú a dhéanamh ar shaolré theagmhais, go háirithe maidir le teagmhais le 'Ciontóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi'. Forbraíodh tuarascáil bhreise chun monatóireacht a dhéanamh ar an tsaolré maidir le teagmhais de chineál gnéasach. Rinneadh iarratas leis an Rannóg TF chun na feabhsúcháin seo a shíneadh chuig 'Tuarascáil reatha na dTeagmhas le hlmeachtaí Neamhiomlána'. Iarradh ar líon tuarascálacha breise agus feabhsúcháin bhreise chun cabhrú le bainistíocht a dhéanamh ar gach saolré theagmhais ar PULSE. Tá baint ag Treoir na Ceanncheathrún 64/2013 agus 79/2013 ina leith seo anois, chomh maith.]

- Ba cheart foirmeacha cineálacha chun méarloirg, bosloirg agus grianghraif a ghlacadh a dhearadh, ainm a chur leo agus a scaipeadh le húsáid uilíoch a bhaint astu le comhsheasmhacht a chinntiú.

[Chuir an AGS an ODPC ar an eolas i Nollaig 2012, gur cuireadh foirm leasaithe PC-02 (a dhéileálann le grianghraif) le liosta na bhfoirmeacha atá ar fáil ar thairseach an AGS. Is é príomhchuspóir fhoirm PC-02 go n-uaslódálfar an grianghraif ar PULSE. Cuireann an fhoirm seo sonraí an duine agus an ghrianghraif i gcuntas, mar aon leis an údarás chun an grianghraif a ghlacadh (grianghraif dheonacha san áireamh), an t-oifigeach a d'údaraigh uaslódáil an ghrianghraif ar PULSE agus sonraí an CIO a chuir sonraí an ghrianghraif le PULSE.

Forbraíodh foirm leasaithe, a chuireann an duine ar an eolas go bhfuil ceanglas dlíthiúil ann go nglacfar a méarloirg/bosloirg faoi Alt 28 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984. Anuas air sin, forbraíodh foirm leasaithe a chuireann i gcuntas toiliú duine go nglacfar a méarloirg/bosloirg.]

- Tá gach iarratas ar shonraí glao agus um thrácht ar an idirlíon le húdarú ag an Ard-Cheannfort ar bhonn cás ar chás seachas ar bhonn comhiomlán ag deireadh tréimhse áirithe ama.

[Dheimhnigh an AGS don Fhoireann go ndéantar breithniú ar gach iarratas faoi láthair ar bhonn cás ar chás ag an Ard-Cheannfort.]

- Ba cheart cosc a chur ar ríomhairí pearsanta i leith rochtain USB trí mhainneachtain agus níor cheart rochtain ag tiomántán USB a cheadú ach amháin ar riachtanas gnó cás ar chás.

[Ó tharla an chigireacht, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas gur thug Oibríochtaí TF faoi athbhreithniú ar úsáid tiomántáin USB agus gur mhol siad cosc a chur ar phoirt USB gach cliaint gan ach rochtain a cheadú ach ag tiomántain sheachtracha chriptithe arna n-eisiúint ag an nGarda Síochána. Beidh gá seo a chomhordú le haistriú gach cliaint den Gharda Síochána chun stóráil shlán chomhad a sholáthar do chomhaltaí an Gharda Síochána.

Nuair a chríochnófar aistriú gach úsáideora, measfar go mbeidh an ceanglas le haghaidh tiomántáin USB mar chuid d'athbhreithniú níos fairsinge Slándáil TFC.

- Ba cheart cuntas a socraíodh le haghaidh Gardaí mic léinn nach ndéantar céimithe díobh a scrios seachas a dhíchumasú.
[Freagairt an AGS: is é beartas an AGS chun cuntais a dhíchumasú le haghaidh gach úsáideora ar scor, nó ar éirí as etc. Ní bhíonn rochtain ag mic léinn ar PULSE beo, agus ní thugtar rochtain dóibh ach nuair a bhíonn fianaise á déanamh acu.]
- Ba cheart uimhir theagmhais PULSE a chur i dtaifead i dtaca le gach íoslódáil ó pHiosa scannáin CCTV an Gharda Síochána.
[Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar gach ceist a bhaineann le beartas CCTV an Gharda Síochána].
- Ba cheart leanúint le hiarratais ar íoslódáil píosaí scannáin CCTV a dhéanann an AGS le tríú páirtithe i scríbhinn ag gach tráth.
[Luaigh an AGS go gcuireann siad iarratas ar aghaidh i scríbhinn le haghaidh CCTV nuair a iarrann an tríú páirtí. Faoi láthair, tá socrúithe sonracha i bhfeidhm nuair a bhíonn CCTV á iarraidh ó Institiúidí Airgeadais. Comhlíonann an AGS le hiarratais eile ar aon dul leis na beartais tríú páirtithe.]
- Ba cheart don AGS athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartas chun iarratais a láimhseáil ar rochtain ar pHiosaí scannáin CCTV an AGS a dhéantar faoi Alt 4 de na hAchtanna.
[Ó tharla an chigireacht, thug an AGS le fios go bpróiseálfadh siad iarratais ar CCTV an AGS a fuarthas faoi iarratas ar rochtain de chuid Alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí. Tugann an beartas reatha le fios go “Úsáidfear fístaifeadadh ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaitheacha amháin agus nach scaoilfear iad, in aon chas, le comhlachtaí seachtracha nó le daoine aonair ar mhaithe le húsáid phríobháideach nó shibhialta, ach amháin nuair ar ordú sin tríd an ngnáthphróiseas breithiúnach”.]
- Ba cheart rian iniúchta de láimh a chur i bhfeidhm i gcás gach CCTV a íoslódáiltear ó chórais CCTV an Gharda Síochána.
[Tugann Cód Cleachtais reatha an AGS maidir le híoslódáil CCTV breac-chuntas ar na horduithe a leanas: Cód Cleachtais 6.2 – Ní dhéanfaidh ach comhaltaí an Gharda Síochána, le húdarú ón Oifigeach Áitiúil Ceantair, measúnú ar an áis athbhreithnithe ag gach láthair faoi seach chun úsáid a bhaint as an áis ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar físeáin a thaifeadadh ar an gcóras sin nó ar chóras dá mhacasamhail. Ní mór d’aon chomhalta a úsáideann an áis athbhreithnithe iontráil a dhéanamh i gcáipéisíocht oifigiúil, a mbeidh údarás an Cheannfoirt san áireamh leis.]
- Ar aon dul le hAlt 4.1(i), ba cheart don fhoireann uile a thugann faoina ndualgas sa limistéar monatóireachta CCTV sonraí a iontráil sa Logleabhar Teagmhais CCTV faoi am agus dáta thosú agus chríochnú an dualgais sin.
[Luaigh an AGS go bhfuil siad ag oibriú i gcomhlíonadh Alt 4.1(i) den Chód Cleachtais um CCTV in Áiteanna Poiblí i dtaobh na foirne a thugann faoina ndualgas i limistéir mhonatóireachta CCTV.]
- Moltar go ndéanfar na hacmhainní dóthanacha a thabhairt d’Aonad Grinnfhiosrúcháin an AGS chun déileáil le hiarratais rochtana de chuid ábhair shonraí. Mar eagraíocht, is gá don AGS cultúr comhlíonta a chothú laistigh de gach ceantar an Gharda Síochána i dtaobh an cheanglais reachtúil maidir le hiarratais rochtain a phróiseáil lena chinntiú gur féidir leis an AGS an spriocdháta 40 lá a bhaint amach a bhfuil ceanglas orthu freagairt a thabhairt d’iarratas rochtana.
[Luaigh an AGS go bhfuil aird leanúnach á tabhairt don mholadh seo]

- Ba cheart Aonad tiomnaithe um Chosaint Sonraí a bhunú laistigh den AGS, a bhfuil oifigeach ina cheannas ag a bhfuil caidreamh díreach tuairiscithe le Coimisinéir an Gharda Síochána.
- Moltar go ndéanann an AGS breis idirchaidrimh leis an ODPC maidir le húsáid a bhaint as comhordanáidí GPS nuair a bhíonn pleananna dá n-úsáid tar éis chéim an togra a bhaint amach.
- Molann an ODPC go gcuirtear gach toradh cúirte trí PULSE go leictreonach tríd an CJIP d'fhonn cruinneas na faisnéis a choimeádtar ar PULSE a chinntiú.
- Moltar go bpróiseáiltear gach iarratas rochtana a rinne iarchomhaltaí nó comhaltaí atá ag fónamh i scuaine tiomnaithe go leithleach laistigh den AGS.

1. Cúlra agus Bonn Dlíthiúil don Iniúchadh

An 03 Márta 2011, scríobh an Coimisinéir Cosanta Sonraí (DPC) chuig Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána (AGS) lena thabhairt le fios go gcuirí tús le hiniúchadh ar chosaint sonraí an Gharda Síochána i rith 2012.

Luaitear in Alt 10(1A) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003 an méid a leanas:

“Féadfaidh an Coimisinéir imscrúdú a dhéanamh, nó a chur faoi deara imscrúdú a dhéanamh, amhail a mheasann sé nó sí is cuí d’fhonn comhlíonadh fhorálacha an Achta seo a chinntiú agus chun aon sárú dá gcuid a shainaithint”.

Faoin údarás seo, threoraigh an Coimisinéir gur cheart tabhairt faoi imscrúdú ar an nGarda Síochána d’fhonn go mbeadh sé in ann a dheimhniú don phobal go ndéileáiltear lena sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an nGarda Síochána ar aon dul le ceanglais na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Bhí an Oifig buartha nach raibh siad in ann an deimhniú sin a sholáthar in ainneoin forálacha [Cód Cleachtas](#) a comhaontaíodh idir an Garda Síochána agus an Oifig in 2007. D’aithin an Cód sin go soláthraíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí bonn soiléir don AGS chun sonraí pearsanta a sholáthar maidir le himscrúdú, cosc agus brath a dhéanamh ar choireacht agus go bhfuil díolúine ann i leith ghnéithe an dlí nuair a leantar le sonraí pearsanta a phróiseáil ar mhaithe leis sin.

Ó thús an phlé ar thabhairt faoin iniúchadh, fuarthas comhoibriú iomlán ón AGS. Lean seo ar aghaidh le linn chéim chigireachta ar an suíomh de chuid an iniúchta, nuair a ghlac an AGS le cur chuige trédhearcachta agus oscailteachta iomláine leis an Oifig d’fhonn aon saincheisteanna a shainaithint inar theastaigh feabhsú agus chun aon limistéir den sórt sin a réiteach. Léiríodh an cur chuige seo sa ghníomh a ghlac an AGS i gcúrsa an iniúchta mar fhreagairt ar phointí a thug an Fhoireann Iniúchta chun solais.

2. RÉAMHINIÚCHADH

Chas Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (dá dtagraítear mar an ODPC feasta) leis an nGarda Síochána ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce Dé Céadaoin an 31 Lúnasa 2011 chun plé a dhéanamh ar phleananna chun iniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar an AGS. Chas an dá eagraíocht le chéile arís eile i Samhain 2011 agus sholáthair an AGS don ODPC nuashonruithe cuimsitheacha ar dhul chun cinn maidir le tionscadail bhainistíochta faisnéise agus rialachas sonraí a bhí ar bun san AGS. Lean cruinniú é seo, in Aibreán 2012, nuair a comhaontaíodh go gcuirí tús leis an iniúchadh a luaitear a bheadh acmhainní iniúchta ar fáil laistigh den ODPC.

Ag leanúint ó gach cumarsáid a rinneadh roimhe seo, scríobh an ODPC chuig an nGarda Síochána an 23 Deireadh Fómhair 2012 inar tugadh fógra ar na dátaí a raibh sé beartaithe

acu tabhairt faoi chigireacht tosaigh (an 7-8 Samhain 2012) agus go mbeadh cruinniú réamhniúchta sceidealaithe ina leagfaí amach an clár agus an scóip an 5 Samhain 2012. Roghnaíodh Foireann Chigireachta, ina raibh Gary Davis, an Leas-Choimisinéir, Eunice Delaney, Coimisinéir Cúnta agus Paula Nerney, Oifigeach Sinsearach Comhlíonta. Ba é cuspóir an iniúchta:

A dheimhniú an gcomhlíonann na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an Garda Síochána forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Thug an ODPC le fios do Choimisinéir an Gharda Síochána gurb éard a bheadh sa chur chuige chun gluaiseacht agus bainistíocht sonraí pearsanta a rianú agus a scrúdú ar fud eagraíocht an Gharda Síochána agus chun aon bhearta riachtanacha a shainiú chun déileáil le heasnaímh maidir le láimhseáil sonraí pearsanta. D'aithin an bheirt pháirtithe gur ollmhór scóip an iniúchta roimh ré i dtaobh na mbunachar sonraí a bhí á gcoimeád ag an AGS. Ag féachaint dó seo, rinneadh comhaontú chun limistéir ar leith lena scrúdú a athscagadh agus a shainiú, ar nós taifeadadh teagmhas agus coireanna ar PULSE, rochtain fhéideartha mhíchuí ar PULSE ag comhaltaí an AGS, glacadh agus úsáid méarlorg agus chun scrúdú a dhéanamh ar limistéir a riar an AGS, chomh maith, ar nós CCTV agus ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

Thug an Oifig le fios gur bheartaigh siad chun díriú, i dtosach báire, ar na limistéir a leanas:

- Cúinsí faoina n-iontráiltear faisnéis ar PULSE¹
- Treoirínte/Lámhleabhair a bhí ar fáil do chomhaltaí an AGS a sholáthraíonn soiléireacht ar úsáid PULSE agus iontráil sonraí
- Cailíocht Sonraí/Cruinneas Sonraí atá á gcoimeád ar PULSE, e.g. íospartaigh/daoine a bhfuil amhras orthu/finnéithe a chur i dtaifead
- Cúinsí faoina féidir le comhaltaí an AGS rochtain a fháil ar PULSE
- Nósanna imeachta agus córais chun rochtain an Gharda Síochána ar PULSE a sheiceáil, e.g. Tuarascálacha um Ghníomhaíocht Eisceachtúil, spotseiceálacha fánacha
- Iarratais ar rochtain ag ábhair shonraí ar sonraí atá á gcoimeád fúthu ar PULSE (lenar dhéileáil Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, Durlas)
- Fógraí faoi thorthaí/pianbhreitheanna cúirte agus iad seo a chur i dtaifead ar PULSE
- Sonraí NVDF² ar PULSE (pointí pionóis san áireamh)
- Tiomáint ar luas agus veaineanna monatóireachta luais – próiseáil sonraí thar ceann an AGS
- Sonraí faoi Airm Thine – nasctha le PULSE
- Grianghraif phearsanta a ghlacadh agus a stóráil
- Méarloirg agus an Córas Uathobrithe um Fhaisnéis Mhéarlorg (AFIS)
- Lárionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (Caisleán an Bharraigh)

Cuireadh an AGS ar an eolas go raibh sé beartaithe ag an bhFoireann Iniúchta chun limistéir eile a roghnú laistigh den AGS lena scrúdú de réir mar cuireadh an t-iniúchadh chun cinn agus go ndéanfaí comhaontú ar sceidil ní ba mhionsonraithe de bhun an réamhchruinnithe. Ar a bharr sin, thug an ODPC le tuiscint go raibh sé beartaithe acu tagairt a dhéanamh do chlárú mionsonraithe an AGS leis an ODPC chun lámh chúnta a thabhairt don Fhoireann sa phróiseas pleanála agus iniúchta féin.

Anuas ar chuairteanna ar stáisiúin Ghardaí Cheanncheathrú an Gharda Síochána ar fud na tíre (roghnaíodh Luimneach, an Muileann gCearr agus Domhnach Broc lena scrúdú), thug an Fhoireann faoi chigireachtaí ar Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i nDurlas agus Lárionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (G.I.S.C) i gCaisleán an Bharraigh.

¹ Na Póilíní a úsáideann Córais Cheannais go hÉifeachtach – lárchóras TF an AGS

² An Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaíthe

3. GINEARÁLTA AR AN NGARDA SÍOCHÁNA

LÉARGAS

Tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach as treorú, bainistíocht agus rialú ginearálta an Gharda Síochána. Ceapann an Rialtas an Coimisinéir.

Cé go bhfuil an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Athchóirithe Dlí freagrach don Rialtas maidir le feidhmíocht an Gharda Síochána, is é an Coimisinéir atá freagrach as gnéithe oibríochtúla na heagraíochta ar bhonn laethúil.

I measc chroifheidhmeanna an Gharda Síochána, tá:

- coireacht a bhrath agus í a chosc;
- slándáil na tíre a chinntiú;
- tarlú gortuithe marfacha agus tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú agus feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre;
- oibriú le pobail chun cosc a chur ar iompar frithshóisialta;
- cur chuige idirghníomhaireachta a chur chun cinn maidir le réiteach fadhbanna agus chun cáilíocht fhoriomlán beatha a fheabhsú.

Is éard atá i bhFoireann Bhainistíochta Choimisinéir an Gharda Síochána: Leas-Choimisinéir atá i gceannas ar Oibríochtaí; Leas-Choimisinéir atá i gceannas ar Bhainistíocht Straitéise agus Athraithe; Príomh-Oifigeach Riaracháin (CAO); ochtar Coimisinéirí Cúnta; Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais; Stiúrthóir Feidhmiúcháin Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide; Stiúrthóir Cumarsáide agus Príomh-Oifigeach Leighis.

Ar mhaithe le cuspóirí póilíneachta, tá an tír roinnte i 6 réigiún, agus tá Coimisinéir Cúnta i gceannas ar gach ceann díobh. Is iad na 6 réigiún:

Réigiún Uirbeach Bhaile Átha

Cliath

Réigiún an Tuaiscirt

Réigiún an Iarthair

Réigiún an Oirthir

Réigiún an Deiscirt

Réigiún an Oirdheiscirt

Tá gach réigiún roinnt i rannáin a bhfuil Ard-Cheannfort i gceannas orthu, agus tá gach rannán roinnte, ansin, ina gceantair, a bhfuil Ceannfort i gceannas orthu. Tugtar an tOifigeach Ceantair, chomh maith, ar Cheannfort atá i gceannas ar cheantar. Cabhraíonn líon Cigirí leis/léi. Tá na ceantair roinnte ina bhfocheantair, agus is gnách go mbíonn Sáirsint freagrach astu siúd.

4. PULSE

Córas PULSE – croíardán faisnéise an Gharda Síochána – agus ba é príomhfhócas an iniúchta. Braitheann comhlíonadh AGS na bprionsabal um chosaint sonraí – leordhóthanacht, cruinneas, rochtain agus slándáil go mór ar ailtireacht agus ar úsáid PULSE. Chaith an Fhoireann go leor ama, ar an ábhar sin, le tuiscint a fháil ar chóras PULSE agus aon laigí a shainaithint ó pheirspictíocht um chosaint sonraí.

Príomhcheist atá i gcruinneas na faisnéise ar PULSE ó pheirspictíocht oibríochtúil an Gharda Síochána agus freisin ó pheirspictíocht um chosaint sonraí, mar gheall gur féidir le faisnéis mhícheart maidir le himscrúdú nó toradh cúirte impleachtaí millteacha a imirt ar dhuine aonair. D'fhéadfadh seo tarlú, go háirithe, nuair a dhéantar grinnfhiosrúchán ar dhuine. Agus an bonn nua reachtúil le haghaidh grinnfhiosrúcháin le tosú go luath, leagtar béim fiú níos mó ar chruinneas na faisnéise ar PULSE. Faoi láthair, tugann duine a bhfuil grinnfhiosrúchán á dhéanamh air/uirthi toiliú go nochtfar torthaí cúirte. Ní nochtar “faisnéis bhog”, mar dheia, i.e. torthaí neamhchúirte. Tuigeann an ODPC go bhforálfaidh an tAcht Grinnfhiosrúcháin, ina fhoirm reatha, gur féidir an fhaisnéis sin a nochtadh i gcúinsí áirithe faoi réir cosanta. Mar

gheall go bhfuil PULSE mar fhoinsé lárnach den fhaisnéis uile sin, méadóidh seo an riachtanas le cruinneas ar PULSE. Anuas air sin, ceanglóidh sé go dtugtar aird mhéadaithe d'fhaisnéis neamhchiontaithe ar PULSE.

4.1 Léargas Ginearálta ar PULSE

Ag tosú an iniúchta, chas an Fhoireann le Leas-Choimisinéir an AGS, Jack Nolan, an Cigire, John Jacob, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an TFC, Liam Kidd, an Príomh-Oifigeach, Aeneas Leane, an Príomh-Oifigeach Cúnta, Kieran Downey agus an Ceannfort, Denis Ferry.

Cuireadh an Fhoireann, dá éis sin, in aithne ar fhoireann an Gharda Síochána agus ar an bhfoireann shibhialta ag a bhfuil an fhreagracht agus an taithí ábhartha sna limistéir a bhí faoi chigireacht i gcaitheamh an iniúchta i gCeanncheathrú an Gharda Síochána agus i roinnt láithreacha ar fud na tíre.

I dtaobh TF san AGS, go ginearálta, thug an AGS breac-chuntas air go bhfuil a dTionscadal Aistrithe Chórais Faisnéise an Gharda Síochána, ar cuireadh tús leis roinnt blianta ó shin, fós ar bun. D'éascair **Treoir nua na Ceanncheathrún ar Shlándaíl Faisnéise** (Treoir 118/2009) as athbheithniú 2009 ar chórais TF. Anuas air sin, rinne an AGS tagairt do **Bheartas nua Idirlín agus Ríomhphoist** a eisíodh in Aibreán 2012.

Luaigh an AGS go bhfuil PULSE bunaithe, go bunúsach ar theagmhais agus go bhféadfadh an sreabhadh oibre ó theagmhas eascairt, e.g. d'iontrálfaí ionsaí, dáta an ionsaí, an té a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi, an páirtí díobhálaíthe ar PULSE mar aon le hinsint ar nós **'an ghairm ar feitheamh lena seirbheáil'** nó slabhra insinte ar nós **'teagmhas'-'gairm'-'cúiseamh'-'banna'** tugtha le fios.

Thug an AGS breac-chuntas breise air go mbunaítear stádas reatha teagmhais ar an bhfaisnéis a chuirtear i gcuntas in insint an teagmhais i gcomhar leis an bhfaisnéis a chuirtear i dtaifead laistigh den teagmhas. Deimhnítear faisnéis, chomh maith, ó chatalóg an teagmhais agus a thaifid ghaolmhara. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh i gceist le stádas reatha teagmhais gur eisíodh barántas binse i gcúirt – dheimhneofaí seo bunaithe ar nasc a bheith idir an barántas agus toradh na cúirte atá nasctha leis bileog na gcúiseamh a cruthaíodh ón teagmhas sin do thaifead ar leith an duine sin.

Sholáthair an AGS léargas cuimsitheach don Fhoireann ar PULSE ó pheirspictíocht oibríochtúil agus theicniúil, agus úsáid á baint as an eolas agus an saineolas a bhí ag a bPríomh-Ailtire Córas a thug breac-chuntas ar conas a tógadh PULSE agus conas a d'oibrigh sé. Anuas air sin, ghabh ionchur leis seo ó speisialtóirí slándála laistigh de Rannóg TF an Gharda Síochána mar aon le taispeántas praiticiúil ar conas a oibríonn PULSE féin i gcleachtas idir iontráil sonraí agus cuardaigh shonraí agus bailiú faisnéise.

Dheimhnigh an Fhoireann Iniúchta go gcoimeádtar míreanna, ar nós ráitis a rinne daoine aonair de láimh i gcomhaid imscrúdaithe a choimeádtar i stáisiúin Ghardaí agus nach mbeadh fáil orthu ó PULSE ach go bhféadfaí nó nach bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh mar chuid de thuairisc theagmhais ar an gcóras. Anuas air sin, i gcás cáipéisíochta ar nós don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) a chuimsítear laistigh de chomhad imscrúduithe, thug an AGS soiléiriú gur cháipéisíocht aonuaire a bhí iontu agus go raibh seo ar leith ó na sonraí maidir leis na teagmhais chéanna a choimeádtar ar PULSE.

I dtaobh bunachair shonraí riaracháin, úsáideann an Garda Síochána córas rianaithe comhfhreagrais don chomhfhreagras uile laistigh agus lasmuigh den eagraíocht – TAIFEAD – nach bhfuil nasctha le PULSE. Shoiléirigh an AGS go raibh uirlis um thagairt riaracháin chomhdaithe ar RECORD a chur ar chumas stáisiún laistigh de na ceantair chun rochtain a fháil ar chomhaduimhreacha agus chun comhaid iarbhír a iarraidh, ar an ábhar sin. Ní féidir logáil isteach i gceantar, áfach, ar nós Chill Airne ó cheantar eile agus comhad a rianú. Sa chás go bhfágann comhaid ceantair, déantar é a mharcáil ar an gcóras agus leantar leis an bpróiseas a bhaineann leis an gcomhad a rianú arís sa cheantar nua. Thug an AGS breac-chuntas air don Fhoireann go ndéantar aistriú comhad laistigh agus lasmuigh de na ceantair

go fisiciúil gan aon scanadh a dhéanamh ar chomhaid agus gan aon bhunachar sonraí lárnach ónar féidir comhaid a rochtain. Dheimhnigh an AGS go bhfuil córas RECORD líonraithe. Níl aon chóras lárnach riaracháin in úsáid, áfach, ar fud an fhórsa agus úsáideann comhaltaí, ina ionad sin, tiomántáin áitiúla chun cáipéisí comhfhreagrais a chruthú. Ó pheirspictíocht um chosaint sonraí, cruthaíonn a leithéid de chur chuige an fhéidearthacht chun comhfhreagras agus taifid riaracháin a fhágáil ar theirminéil ag deireadh a saolré ach is féidir an bhacainn seo a shárú mar gheall go bhfuil ag na Gardaí beartas agus cleachtas tréan millte TF. Ar go leor bealaí, cé go bhféadfadh an easpa córas lárnach riaracháin chun taifid leictreonacha a chruthú agus a bhainistiú i rialaitheoir mór sonraí ar nós an Gharda Síochána, bheith ina hábhar iontais, ní mór a chur san áireamh go ndíríonn an eagraíocht go mórmhór ar thaifid de láimh a ghlacadh go fóill, i dtaobh tabhairt faoi imscrúdaithe etc.

Mar shampla, déantar comhaid a sheoltar chuig an DPP³ a fhótachóipeáil, agus seoltar an bhunchóip chuig an DPP agus coimeádtar comhad sa stáisiún, lena gceanglaítear cóip de threoracha an DPP, nuair a fhaightear iad. Baineann a mhacasamhail de shuíomh nuair a bhíonn comhaid á n-aistriú chuig an atur nae ábhartha stáit.

D'aithin an AGS, cé go bhfuil córais ríomhphoist PULSE agus an Gharda Síochána líonraithe, níl aon chóras lárnach bainistithe cáipéise ann chun déileáil le comhaid imscrúdaithe agus le gach comhfhreagras rialta eile. Luaigh an AGS go bhfuil sé beartaithe acu a gcóras iomlán a líonrú, áfach, mar gheall ar shrianta reatha airgeadais, go bunúsach, ní tharlóidh seo sa ghearrthearma.

4.2 Taispeántas PULSE

I gcaitheamh na cigireachta i gCéanncheathrú an Gharda Síochána, soláthraíodh don Fhoireann dhá thaispeántas phraiticiúla ar chóras beo PULSE, a chuimsigh an comhéadan féin, na roghchláir agus na roghanna éagsúla agus an bealach a d'fhéadfaí an córas a cheistiú.

Bhain ríthábhacht le rochtain ar chóras PULSE d'fhonn ligean don fhoireann chigireachta tabhairt faoi chuardaigh agus amhairc shonracha shamplacha ar PULSE d'fhonn saghas agus méid na sonraí a dheimhniú a choimeádtar i réimsí agus taifid áirithe.

4.3 Catagóiriú Sonraí ar PULSE⁴

Úsáidtear córas PULSE chun teagmhais agus tuairiscí faisnéise a thaifeadadh. Tá an córas in ainm is ligean d'úsáideoirí chun an teagmhas a rianú go cruinn ó phointe tosaigh a thaifeadta go dtí sonraí an imscrúdaithe dá éis sin, ar nós torthaí cúirte etc.

³ An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí

⁴ Rinneadh breis scrúdú ar an tsaincheist i gcomhthéacs na cigireachta ar Aonad Grinnfhiosrúcháin an AGS – féach Alt 12

Is féidir rochtain a fháil ar theagmhais iomadúla a bhaineann le duine amháin trí thabhairt faoi chuardach ar PULSE ar an duine sin, chun pictiúr iomlán a chruthú dá n-idirghníomhartha leis na Gardaí. Is léir gur tábhachtach seo chun cabhrú in imscrúdú na coireachta, ach is léir, ó pheirspictíocht um chosaint sonraí, go bhfuil an ceanglas ann go mbíonn an fhaisnéis uile a chuirtear i dtaifead cruinn agus cothrom le dáta agus nach n-úsáidtear é ach chun na críocha sin.

Catagóirí Teagmhais

Sholáthair an AGS liosta de na catagóirí éagsúla teagmhas don Fhoireann a d'fhéadfaí a tháifeadh ar PULSE. Leagtar na catagóirí seo agus na hamfhrámaí a bhaineann leo seo a chur i dtaifead amach i dTábla 1.

Tábla 1

Teagmhais le Cur i dTaifead	Laistigh den Seal Dualgais	Laistigh de 24 Uair	Sula dTosaítear Imeachtaí
Coireanna	X		
Cionta Drugaí	X		
Gabháil faoi Alt 30	X		
Cuardaigh – Alt 23 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977/84		X	
Cionta den Acht um Ord Poiblí (gach ceann)	X		
Cionta de na hAchtanna um Fhoréigean Baile	X		
Cionta de na hAchtanna na nArm Tine	X		
Daoine ar Iarraidh	X		
Bás Amhrasach	X		
Básanna Tobanna		X	
Maoin	X		
Timpistí Tráchtá – Gortú Marfach nó Pearsanta	X		
Timpistí Tráchtá – Díobháil Ábhartha		X	
Cionta um Thiomáint ar Meisce	X		
Cionta um Thiomáint Chontúirteach (gabháil amháin)	X		
UTanna agus Feithiclí a Tharrtháil	X		
Feithiclí faoi Alt 41	X		
Cionta Achomair Tráchtá			X
Cionta Ceadúnaithe Deochanna			X
Cionta um Thrádáil Sráide			X
Cionta Ilghnéitheacha Eile			X

Catagóirí Duine

Laistigh den chatagóir 'Duine' ar PULSE, féadtar an réimse Ról a leanas a shannadh do dhuine:

- Duine a Aimsíodh (Níl fáil air seo a thuilleadh – Feidhmiúlacht Fheabhsaithe Daoine ar Iarraidh)
- Fógraíocht FSS a bhaineann le
- Páirtí Díobháilithe
- Duine ar Iarraidh
- Ceistithe maidir le
- Tuairiscithe ag
- Cuardaithe
- Lorgtha maidir le

- Té a bhfuil Amhras faoi/fúithi (Níl fáil air seo lena roghnú i dTeagmhais Neamhchoireachta)
- Ciontóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi (Níl fáil air seo lena roghnú i dTeagmhais Neamhchoireachta)
- Finnéithe

Shoiléirigh an AGS gur féidir le duine breis agus ‘ról’ amháin a bheith acu i dteagmhais. Is gnách go mbíonn ról ‘Arna Thuairisciú Ag’ agus ‘Páirtí Díobháilithe’ ag duine laistigh den teagmhais céanna ar PULSE. Anuas air sin, d’fhéadfadh go mbeadh ról ‘Ceistithe maidir le’ ag duine agus go gcuirí ról breise ‘Ciontóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi’ leis ag céim níos déanaí de réir mar a chuirtear an teagmhais/an t-imscrúdú chun cinn.

Mar gheall gur saincheist thábhachtach um chosaint sonraí catagóiríú sonraí i dtaobh cruinneas sonraí, d’fhiosraigh an Fhoireann saincheistanna a bhain le roinnt de na catagóirí agus ról teagmhais.

“Gafa”/“Coinnithe”

D’fhiosraigh an Fhoireann maidir le cibé acu an raibh nó nach raibh idirdhealú idir duine atá “gafa” nó “coinnithe” agus shoiléirigh an AGS don Fhoireann nach ann d’aon difríocht. Mhínigh an AGS gur beartas an Gharda Síochána é a chinntiú, sa chás go ngabhtar nó go gcoinnítear daoine i Stáisiún Gardaí, go gcruthaítear taifead agus go gcoimeádtar é ar PULSE.⁵ I gcásanna ina gcoinnítear duine in áit phoiblí (e.g. ar mhaithe le cuardach a dhéanamh faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí), ach nach dtugtar iad chuig stáisiún Gardaí ina dhiaidh sin, tá sé mar bheartas an Gharda Síochána a chinntiú go dtaifeadtar sonraí an teagmhais dá éis sin ar PULSE. I gcaitheamh na cigireachta sa Mhuileann gCearr, shoiléirigh AGS an Mhuilinn gCearr go gcuirtear gach cuardach fisiciúil a dhéantar ar dhuine ar PULSE.

“Ciontóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi”

Tháinig saincheist chatagóirithe an ‘chiontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’ chun solais i dtosach báire maidir le mionaoisigh ar eisíodh rabhadh dóibh⁶ ach atá rangaithe go fóill mar ‘chiontóirí a bhfuil amhras orthu’ ar PULSE. Dheimhnigh an AGS gurb é seo an rangú céanna le rangú mionaoiseach ar cúisíodh agus ar ciontaíodh iad agus d’fhanfaidís marcáilte amhail ‘ciontóirí a bhfuil amhras orthu’.

D’iarr an Fhoireann ar shoiléiríú maidir leis an gcatagóir ‘ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’. Thug an AGS an soiléiríú don Fhoireann sa chás go gcuirtear ‘Duine’ i gcontas ar PULSE maidir le teagmhais, roghnófar ‘ról’ oiriúnach ón liosta réamhshainithe de Róil Daoine le haghaidh teagmhais (e.g. roghnófaí “Ciontóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi” do thaifead duine a raibh an AGS in amhras faoi/fúithi go ndearna sé/sí an cion agus sa chás go raibh dóthain fianaise inghlactha ann le húdar a thabhairt leis an teagmhais a chur i dtaifead amhail bheith braite agus go ndearna an duine sin an cion).

Ar lá cigireachta stáisiún Gardaí Dhomhnach Broc, thug an AGS an soiléiríú don Fhoireann, chun bileog na gcúiseamh a chruthú nó gairm a eisiúint, ní mór duine aonair a rangú ar PULSE mar ‘ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’. Seachas sin, ní féidir leis an AGS leanúint ar aghaidh agus bileog na gcúiseamh a chruthú. Leag an AGS béim air, le linn plé a dhéanamh ar an rangú seo, ina dhiaidh sin, go mbaineann ríthábhacht leis go sanntar an ról ‘ciontóir a

⁵ Thug an AGS le fios go soláthraíonn Treoir na Ceanncheathrún 11/2003 agus sliocht ó Nósanna Imeachta agus Freagrachtaí Lámhleabhar PULSE, an Dara hEagrán, 2001 breis sonraí ar na nósanna imeachta i gcás daoine a gabhadh agus a coinníodh.

⁶ Shoiléirigh an AGS, anuas air sin, sa chás gur déileáladh le mionaoiseach trí ‘Rabhad’ faoin gClár Athstíurtha Ógánach, cuirtear i dtaifead ‘Stádas Braite an Chiontóir a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi’ don teagmhais sin, mar ‘JLO - Rabhadh’. Sa chás nach ndéantar rabhadh a chur ar tairiscint do mhionaoiseach nó go ndiúltaíonn sé/sí rabhadh a bheith curtha ar tairiscint agus go gcúisítear é/í agus go gciontaítear é/í ina dhiaidh sin, cuirtear i dtaifead ‘Stádas Braite an Chiontóir a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi’ amhail ‘Críochnaithe’.

bhfuil amhras faoi/fúithi' do 'Dhuine' nuair a braitheadh timpiste. D'fhiosraigh an Fhoireann cén fáth nach bhféadfaí duine a rangú le ról 'duine a bhfuil amhras faoi/fúithi' nuair a bheadh an duine sin á chúiseamh agus ba í an fhreagairt a bhí ag an AGS go mbraitheann an phríomhdhifríocht idir cibé acu an gcuirtear duine i gcuntas mar 'Dhuine a bhfuil amhras faoi/fúithi' nó 'Ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' ar cibé acu ar marcáladh nó nár marcáladh an teagmhas amhail bheith braite. Dheimhnigh an Fhoireann, má mharcáiltear teagmhas amhail 'braite', ciallaíonn seo go measann an AGS go bhfuil dóthain fianaise inghlactha ann le húdar a thabhairt leis an teagmhas a chur i dtaifead amhail bheith 'braite' agus amhail bheith déanta ag an duine sin. Luaigh an AGS, athuair, nach féidir cúiseamh/cúisimh a leagan nó gairm a eisiúint má shanntar ról 'an chiontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi'.

Thug an ODPC ceist dhé-úsáid na gcatagóirí "ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' agus "gairm eisithe" chun solais. Thug an AGS an soiléiriú a leanas, mar fhreagairt, go dtabharfaidh stádas an iarratais ar ghairm ar PULSE le fios cibé acu ar eisíodh an ghairm nó nár eisíodh. Ar mhaithe le hiarratais ar ghairm a chruthú, ní mór an teagmhas a mharcáil amhail bheith braite agus ní mór ról duine 'Ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' a roghnú.

Luaigh an AGS, mura gciontaítear an 'Ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' i leith an chiona choiriúil, ina dhiaidh sin, féadtar ról an duine laistigh den teagmhas sin mar aon le stádas braite an teagmhais a athrú lena thabhairt le fios nach ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi atá sa duine aonair a thuilleadh sa chás, e.g. toradh cúirte ina ndéantar an duine a éigíontú. Má chreid an AGS gur ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi a bhí sa duine go fóill, áfach, agus murar éirigh leis an gcás cúirte mar gheall nach raibh dóthain fianaise ann, d'fhanfadh ról 'ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' ar PULSE. Shoiléirigh an AGS, má dhíscríobhtar cás sa chúirt, fanfaidh an duine aonair atá i gceist rangaithe mar 'ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' go fóill. D'fhiosraigh an Fhoireann cén "stádas braite" a d'iontrálfá sa chás go ndíscríobhfaí cás. Shoiléirigh an AGS, ar chríochnú cás cúirte, go marcálfar 'Stádas Braite' an chiontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi don teagmhas sin, mar 'Críochnaithe'. Léireoidh an toradh cúirte atá nasctha leis an gciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi toradh an cháis chúirte don chion ar leith sin.

"Finné"

Mhínigh AGS an Mhuilinn gCearr don Fhoireann, gur féidir taifead duine a athrú chuig "Finné" i gcás duine a rangáítear i dtosach iad laistigh de PULSE mar 'duine a bhfuil amhras faoi/fúithi', ach go nglantar iad d'aon éagóir ar deireadh. Ar an gcuma chéanna, is féidir taifead duine a athrú chuig "Finné" i gcás duine a rangáítear i dtosach iad laistigh de PULSE mar 'ciontóir duine a bhfuil amhras faoi/fúithi', ach go nglantar iad d'aon éagóir ar deireadh. D'fhéach an Fhoireann ar fhianaise den bheartas seo i gcleachtas nuair a bhí taifead coimeáda duine aonair á scrúdú acu a gabhadh mar gheall ar thiomáint ar meisce agus ar sannadh an ról 'ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' ar an duine seo mar gheall, sa chás seo, bhraith an AGS an teagmhas nuair a stop siad agus nuair a thug siad ar an tiománaí séideadh isteach san anáileadán. Ina dhiaidh sin, sa stáisiún, ba léir go raibh sampla an tiománaí, mar a tharla, faoi bhun na teorann dlíthiúla. Sa chás seo, athraíodh catagóiríú an tiománaí chuig 'finné'.

Le linn na cigireachta ar AGS an Mhuilinn gCearr, tugadh le fios don Fhoireann, má gabhadh duine faoi Alt 12 den Acht Meabhair-Shláinte, d'iontrálfá iad mar 'finné' ar PULSE chomh maith. Tharla plé maidir leis seo, ina dhiaidh sin, idir an Fhoireann agus AGS Dhomhnach Broc. Thug an Fhoireann catagóiríú duine a bhí á c(h)oinneáil faoin Acht Meabhair-Shláinte mar 'finné' ar PULSE faoi deara, ach ar lá cigireachta Dhomhnach Broc, thug an Fhoireann catagóir teagmhais – '**duine**' faoi deara. Rinne an Fhoireann tagairt do Lámhleabhar PULSE a léirigh líon cásanna a bhain leis an gcatagóir seo.

"Míthapa Duine"

Corp marbh – cion ar bith nochta
Dífhibrileoir
Timpiste thionsclaíoch (marfach)

Timpiste thionsclaíoch (neamh-mharfach)
An tAcht Meabhair-Shláinte (coinnithe faoi)
Duine ar iarraidh ardriosca (catagóir a roimhe seo)
Duine ar iarraidh meánriosca (catagóir b roimhe seo)
Duine ar iarraidh ísealriosca (catagóir c roimhe seo)
Duine ar iarraidh aimsithe (ní teagmhas ar PULSE a thuilleadh seo – teagmhais stairiúla amháin)
Bás tobann
Féinmharú
Féinmharú (iarracht amháin)
Duine gan aithint (beo)
Duine gan aithint (marbh)

“Ceistithe maidir le”

Amhail a míníodh roimhe seo, thug an AGS soiléiriú, anuas air sin, gur féidir le duine breis agus ról amháin a bheith acu i dteagmhas, e.g. is féidir go mbeadh ról ‘Ceistithe maidir le’ ag duine agus go gcuirí ról breise ‘Ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’ leis ag tráth níos déanaí de réir mar a chuirtear an teagmhas/an t-imscrúdú chun cinn.

Chomh maith leis sin, rinne AGS Dhomhnach Broc cur síos ar chás ina stophtar feithicil agus ina ndéantar í a chuardach agus ina n-aimsítear drugaí san fheithicil. D’fhéadfaí na daoine a bhí san fheithicil a mharcáil ar PULSE i dtosach báire mar ‘ciontóir(i) a bhfuil amhras faoi/fúithi/fúthu’ ach murar aimsíodh aon drugaí ag an duine/na daoine, d’athrófaí an chatagóir seo ar PULSE go dtí ‘cuardaithe’.

D’fhiosraigh an Fhoireann cibé acu an mbeadh catagóirí Q.I.R.T.O roimhe seo infheicthe i limistéar ‘Stair’ PULSE, a bhailíonn agus a chomhdaíonn an téacs go léir a iontráladh ag gach céim den taifead agus gach leasú/athchatagóirí dá éis sin. Mhínigh an AGS, mar fhreagairt, go gcuirfidh an fheidhmiúlacht ‘Stair’ ar theagmhas PULSE an fhaisnéis go léir a chomhdaítear i réimse na hinste **amháin** a chur i dtaifead agus a shábháil. **Ní** dhéanann an fheidhmiúlacht ‘Stair’ aon leasuithe ar ról an duine i dtáb an Duine a chur i dtaifead.

Sholáthair an AGS sampla eile d’athleanúint maidir le rangú ar PULSE don Fhoireann sa chás go bhfuair duine muinteartha gluaisteán ar iasacht ar ceapadh i dtosach báire gur goideadh é. Mhínigh an AGS go gcuirfeadh feithicil a tuairiscíodh amhail bheith ‘Goidte/Tógtha’ ar PULSE le ról ‘Tógáil Neamhúdaraithé’. Sa chás faoi chaibidil, nuair ba dhealraitheach nár tógadh an fheithicil, d’fhanfadh an teagmhas ar PULSE, ach dhéanfaí é a nuashonrú lena chinntiú go mbainfí an stádas feithicil ‘Tógáil Neamhúdaraithé’ agus go ndéanfaí taifead ghoid na feithicil ‘neamhbhailíochtaithe’ lena chinntiú nach láimhseálfaí an teagmhas mar choir.

Rinne an Fhoireann scrúdú, dá éis sin, ar an bpróiseas neamhbhailíochtaithe go mionsonraithe le linn a gcigireachta ar an GISC⁷ i gCaisleán an Bharraigh. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur féidir le hathbheithneoir an GISC taifead a ‘neamhbhailíochtú’, ach bunaithe ar threoir chomhalta amháin. Shoiléirigh an GISC go bhfanann taifid neamhbhailíochtaithe ar PULSE ach go marcáiltear iad go soiléir mar thaifid neamhbhailíochtaithe agus go dtugtar an t-údar lenar neamhbhailíoctaíodh an taifead. Léirigh an GISC don Fhoireann, chomh maith, conas a léiríonn PULSE stair iomlán na n-insintí ar PULSE, insintí a dhíscríobhtar nuair a bhailíoctaítear taifead chomh maith.

Scrúdaigh an Fhoireann sampla spésiúil de thaifead inar iarr comhalta go marcálfar taifead amhail neamhbhailí i Nollaig 2012. Bhain an cás seo le líomhain gur baineadh earraí leictreacha tí ó theach a rinne banc a athshealbhú. Thuairiscigh an banc é seo don AGS in 2009. Mhínigh an GISC gur tháinig sé chun solais, ina dhiaidh sin, go raibh áititheoir an tí i dteideal na hearraí a bhaint. Léirigh an GISC conas nár mharcáil an comhalta, i dtosach

⁷ Ionad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána

báire, an duine aonair a cúisíodh mar 'ciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi'. Thug an Fhoireann faoi deara nach raibh ach ainm agus seoladh an duine aonair amháin san insint. Luaigh an GISC/an AGS seo mar shampla de dhea-chleachtas, agus aird ar an íogaireacht agus ar an méid teagmhas den sórt sin a dtagtar orthu le déanaí agus ar an dóchúlacht nach ndearna an duine aonair aon rud in aghaidh an dlí.

Ar lá cigireachta AGS an Mhuilinn gCearr, thug an Fhoireann mír faoi deara ar PULSE dar teideal '**Comhordanáidí GPS**' – agus cuireadh ar an eolas iad go gcuirtear na comhordanáidí geografacha i dtaifead bunaithe ar láthair an teagmhais agus go n-úsáideann an tAonad Anailíse iad i mBeartas Coireachta, an AGS, chun anailís a dhéanamh ar staitisticí coireachta agus go n-úsáideann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre iad chomh maith. Ní ba dhéanaí, i gcaitheamh chigireacht an GISC i gCaisleán an Bharraigh, thagair an GISC don tábhacht a bhaineann le comhordanáidí GPS a iontráil nuair a bhíonn teagmhais á gcur i dtaifead ar PULSE. Anuas air sin, thagair an GISC do phleananna amach anseo laistigh den AGS chun comhordanáidí a úsáid ar bhealach i bhfad níos cruinne, ar nós leibhéal na maoinne aonair.

Moltar go ndéanann an AGS breis idirchaidrimh leis an ODPC maidir le húsáid a bhaint as comhordanáidí GPS nuair a bhíonn pleananna dá n-úsáid tar éis chéim an togra a bhaint amach.

“Aird agus Gearáin”

D'fhiosraigh an Fhoireann, i gcaitheamh chigireacht an Mhuilinn gCearr, an chatagóir '**Aird agus Gearáin**' ar PULSE chomh maith. Mhínigh an AGS, go stairiúil, gur choimeád an AGS leabhar cruachóipe de 'Tarluithe'. Sa dá chás, mhaígh an AGS gur ghnách go raibh aon rud a chur i dtaifead a d'fhéadfadh bheith áisiúil faoin gcatagóir '**Aird agus Gearáin**' ina chabhair mhór dóibh. Luaigh an AGS sampla inar ghlaoigh bean ar stáisiún Gardaí lena rá gur chuala sí trí phléasc ghlóracha ach nach raibh sí cinnte arbh urchair ghunna iad nó nach raibh. Thug an AGS le fios go gcuirí seo i dtaifead mar aon le hainm an ghlaoteora ar mhaithe lena thagairt amach anseo dá dtiocfadh aon teagmhas dá mhacasamhail chun airde an AGS ina leith seo.

4.4 Faisnéis ar PULSE agus Oifigigh um Fhaisnéis Choiriúla

Dheimhnigh an Fhoireann Iniúchta nach n-úsáidtear PULSE amháin chun coireanna nó cionta a chur i dtaifead. Úsáidtear córas PULSE chun gach 'teagmhas' a chur i dtaifead a thagann chun airde an AGS, lena n-áirítear tuairiscí rialta faisnéise.

Soláthraíodh sampla den ról is féidir le faisnéis rialta a imirt chun cabhrú leis an AGS don Fhoireann Iniúchta nuair a bhíothas ag amharc ar thaifead ar PULSE ar fhear ar eisíodh dhá rabhadh fhoirmiúla dó agus é ina mhionaoiseach. Bhí 54 píosa faisnéise i dtaifead an fhir – is éard a bhí i gceann amháin díobh ná gur stop an AGS a ghluaisteán an mhaidin áirithe seo ag 6.10am agus gur aimsíodh gearrthóir boltaí i gcúl an bhúit. Níor iontráladh seo mar 'teagmhas' ar PULSE mar gheall gur dheimhnigh an AGS nach raibh aon chuspóirí coiriúla aige ag an bpointe áirithe sin ama. Bhain an fhaisnéis, áfach, maidir leis an gcaoi go raibh gearrthóir boltaí ina bhúit le hábhar, agus iontráladh í ar PULSE.

I dtaobh iontrálacha fianaisebhunaithe ar PULSE, seachas teagmhais, thug an AGS le fios go seoltar na tuairiscí den saghas seo, faoi láthair, chuig oifigigh um fhaisnéis choiriúil (CIOanna) a oibríonn laistigh de gach ceantar Gardaí a dhéanann athbhreithniú agus a leanann lena n-ionchur a fhaomhadh má mheastar gur tuairiscí faisnéise iad a oireann do PULSE.

Chas an Fhoireann le hoifigigh um fhaisnéis choiriúil PULSE le haghaidh AGS an Mhuilinn gCearr agus Dhomhnach Broc a mhínigh gurb iad comhaltaí an Gharda Síochána a chruthaíonn faisnéis ar PULSE agus gurbh iad na CIOanna a dhéanann athbhreithniú ar an bhfaisnéis seo, seachas faisnéis a bheith á cruthú ag na CIOanna iad féin.

Mhínigh an CIO in AGS Dhomhnach Broc don Fhoireann nach ndéanann siad athbhreithniú ar 'theagmhais' a iontrálann comhaltaí ar PULSE maidir le cáilíocht sonraí etc. agus athluadh nach ndéanann CIOanna ach athbhreithniú ar 'fhaisnéis' a iontráiltear ar PULSE. I dtaobh ról athbhreithnithe CIOanna, thug an CIO le fios go ndéanfadh sí athbhreithniú ar an bhfaisnéis uile a cruthaíodh féachaint lena cáilíocht agus iomláine a chinntiú sula ndéanfaí í a fhaomhadh/a bhaint. Mhínigh an CIO gurb é ról na CIOanna gan faisnéis a bhailíochtú/a neamhbhailíochtú ach chun oibriú le comhaltaí agus chun na comhaltaí a cheistiú níos chun faisnéis níos fiúntaí agus níos cruinne a dhéanamh de gach píosa faisnéise atá á chruthú. Dheimhnigh an CIO go bhféadfadh sí faisnéis a neamhbhailíochtú dá measadh go raibh gá leis.

Dheimhnigh an CIO in AGS Dhomhnach Broc don Fhoireann gur féidir le CIOanna rabhaidh, ceangail agus leas a chlárú i ndaoine, feithiclí etc. a chruthú, ach luaigh an CIO i stáisiún Dhomhnach Broc, i gcleachtas, nár 'chláraigh sí leas' (féach 4.4.2 thíos).

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann nach bhfuil taifid faisnéise ar PULSE faoi réir teorainneacha ama. Shoiléirigh an CIO i stáisiún an Mhuilinn gCearr don Fhoireann go bhféadfadh go mbeadh uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis atá á cruthú maidir le cion gnéasach, ach go mbeadh sí in ann a fheiceáil cé a bhí sa chiontóir líomhnaithe.

Shoiléirigh an AGS go bhfuil 'Rabhaidh' a cruthaíodh ar PULSE faoi réir teorainneacha ama.

Tá an ODPC ar an airdeall go mbaineann ríthábhacht le bailiú rialta faisnéis don AGS maidir le tabhairt faoina bhfeidhm phóilíneachta. Nílímíd ag cur in aghaidh ról an AGS maidir le breathnú ar gach teagmhas agus amharc agus iad a chur i dtaifead a mheastar ar fiú iad a thabhairt faoi deara ar PULSE. Aithnímid go bhféadfadh nach mbeadh déanamh coire i gceist le gach ceann de na hamhairc a chur i dtaifead sin nó nach n-eascródh a bhrath as, ach go bhféadfadh go mbeadh an AGS in ann iad a úsáid chun cás a chruthú i leith gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí daoine aonair le himeacht ama. I dtaobh athbhreithniú, coinneáil agus diúscairt faisnéise a choinnítear ar PULSE, measann an ODPC gur cheart don AGS, maidir le coinneáil roinnt catagóirí d'fhaisnéis a choinneáil, i gcomhar leis an ODPC, scrúdú a dhéanamh ar bheartas an AGS.

Tuigeann an ODPC gur forbraíodh creatlach sa RA agus go bhfuil breac-chuntas uirthi in '**Treoir maidir le Bainistíocht Faisnéis Phóilíneachta**' ('Guidance on the Management of Police Information') ar chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Fheabhsú Póilíneachta (2ra hEag. 2010) i dtoll a chéile. Tugann an ODPC an tagairt faoi deara laistigh den treoir seo d'oibriú 'tréimhsí soiléire' ina socraítear tréimhse choinneála le haghaidh taifid faisnéise a dhéantar na taifid ábhartha a athbhreithniú ag deireadh na tréimhse agus ina ndéantar iad a scrios nó a choinneáil ar feadh tréimhse bhreise, a mbeidh siad faoi réir athbhreithniú arís eile, ina dhiaidh sin.

4.4.1 Rabhaidh

Mhínigh an AGS go n-úsáidtear rabhadh ar PULSE chun rud éigin a mharcáil, e.g. barántas do ghabháil duine éigin nó duine éigin a theastaíonn lena c(h)eistiú, duine éigin ar tugadh faoi deara go mbíonn siad ionsaitheach, nó duine a bhfuil ordú urchoisc ina leith ó mhaoin a iontráil, ar nós iartheach an teaghlaigh.

D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu ar eisigh nó nár eisigh an AGS aon treoir maidir le rabhaidh a bheith á n-iontráil ar PULSE maidir lena n-ábharthacht agus thagair an AGS do **Nósanna Imeachta agus Freagrachtaí Lámhleabhar Úsáideora PULSE, an 2ra hEagrán**. Luaigh an AGS go soláthraíonn na Nósanna Imeachta Lámhleabhar Úsáideora seo treoir do chomhaltaí chun rabhaidh a chruthú ar PULSE.

Mhínigh an AGS don Fhoireann go bhféadfaidh comhaltaí an Gharda Síochána rabhadh a chruthú ar aon mhír leasa atá nasctha le taifead coiriúil. Ní bheidh an rabhadh seo bailí ach ar feadh tréimhse 120 uair an chloig (méadaíodh fad an rabhaidh, le déanaí, ó 4 go dtí 5 lá mar gheall ar athruithe ar Uainchláir an Gharda Síochána). Féadfaidh an Comhalta den Gharda Síochána iarraidh ar an Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil (CIO) chun fad rabhaidh a shíneadh. Go síneofaí rabhadh, déanfaidh comhalta an Gharda Síochána teagmháil lena CIO áitiúil agus déanfaidh siad an t-ábhar a phlé agus d'fhéadfadh go síneofaí é ar feadh tréimhse a fhad le mí amháin. Féadfaidh an tOifigeach Ceantair leanúint rabhaidh a údarú ar feadh tréimhse trí mhí.

Shoiléirigh an AGS, má bhaineann 'rabhadh' le hord um fhoréigean baile, fanfaidh an rabhadh ar an gcóras ar feadh a fhad agus a mhaireann an t-ord.

I dtaobh rabhadh, mhínigh an CIO in AGS an Mhuilinn gCearr nach gcruthódh sí, go ginearálta, rabhadh 'phearsanta' ach go gcruthódh sí rabhadh ar fheithiclí. Shoiléirigh an AGS go bhféadfadh CIO rabhadh a chruthú ar aon díol spéise (feithicil, daoine, earraí, eagraíochtaí) atá nasctha le taifead faisnéise ar feadh na tréimhse a mheastar is cuí. Anuas air sin, tá áis ann ar Thairseach an Gharda Síochána do CIOanna chun Feasacháin Faisnéise a fhoilsiú a bhaineann lena gceantar áitiúil.

D'amharc an Fhoireann ar líon rabhadh ar an tairseach a bhí i gceantar áitiúil an Mhuilinn gCearr.

4.4.2 “Leas Cláraithe”

Mhínigh an AGS gurb iad CIOanna, is mó, a úsáideann an córas um Leas Cláraithe, ach go bhfuil fáil air ag gach comhalta, ar iarraidh sin, trína gCeannfort agus ar fhaomhadh Leas-Cheannfort/Ard-Cheannfort Slándála agus Faisnéise. Is é cuspóir an chórais um “Leas Cláraithe” chun cabhrú le comhaltaí in imscrúdú a dhéanamh ar choir agus i mbailiú faisnéise.

Ligeann an córas do chomhaltaí chun a leas a thaifeadadh ar PULSE i 'Mír Leasa' (IOI), i.e., duine, feithicil, earra, láthair, eagraíocht agus/nó teagmhas. Tar éis leas a chlárú ar mhír ar leith, cuirfeadh an comhalta ar an eolas, trí theachtaireacht ar an scáileán, faoi aon ghníomhaíocht nuashonraithe a bhaineann le mír inar chláraigh sé/sí leas. Féadfaidh an comhalta an mhír ar leith a sheiceáil chun saghas na gníomhaíochta a fheiceáil a tharla. Luaigh an AGS go leagtar teorainn ar chomhaltaí chun ach dhá leas déag chláraithe a bheith acu ag aon am amháin.

Luaigh an AGS go gcruthódh gach CIO atá suite i gceantair an Gharda Síochána ar fud na tíre, go ginearálta, leas cláraithe in PULSE agus go gcuirfidís i dtaifead iad ann.

Dheimhnigh an AGS go gceadaítear do gach CIO chun rochtain a fháil ar leas cláraithe.

Léirigh an CIO i stáisiún an Mhuilinn gCearr conas a dhéanfadh sí 'leas a chlárú' i bpíosaí áirithe faisnéise, mar shampla, de bhun rabhadh feithicle. Chuirfí an fheithicil seo i dtaifead, ina dhiaidh sin, in PULSE mar 'leas cláraithe' agus chuirfí aon nuashonruithe maidir leis an bhfeithicil sin ar fáil d'aon duine a chláraigh leas ann ar PULSE.

Mhínigh an AGS go ndéanfaí é a mharcáil in PULSE dá ngníomhachtófaí rud éigin maidir le leas cláraithe agus go gcuirfí gach comhalta ar cuireadh i dtaifead iad amhail leas a bheith cláraithe acu sa mhír sin ar an eolas.

Mar shampla, thaispeáin an AGS don Fhoireann conas a d'fhéadfaí leas a chlárú i nduine coiriúil mór le rá agus go ngníomhachtófaí marcáil sa chóras a chuirfeadh gach úsáideoir ar an eolas a chláraigh leas sa duine sin.

4.4.3 Feasacháin um Fhaisnéis Choiriúil

D'fhéach an Fhoireann ar roinnt Feasachán um Fhaisnéis Choiriúil ar thairseach an Gharda Síochána agus thaispeáin an CIO conas a chruthódh sí feasachán bunaithe ar ghrianghraf

de dhuine éigin a bhí glactha ar PULSE cheana féin. Bhí na Feasacháin um Fhaisnéis Choiriúil seo le feiceáil ar fud na tíre.

Luaigh an AGS don Fhoireann nach mór go mbeidh Teagmhas comhfhreagrach PULSE ag gach Feasachán um Fhaisnéis Choiriúil a Glacadh ar pháosa scannáin Cheamara CCTV. Shoiléirigh an AGS nach bhfoilseofar páosa scannáin CCTV nach bhfuil ar chaighdeán leordhóthanach chun daoine a bhfuil amhras fúthu a shainaitheant ar Thairseach an Gharda Síochána. Cuirfear aon pháosa scannáin nach bhfuil mar ábhar Feasachán um Fhaisnéis Náisiúnta ar an mír 'Gafa ar Cheamara' nach fios aitheantas iad siúd a bhfuiltear in amhras fúthu go ndearna siad an choir atá á himscrúdú.

I gcás ina bhfuil aitheantas duine aonair á lorg, féadtar faisnéis a scaipeadh ar Thairseach an Gharda Síochána trí; Feasachán Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil, Gafa ar Cheamara nó Feasachán Áitiúla um Fhaisnéis Choiriúil. Tá feasacháin áitiúla in ainm is lucht féachana Gharceantar an Gharda Síochána sin a mhealladh ach tá fáil orthu ag gach úsáideoir den tairseach. Mhínigh an AGS, go ginearálta, braitheann an modh scaipthe ar an gcuspóir atá an fhaisnéis/iomhá á scaipeadh (e.g. aitheantas á lorg, cén áit a bhfuil an duine aonair á lorg, faisnéis maidir le daoine aonair áirithe, comhairle maidir le sábháilteacht nó foláireamh, etc.), tromchúise an chiona, cáilíocht na híomhá agus ábharthacht na híomhá maidir le Ceantair/Rannáin eile.

4.5 Úsáid PULSE

Mhínigh AGS an Mhuilinn gCearr don Fhoireann, ar aon dul le beartas an AGS, ba cheart taifead an teagmhais féin, as ar eascair gabháil nó coinneáil an duine aonair a chruthú ar PULSE ag an Lárionad um Sheirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána (an GISC) i gCaisleán an Bharraigh⁸. Thug an AGS le fios nach mór do gach comhalta a chinntiú go bhfuil an teagmhas ar PULSE laistigh de chríochnú sheal dualgais an chomhalta, laistigh de cheithre huair is fiche nó sula gcuirtear tús le himeachtaí (féach an tábla i mír 4.3). Luaigh an AGS go raibh Treoir na Ceanncheathrún ann ina leith seo – Treoir na Ceanncheathrún 18/2007 an GISC – agus gur thug sin le fios go dtagraíonn Nósanna Imeachta agus Freagrachtaí Lámhleabhar Úsáideora PULSE, an Dara hEagrán, 2001 dó seo chomh maith.

Ar lá cigireachta an GISC, mheas an GISC as an 90% de na comhaltaí a raibh an GISC á úsáid acu ar fud an bhoird, go bhfuil 33% de na teagmhais á gcur i dtaifead anois nuair a fhilleann na comhaltaí ar an stáisiún sula gcuirtear críoch lena seal dualgais. Mheas an GISC gur laghdú mór seo ón ráta deiridh comhaltaí a d'úsáid an GISC (roimh chríochnú a seala dualgais), arbh ionann é agus thart ar 70%. Bhí sé ina chonclúid ag an GISC gur léirigh seo an méid a d'fhoghlaim comhaltaí chun dul i gcomhairle leis an GISC a luaithe is féidir tar éis gur tharla teagmhas.

Thug an AGS le fios nach féidir bileog na gcúiseamh a réiteach murar iontráladh teagmhas ar PULSE go fóill agus go raibh sé d'fhreagracht ar chomhalta an Gharda Síochána a chinntiú go n-iontráiltear teagmhas ar PULSE (tá freagrachtaí ar Sháirsint an chomhalta, chomh maith, i gcumas maoirseachta). Ar an ábhar sin, má tá príosúnach faoi choimeád agus más mian leis an Sáirsint ábhartha bileog na gcúiseamh a chló, ní mór don GISC an iontráil in PULSE a chruthú agus a athbhreithniú mar ábhar tosaíochta. Dheimhnigh an GISC don Fhoireann go ndearna an GISC athbhreithniú ar gach ceann de na teagmhais sin, sa chás go raibh cúisimh ar feitheamh. D'iarr an Fhoireann ar staitisticí ar an gcéatadán teagmhas a cruthaíodh ar PULSE ag an GISC thar ceann AGS Cheantar an Mhuilinn gCearr agus AGS

⁸ Is iad an GISC an príomhionad teagmhála do chomhaltaí oibríochtúla an Gharda Síochána. Bunaíodh an GISC chun ligean do chomhaltaí an AGS na sonraí uile teagmhais a logáil thar an nguthán leis an GISC seachas a bheith ar na comhaltaí fanacht chun fillleadh ar a stáisiún chun sonraí a ionchur nó a nuashonrú ar PULSE. Bunaíodh an GISC ar bhonn píolótach i Meán Fómhair 2005 agus tugadh isteach iad go náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2006 (féach mír 12 den tuarascáil seo).

Dhomhnach Broc thar thréimhse trí mhí.

Sholáthair an GISC na staitisticí a leanas ar an gcéatadán teagmhas a chruthaigh an GISC le haghaidh an Mhuilinn gCearr agus Dhomhnach Broc le haghaidh Lúnasa, Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2012 mar gheall go raibh fáil gan stró orthu seo laistigh den amfhráma a theastaigh.

Ceantar Dhomhnach Broc

Lúnasa	75.5%
Meán Fómhair	70.9%
Deireadh Fómhair	71.2%
Meán	72.5%

Ceantar an Mhuilinn gCearr

Lúnasa	95.3%
Meán Fómhair	91.9%
Deireadh Fómhair	94.7%
Meán	94.0%

4.6 Foláirimh do Dhaoine Fásta ar PULSE

Mhínigh an AGS gur scéim a d'fhaomh Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá sa Scéim um Rabhadh Aosach a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2006. Ní bhaineann an Scéim ach le cionta a rinneadh an 1 Feabhra 2006 nó i ndiaidh an dáta tosaigh (an 1 Feabhra 2006), agus le daoine aois 18 mbliana nó níos sine. Rogha atá sa scéim ar ionchúiseamh daoine áirithe a bhfuil fianaise ann ina leith go ndearna siad cion sceidealaithe coiriúil, sa chás nach dteastaíonn ionchúiseamh an chiona sin ar mhaithe le leas an phobail.

Seo a leanas liosta na gcionta atá i dteideal don Scéim um Rabhadh Aosach:

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994

Alt 4: Meisce in áit phoiblí (bheith ar meisce)

Alt 5: Iompar mí-ordúil in áit phoiblí

Alt 6: Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí

Alt 8: Mainneachtain ordachán ó chomhalta (ordú) den Gharda Síochána a chomhlíonadh

Alt 9: Bac toiliúil (bac d'aon turas)

Alt 11: Dul isteach i bhfoirgneamh etc. le hintinn cion a dhéanamh Alt 22:

Deoch mheisciúil a thabhairt suas agus a urghabháil

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001

Alt 4: Gadaíocht - sa chás nach sáraíonn luach na maoine €1,000

An tAcht Deochanna Meisciúla, 2003

Alt 6: Cionta ag duine atá ar meisce

Alt 8: Iompar mí-ordúil

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997

Alt 2: Ionsaí – mionionsaithe (Cuirtear ionsaithe ar chomhaltaí den Gharda Síochána faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le breithniú a dhéanamh orthu)

An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991

Alt 2: Damáiste a dhéanamh do mhaoín sa chás gur lú luach na maoine ar a ndearnadh damáiste

agus €1,000. Alt 3: Bagairt chun damáiste a dhéanamh do mhaoín

Mhínigh an AGS don Fhoireann go n-eisíonn Ceannfort rabhadh aosach i bpearsan do dhuine aonair le comhaontú an duine aonair mar rogha ar ionchúiseamh. Anuas air sin,

cuirtear an duine aonair ar an eolas go gcoimeádfar taifead ar an rabhadh seo ar PULSE. Thug an Fhoireann faoi deara, sa mhullach air sin, go luaitear sa cháipéis a sholáthair an AGS, ‘**Rabhadh Aosach - Cinneadh chun Ionchúiseamh a Dhéanamh**’, má ghlactar an cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh, “ní mór don Gharda a bheith in ann an Chúirt a chur ar an eolas go ndearnadh breithniú ar an rabhadh aosach”.

Thug an AGS le fios go n-eisítear rabhadh aosach go minic tar éis go scaoiltear duine aonair agus go mbeidh ar an duine aonair teacht i láthair, ina dhiaidh sin, ag an Stáisiún Gardaí ina n-eiseofar agus síneofar an rabhadh.

Chomhaontaigh an Fhoireann chun na nósanna imeachta a scrúdú maidir le rabhaidh a eisiúint mar chuid dá n-imscrúdú ar stáisiún Gardaí. Le linn a gcigireachta ar stáisiún Gardaí an Mhuilinn gCearr, sholáthair an AGS cóip don Fhoireann den **Fhoirm Atreoraithe um Rabhadh Aosach** a dhéanann an AGS a chomhlánú agus a dhéanann daoine aonair a shíniú a n-eisítear rabhadh aosach dóibh. Thug an Fhoireann faoi deara nach mór do dhuine aonair ráiteas a shíniú ina bhfuil na focail,

“Tuigim go gcuirtear sonraí Rabhadh Aosach i dtaifead agus go bhféadfaí iad a thaispeáint do chúirt i gcás ciontú mar gheall ar chion eile”

Thagair an AGS do dhá Threoir na Ceanncheathrún – 6/2006 agus 146/2009 – a sholáthraíonn treoir maidir leis an Scéim um Rabhadh Aosach. Thagair an AGS, chomh maith, don achoimre ar an Scéim um Rabhadh Aosach atá ar fáil ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána⁹. Ar a bharr sin, soláthraíodh cóip de cháipéis don Fhoireann dar teideal ‘Nós Imeachta um Rabhadh Aosach’.

Thug an Fhoireann faoi deara gur luaigh an Fhoirm Atreoraithe um Rabhadh Aosach, tar éis an rabhadh a eisiúint, go gcomhdaítear bhunchóip na foirme agus go gcoimeádtar í ag an Oifig Cheantair, agus coimeádann agus comhdaíonn an stáisiún taifeadta an dara cóip agus soláthraítear an tríú cóip don chiontóir. Ar a bharr sin, cuirtear an rabhadh aosach i dtaifead ar PULSE, a roghnaítear ar an roghchlár anuas ‘**Stádas Braite**’ sa táb ‘**Duine**’ ar an scáileán Teagmhais ar PULSE. Shoiléirigh an AGS gur féidir an comhalta braite PULSE a nuashonrú ina leith seo.

Luaigh an AGS don Fhoireann nach bhféadfaí an dara rabhadh aosach a eisiúint do dhuine murar thug an DPP cead. Dheimhnigh an AGS nach nochtfaí taifead ar rabhadh aosach (an chéad agus an dara ceann) mar chuid de nochtadh ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Thug an Fhoireann faoi deara go gceanglaíonn mír E den **Fhoirm Atreoraithe um Rabhadh Aosach** síniú an duine aonair a ghlacann leis nó a dhiúltaíonn go ndéanfar iad a mheas le haghaidh Rabhadh Aosach ar an tuiscint go bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu le haghaidh rabhadh aosach **sula** gcuirfead faoi bhráid iad chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Ina leith seo, thug an Fhoireann faoi deara go luaitear i mír F den **Fhoirm Atreoraithe um Rabhadh Aosach**

Molaim gur cheart an fhoirm atreoraithe seo a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le breithniú a dhéanamh uirthi (luaigh na cúiseanna go soiléir)

Rinne an Fhoireann na cúinsí a fhiosrú faoina gcuirfí foirm faoi bhráid an DPP agus mhínigh an AGS go gcuirfead foirm atreoraithe um Rabhadh Aosach faoi bhráid an DPP faoi na cúinsí a leanas: **Féadfaidh** Oifigeach Ceantair treoracha a lorg ón DPP má mheasann sé/sí gur freagairt chuí í ar dhéanamh an chiona nó sa chás go gcuireann an t-íospartach i gcoinne Rabhadh Aosach. **Ní mór** d’Oifigeach Ceantair treoracha a lorg i gcás go meastar gur déileáladh le cion ina dhiaidh sin tríd an scéim um rabhadh aosach agus i gcás ionsaí ar

9

<http://www.garda.ie/Documents/User/Adult%20Cautioning%20final%20for%20publication.pdf>

chomhalta den Gharda Síochána.

I dtaobh grinnfhiosrúcháin agus cheist na gciontuithe caite, ba mhian leis an bhFoireann an bonn a dheimhniú a bhí faoi bheartas coinneáil éiginnte taifead a bhaineann le rabhaidh. Shoiléirigh an AGS nach gcoimeádfaí rabhadh i leith duine nó nach nochtfaí é i nochtadh grinnfhiosrúcháin, ach meastar gur gá taifead a choimeád ar an rabhadh ar an gcúis a luaitear ar an bhFoirm Atreoirithe um Rabhadh Aosach a shíníonn an t-ábhar sonraí.

“Tuigim go gcuirtear sonraí Rabhadh Aosach i dtaifead agus go bhféadfaí iad a thaispeáint do chúirt i gcás ciontú mar gheall ar chion eile”.

Pléitear saincheist um choinneáil rabhadh agus nochtadh seanchiontuithe agus mionchiontuithe níos mionsonraithe i mír 12 thíos i gcomhthéacs an cháis reatha agus na n-athruithe féideartha ar an gcóras agus reachtaíocht nua le tabhairt isteach maidir le ciontuithe caite agus nochtadh beartaithe ‘faisnéise boige’, ar nós rabhaidh faoi chúinsí áirithe. Glacann an ODPC leis nach bhfuil aon reachtaíocht ag an AGS, faoi láthair, a fhorálann don fhad ama a fhanann rabhadh bheith bailí. Fáiltíonn an ODPC roimh an gcaoi go bhfuil breithniú á dhéanamh ar an ábhar seo faoi láthair mar chuid de na forálacha a chuimsítear sa Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Caite), 2012

4. 7 Mionaoisigh ar PULSE

Thug an Fhoireann faoi deara, an 16 Deireadh Fómhair 2006, faoi Acht na Leanaí, 2001, gur ardaíodh aois na freagrachta coiriúla, go héifeachtach ó 7 go 12 bhliain. Faoi na forálacha nua, ní féidir aon leanbh faoi aois 12 bhliain a chúiseamh le cion. Déantar eisceacht i gcás leanaí 10 agus 11 bhliain a dhéantar a chúiseamh le cionta an-tromchúiseacha, ar nós marú neamhdhleathach, cion éignithe nó tromionsaí gnéasach. Ar a bharr sin, ní mór don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí toiliú a thabhairt go ndéanfar aon leanbh faoi aois 14 bliana a chúiseamh.

D’fhiosraigh an Fhoireann cén cúinsí faoina gcuirtear sonraí leanaí ar PULSE agus thug an AGS an fhreagairt a leanas:

“Féadtar leanbh d’aon aois a iontráil ar PULSE (e.g. páirtí a gortaíodh). Nuashonraíodh bailíochtú Teagmhais PULSE i gcomhréir le hAcht na Leanaí, 2001 (arna leasú ag an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006). Cuireann bailíochtú Teagmhais PULSE cosc ar chúiseamh a chruthú do leanbh faoi 12 bhliain d’aois seachas sa chás go ndearna leanbh aois 10 nó 11 bhliain a rinne cion Dúnmharaithe, Dúnorgana, Éignithe, Éignithe faoi Alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Éigniú) (Leasú), 1990 nó Tromionsaí Gnéasach. (Alt 52 d’Acht na Leanaí, 2001 arna ionadú ag Alt 129 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 – Cosc ar imeachtaí Coiriúla i leith leanaí.”

Rabhaidh arna n-eisiúint do Mhionaoisigh

Luaigh an AGS, i gcás mionaoisigh (duine faoi bhun 18 mbliana d’aois) a n-eisítear rabhadh dóibh, dhéanfadh Oifigeach Teagmhála don Óige (JLO) maoirsiú ar an bpróiseas seo – ról rannógbhunaithe a d’fhéadfadh roinnt ceantar a chuimsiú. Mar rogha air sin, d’fhéadfadh Cigire rabhadh a eisiúint do mhionaoiseach.

Luaigh an AGS go bhfuil dhá fhoirm éagsúla ann a úsáidtear chun rabhadh a thabhairt do mhionaoisigh. Ligeann an chéad fhoirm don mhionaoiseach chun glacadh le ‘Rabhadh Neamhfoirmiúil’ faoin gClár Athstíúrtha don chion líomhnaithe; ligeann an dara foirm don mhionaoiseach chun glacadh le ‘Rabhadh Foirmiúil’ faoin gClár Athstíúrtha. Sínítear an dá fhoirm i láthair Thuismitheora/Chaomhnóra. Tá mír ann ar an dá fhoirm seo don mhionaoiseach chun diúltú go foirmiúil go nglacfar leo mar chuid den Chlár Athstíúrtha.

I ndiaidh don imscrúdú, sholáthair an AGS faisnéis fhorlíontach ar obair JLOanna agus ar obair JLOanna agus ar oibriú a ‘**gClár Athstíúrtha**’ – rogha reachtúil dá bhforáiltear faoi Acht na Leanaí, 2001 chun dul i ngleic le hiompar ciontaithe leanaí

idir 10 mbliana agus 18 mbliana d'aois.

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann, nuair a eisítear Rabhadh Neamhfhoirmiúil do mhionaoiseach, síneoidh sé/sí Foirm um 'Ghlacadh/Neamhghlacadh Cuimsithe isteach sa Chlár Athstíúrtha' ina luaitear go nglacann siad le Rabhadh Foirmiúil faoin gClár Athstíúrtha don chion a líomhnaítear.

Sholáthair an AGS, chomh maith, cóip de thuarascáil 2011 Choiste Monatóireachta an Chláir Athstíúrtha agus thug an Fhoireann faoi deara gurbh ionann líon na dteagmhas atreoraíodh chuig an gClár Athstíúrtha i rith 2011 agus 27,384, agus atreoraíodh 12,809 leanbh aonair chuig an gClár. I dtaobh miondealú ar rabhaidh neamhfhoirmiúla agus fhoirmiúla le haghaidh 2011, bunaithe ar an líon iomlán atreoruithe, déileáladh le 54% de chásanna leanaí trí rabhadh neamhfhoirmiúil agus déileáladh le 22% de chásanna leanaí trí rabhadh foirmiúil. Shoiléirigh an AGS go bpróiseáiltear fuilleach na leanaí a atreoraítear lasmuigh den Chlár Athstíúrtha Ógánach.

Shoiléirigh an AGS, má eisítear Rabhadh Neamhfhoirmiúil do mhionaoiseach, cuirfear seo i dtaifead ar PULSE mar 'Rabhadh Neamhfhoirmiúil' faoin táb 'Rabhadh' atá nasctha leis an teagmhas ábhartha agus le hatreorú an Ógánaigh.

Mar shampla, sholáthair an AGS seat den scáileán don Fhoireann, chomh maith, ó PULSE d'fhoirm náisiúnta atreoraithe óige a léiríonn sonraí a cuireadh i dtaifead maidir le cion a catagóiríodh mar 'Foghail' sa chás gur deimhníodh go raibh ógánaigh i seomra leapa ar an tríú hurlár i dteach a tréigeadh le déanaí.

I dtaobh grinnfhiosrúcháin agus eisiúint ciontuithe caite, ba mhian leis an bhFoireann an bonn a dheimhniú a bhí faoi bheartas coinneáil éiginnte taifead a bhaineann le rabhaidh a eisítear do mhionaoisigh. Shoiléirigh an AGS nach gcoimeádfaí rabhadh a eisítear do mhionaoiseach i leith duine nó nach nochtfaí é i nochtadh grinnfhiosrúcháin, ach meastar gur gá taifead a choimeád ar an rabhadh ar an gcúis a luaitear ar an bhFoirm Atreoraithe Ógánaigh a shíníonn an t-ábhar sonraí.

"Is eol dom, má dhéanaim aon chion amach anseo, gur féidir mé a ionchúiseamh don chion sin agus gur féidir sonraí mo chuimsithe sa Chlár Athstíúrtha maidir leis an gcás seo a thabhairt i gCúirt ag tráth ghearradh na pianbhreithe (déanann Alt 126(2) den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 tagairt dó seo).

Tar éis na cigireachta, tháinig an Fhoireann ar cháipéis ar láithreán gréasáin an AGS dar teideal **'Nósanna Imeachta agus treoirlínte a chur i dtaifead a bhaineann le leanaí atá faoi chúram an Gharda Síochána'** ('Recording Procedures and guidelines relating to children in the care of an Garda Síochána') a thagraíonn do **'Foirm um Chúram Leanaí an Gharda Síochána'** nach mór a chomhlánú i gcás gach linbh a thagann faoi chúram an Gharda Síochána (nár gabhadh/coinníodh). Shoiléirigh an AGS go dtagraíonn 'Foirm um Chúram Leanaí an Gharda Síochána' do thaifead de láimh a stóráiltear de láimh ar PULSE agus nach ndéantar a chur i dtaifead/a aithris ar PULSE.)

Ciontuithe Mionaoiseach

Maidir le faisnéis faoi chiontú i gcás mionaoiseach, thagair an AGS d'alt 258 d'Acht na Leanaí, 2001 agus an chaoi nach féidir féachaint ar gach ciontú roimhe seo a rinneadh ar mhionaoisigh ar PULSE go ginearálta. Dheimhnik an AGS, chomh maith, go bhfuil an fheidhmiúlacht riachtanach i bhfeidhm ag PULSE le cloí le neamhnochtadh ciontuithe coiriúla ciontóirí mionaoiseacha dá bhforáiltear in alt 258 d'Acht na Leanaí, 2001, a luaithe a chomhlíontar coinníollacha sonracha san fhoráil. Le linn an iniúchta, bhí an Fhoireann sásta go raibh an fheidhmiúlacht seo á hoibriú.

Thug an ODPC tuairisc faisnéise faoi deara, chomh maith, ar alt 258 d'Acht na Leanaí, 2001

a chuir Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil¹⁰ i dtoll a chéile a luaigh

“Forálann Alt 258 d’Acht na Leanaí, 2001 gur féidir ciontuithe a dhéanann iad siúd faoi ocht mbliana déag d’aois a dhíscríobh ón taifead a luaithe a chomhlíontar roinnt coinníollacha. Go bunúsach, sa chás go ndeimhnítear go bhfuil duine ciontach i gcion agus (i) go ndearnadh an cion sular bhain siad aois ocht mbliana déag amach, (ii) ní cion atá sa chion óna dteastaíonn a thriail ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil (ar nós dúnmharú nó éigniú), (iii) tá trí bliana caite ó deimhníodh an chiontach agus (iv) níor déileáladh leis an duine maidir le cion sa tréimhse trí bliana sin, caithfear leis an duine sin, ar an ábhar sin, amhail duine nach ndearna agus nár ciontaíodh don chion sin nó nár ionchúisíodh don chion sin nó nár deimhníodh go raibh an duine sin ciontach sa chion sin nó nár déileáladh leis an duine sin don chion sin. Tá Alt 258 go hiomlán siarghabhálach, mar sin, baineann sé cibé acu má tharla an cion sular tháinig Acht 2001 i bhfeidhm nó ina dhiaidh sin.

Maidir le daoine aonair a thagann faoi chuimsiú Alt 258, “caitear leo don uile chuspóir sa dlí mar dhuine nach ndearna an cion nó nach ndearnadh a ionchúiseamh nó nár cúisíodh nó nár deimhníodh go raibh siad ciontach nó nár déileáladh leo” don chion/na cionta atá faoi chaibidil¹¹. Mar gheall nach gcaitear le daoine a chomhlíonann na coinníollacha seo a thuilleadh faoi Dhlí na hÉireann amhail daoine a thug faoi chion, tá taifead glan acu, go bunúsach, agus ar an ábhar sin, i gcomhthéacs fostaíocht a lorg nó iarratas a dhéanamh ar chúrsa oideachasúil nó árachas, is féidir leo a mhaíomh go bhfuil taifead glan acu i bhfírinne¹².

Leanaí atá i mBaol

I gcaitheamh chigireacht AGS stáisiún an Mhuilinn gCearr, tháinig an Fhoireann ar chóipeanna de na fógraíochtaí a fuair AGS an Mhuilinn gCearr ó FSS maidir le leanaí agus ar na fógraíochtaí a eisionn an AGS do FSS maidir le leanaí a dtagann siad orthu a dhéanann cion – mar shampla, seilbh drugaí, ord poiblí. Dheimhnigh an AGS don Fhoireann go n-iontráiltear gach atreorú FSS a fhaigheann siad ar PULSE agus fiosróidh an AGS aon chionta líomhnaithe nó aon amhras faoi mhí-úsáid leanaí nó aon fhaillí i leith leanaí.

Luaigh an AGS sa chéad ásc, nach ndéantar faisnéis a mhalartú idir FSS agus an Garda Síochána ach amháin ar mhaithe le leas agus cosaint an linbh.

Anuas air sin, thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, an riachtanas chun FSS a chur ar an eolas, i gcáipéis chomhairliúcháin atá ar láithreán gréasáin an AGS, dar teideal ‘**Beartas an Gharda Síochána ar Imscrúdú coireanna gnéasacha i leith Leanaí agus Leas Leanaí, 2010**’ (‘An Garda Síochána Policy on the Investigation of sexual crimes against Children and Child Welfare, 2010’).

29.5. Sa chás go raibh baint ag leanbh i gcion coiriúil a dhéanamh, go háirithe nuair a gabhadh leanbh, ba cheart do chomhaltaí i gcónaí machnamh a dhéanamh ar FSS a chur ar an eolas i gcomhréir leis na treoirínte ‘Tús Áite do Leanaí’.

Ar an gcuma chéanna, thug an Fhoireann faoi deara go luaitear sa bheartas

31.5.1. Sa chás go mbíonn FSS in amhras faoi go bhfuil mí-úsáid fhisiciúil nó ghnéasach á baint as leanbh nó go bhfuil faillí thoilíúil á déanamh ina leith, tá freagracht ar FSS an Garda Síochána a chur ar an eolas

10

www.jpri.ie/.../JPRT_Cruinniú_faisnéise_ar_Thaifid_Choiriúil_faoi_18_040112.docx

¹¹ Féach Alt 258(4)(c) d’Acht na Leanaí, 2001. Féach freisin an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Tuarascáil ar Chiontuithe Caite (Baile Átha Cliath: LRC 84-2007, Iúil 2007) Ich 53.

¹² Féach Alt 258(4)(c) d’Acht na Leanaí, 2001.

Thug an ODPC tuarascáil faoi deara a chuir Cigireacht an Gharda Síochána i dtoll a chéile in 2010 dar teideal **Freagairt do Mhí-Úsáid Ghnéasach Leanaí** ('Responding to Child Sexual Abuse') a léirigh, ó 2007 go 2009, an bhliain sin san áireamh, b'ann do 16,073 fógra arna n-eisiúint idir an Garda Síochána agus FSS, agus d'eisigh an Garda Síochána an tromlach díobh (11,472 nó 71%) do FSS¹³.

I dtaobh cur i dtaifead éigeantach coireanna gnéasacha leanaí, scrúdaigh an Fhoireann 'Beartas an Gharda Síochána ar Imscrúdú coireanna gnéasacha i leith Leanaí agus Leas Leanaí, 2010' agus thug siad an méid a leanas faoi deara:

5. Tuairisciú agus Cur i dTaifead

5.1. Ní mór gach tuairisciú ar choir ghnéasach a chur i dtaifead, amhail a dtugtar breac-chuntas air sa Chód i gCaibidil 33.¹⁴

5.2. Coireacht Ghnéasach a chur i dtaifead ar PULSE

5.2.1. Tar éis gearán a fháil, cruthóidh an comhalta a fhaigheann an céanna an iontráil chuí ar chóras PULSE, agus an cion a tuairiscíodh a shainathint go soiléir.

5.2.2. Má bhíonn fáil, ag pointe níos déanaí, ar fhianaise a thugann le fios nár tharla an cion a tuairiscíodh i dtosach báire, féadtar an t-ábhar a athchatagóiriú nó a neamhbhailíohtú dá réir sin. Baineann ríthábhacht leis go gcuirtear cionta i dtaifead go cruinn ar PULSE.

5.2.3. Beidh Cigirí, ar cheap an rannán iad, freagrach as a chinntiú go gcuirtear teagmhais choireanna gnéasacha i dtaifead i gceart agus go ndéantar athbhreithniú cuí orthu ar PULSE. Déanfaidh sé/sí athbhreithniú ar gach tuairisc ar bhonn rialta agus cuirfidh sé/sí an tOifigeach Ceantair ar an eolas ar ábhair óna dteastaíonn a (h)aird.

I dtaobh imscrúdú leanaí, sa chás nach raibh aon amhras ann go raibh coir ghnéasach i gceist ach go raibh amhras ann faoi mhí-úsáid nó faillí amhrasta, rinne an GISC tagairt don alt de Lámhleabhar PULSE a dhéileálann leis na fógraíochtaí siúd a chur i dtaifead – **'Fógraíocht Fhoirmiúil do FSS'** agus **'Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil ó FSS'**. Rinne an Fhoireann scrúdú ar na sleachta seo agus thug siad faoi deara, i dtaobh **'Comhairliúchán Neamhfhoirmiúil ó FSS'**, luaitear i lámhleabhar PULSE:

"Úsáidtear an saghas teagmhais seo lena chur i dtaifead go raibh comhairliúchán neamhfhoirmiúil ar bun idir FSS agus na Gardaí maidir le cás lenar bhain mí-úsáid nó faillí amhrasta."

Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith,

"Teastaíonn teagmhas ar leith le haghaidh gach linbh má tá baint ag breis agus leanbh amháin".

agus

"Ba cheart an leanbh a chur i dtaifead le Ról 'Fógraíocht FSS a bhaineann le'"

I dtaca le mír **'Fógraíocht Fhoirmiúil do FSS'** de chuid lámhleabhar PULSE, thug an Fhoireann faoi deara:

"Úsáidtear an saghas teagmhais seo lena chur i dtaifead gur thug na Gardaí fógra foirmiúil do FSS go raibh siad in amhras go bhfuil foirm éigin de mhí-úsáid nó d'fhaillí ar siúl maidir le leanbh faoi 18 mbliana d'aois agus gur gá dóibh é a imscrúdú nó

¹³ http://www.gsinsp.ie/index.php?option=com_docman&Itemid=39

bunús a thabhairt leis. D'fhéadfadh go bhfuil nó nach bhfuil coir deimhnithe.

Má chreideann na Gardaí gur tharla coir, ba cheart teagmhas coire a chruthú, chomh maith.” (Ich 93)

Thug an Fhoireann faoi deara, má tharla coir, cuirtear FSS ar an eolas faoi seo:

“Má dheimhnítear coir, cruthaigh teagmhas coire, cruthaigh cás agus gach teagmhas leis an gcás. Cuir PID an teagmhais choire i dtaifead in Insint na Fógraíochta Foirmiúla do theagmhas FSS” (Ich 93)

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann, go soláthraíonn PULSE an fheidhmiúlacht chun srian a chur ar rochtain ar na saghsanna teagmhais FSS a leanas; Fógraíocht Fhoirmiúil do FSS, Comhairliúchán Neamhfoirmiúil le FSS, Fógraíocht Fhoirmiúil ó FSS agus Comhairliúchán Neamhfoirmiúil ó FSS.

Tá cosc ar an rochtain seo ach amháin don Gharda Imscrúdaithe, comhaltaí nach bhfuil faoi bhun céim Chigire agus roinnt comhaltaí eile ar tugadh cead dóibh bunaithe ar iarratas (ITSU2) a d'fhaomh a nOifigeach Áitiúil Ceantair.

Thug an ODPC le fios go bhfuil siad éiginnte go fóill maidir leis an mbunús go gcuireann an AGS chun FSS ar an eolas dá ndeimhneofaí go raibh leanbh 10 mbliana d'aois (faoi bhun aois choiriúil na freagrachta) tar éis bheith i mbun gadaíocht siopa. Luaigh an AGS, mar fhreagairt, “go bhfuil sé mar fhreagracht ar an nGarda a fhreagraíonn chun an cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil leas nó cosaint an linbh i mbaol. Luaitear sna treoirínte *Tús Áite do Leanaí*, gur cheart go mbeadh Seirbhísí Leanaí agus Teaghláigh FSS curtha ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn bunúis réasúnta ann le buairt go bhféadfadh gur baineadh mí-úsáid nó go ndearnadh faillí ar leanbh, nó go bhfuil seo á dhéanamh nó go bhfuil an leanbh i mbaol go ndéanfar seo air/uirthi. Sa chás a dtugtar breac-chuntas air, inar deimhníodh go raibh leanbh deich mbliana d'aois i mbun gadaíocht siopa, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach FSS a chur ar an eolas sa chás go dtugann cúinsí sonracha an teagmhais bunúis réasúnta le buairt a bhaineann le leas an linbh”.

4.8 Rochtain ar PULSE

Príomhdhírú an iniúchta ná chun dul i ngleic le buairt thar ceann an ODPC, a eascraíonn ó ghearáin a rinneadh leis an Oifig, nach raibh dóthain maoirseachta ann orthu siúd a bhí faofa chun PULSE a rochtain. Tugadh breac-chuntas ar an ngá chun rochtain mhíchuí a shainaithint agus chun an rochtain sin a dhíspreagadh, go héifeachtach, sa litir intinne leis an iniúchadh a eisíodh don AGS.

“Ar an drochuair, is dealraitheach, faoi láthair, nach bhfuil na Gardaí in ann a shainaithint, ar bhonn réamhghníomhach, rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta atá á gcoimeád acu. Fiú i gcásanna ina ndéantar gearáin leis an Oifig seo faoi rochtain mhíchuí ag comhaltaí an fhórsa ar PULSE, ghlac na himscrúduithe faoinar thug na Gardaí tréimhse dhoghlaigh ama lena ndéanamh agus b'annamh a d'eascair na conclúidí astu go bhfuair comhaltaí aonair rochtain mhíchuí.

Tá dualgas reachtúil orm a chinntiú go láimhseáiltear sonraí pearsanta atá i seilbh gach eagraíochta, idir bheag agus mhór, ar aon dul le ceanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Faoi láthair, níl in ann an pobal a chinntiú go hiomlán go ndéileáiltear lena sonraí pearsanta atá á gcoimeád ag na Gardaí ar aon dul le ceanglais na nAchtanna.”

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go dtagann fógra um chosaint sonraí aníos gach uair a logálann comhalta den AGS isteach go PULSE nach mór do gach comhalta 'ok' a chliceáil sula leanann siad ar aghaidh.

Fógraíocht Chaighdeánach

Tá an córas seo le húsáid ar mhaithe le cuspóirí údaraithe póilíneachta amháin. Sárú ar bheartas an Gharda Síochána í rochtain nó gníomhaíocht neamhúdaraithe agus d'fhéadfadh gurbh ionann é agus sárú an dlí. Bíonn an ghníomhaíocht uile ar an gcóras seo faoi réir monatóireachta i gcás sárúithe féideartha slándála."

Tagann an dara fógra aníos, ina dhiaidh sin, agus chonaic an Fhoireann, mura dtabharfaí aird ar an bhfógra seo, go rachadh an córas ar sos agus go dteipfeadh air rochtain a cheadú.

Is í **Cosaint Sonraí** cosaint cearta gach duine maidir le príobháideachas agus sláine maidir le próiseáil a sonraí pearsanta.

RIALACHA UM CHOSAINT SONRAÍ NACH MÓR D'FHOIREANN IOMLÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA CLOÍ LEO:

1. Faisnéis a fháil agus a phróiseáil go cóir
2. An fhaisnéis a choimeád chun críocha sonraithe amháin nó níos mó agus chun críocha dlíthiúla
3. Gan an fhaisnéis a úsáid agus a nochtadh ach ar bhealaí a oireann do na cuspóirí seo
4. An fhaisnéis a choimeád sábháilte agus slán
5. An fhaisnéis a choimeád cruinn agus, iomlán agus cothrom le dáta
6. A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil sí iomarcach
7. Gan an fhaisnéis a choimeád níos faide ná mar is gá don chuspóir nó do na cuspóirí
8. Cóip dá s(h)onraí pearsanta a thabhairt don duine cuí, ar iarraidh sin. Déanann an Ceannfort, an tAonad Próiseála um Chosaint Sonraí, Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, Bóthar an Ráschúrsa, Durlas, Contae Thiobraid Árann iarratais ar shonraí pearsanta a bhainistiú.

Cuirtear dianchosc ar shonraí pearsanta a *Rochtain* nó a *Nochtadh* d'aon chuspóir seachas an cuspóir dá bhfuarthas iad. Tá sé míchuí sonraí a scaoileadh atá faoi sheilbh an Gharda Síochána do ghníomhaireachtaí nó daoine aonair seachtracha, agus déanfar imscrúdú iomlán ar na comhaltaí a dhéanann na gníomhartha sin i gcomhréir le Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007.

Cé gur meabhrúcháin chabhracha iad na fógraíochtaí caighdeánacha seo do chomhaltaí an AGS, thug an Fhoireann faoi deara gur bhain ach maitheas theoranta leo mura ghabh bearta éifeachtacha maoirsithe agus forfheidhmithe leo.

Uirlis Iniúchta le haghaidh PULSE

Príomhdhíriú tosaigh den iniúchadh, amhail ar tugadh breac-chuntas air ag tús na tuarascála seo, ná an dul chun cinn a rinneadh a dheimhniú maidir le rochtain mhíchuí ar PULSE a dhíspreagadh. Ag tús an iniúchta, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go ndearnadh plé fairsing ar an gcóras beartaithe iniúchta agus ar athbhreithniú ar rochtain úsáideora fad a bhí sé á fhorbairt agus go raibh sé i bhfeidhm agus ar feitheamh forfheidhmiú. Luaigh an AGS gur tugadh faoi thriail phíolótach den chóras nua i Réigiún an Iarthair. Soláthraíodh cóip den fhógraíocht don Fhoireann chomh maith ar ríomhphost ó Chaighdeáin Ghairmiúla an AGS a chur an AGS ar an eolas go himmheánach ar an triail phíolótach tosaigh. Rinne an fhoireann iniúchta athbhreithniú ar thorthaí na trialach seo i gcaitheamh an iniúchta.

D'aithin an AGS go raibh pleananna iniúchta roimhe sin bunaithe i dtosach báire ar 'thuarascálacha gníomhaíochta eisceachtúla' amhail ar tugadh breac-chuntas air i Lúnasa 2011 ag cruinniú idir an AGS agus an ODPC nuair a forbraíodh an chéad leagan den uirlis sin. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh agus ar comhairle na hOifige seo, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas gur chinn sin nárbh iad méideanna móra d'úsáid, ó riachtanas, an príomhtháscaire ar a mbunófaí breis scrúdú ar úsáideoir PULSE nó ar shraith úsáideoirí. Bhí sé ina phointe suntais ag an AGS go bhféadfadh go n-eascródh buaiceanna dlisteanacha gníomhaíochta as teagmhas ar leith i limistéar agus, ar an ábhar sin, go bhféadfadh go mbeadh úsáid an táscaire sin míthreorach. Luaigh an AGS, anuas ar úsáid mhí-éifeachtach a bhaint as an uirlis iniúchta féin eascairt as, níor mhian leo táirgiúlacht a dhíspreagadh maidir le gníomhaíochtaí faisnéisbhunaithe a úsáideann PULSE.

Dhearbhaigh an AGS don Fhoireann go ligfeadh an uirlis leasaithe iniúchta d'athbhreithneoir seiceáil a dhéanamh ar ghníomhaíocht uile úsáideora roimhe seo sa chás gur measadh gur ghá é seo a fhiosrú. Leagann an córas athbhreithnithe freagracht ar Cheannfoirt Cheantair a cheangal ar chomhaltaí chun údar a thabhairt leis an gcúis ghnó le haghaidh céatadán sonraithe de rochtain ar an gcóras sa mhí. Roghnaíonn an córas athbhreithnithe an rochtain seo go fánach agus soláthraítear í don Cheannfort i ngach cás. Dhearbhaigh an AGS gur riachtanas feidhmíochta a bheidh i dtabhairt faoin athbhreithniú de chuid gach Ceannfoirt agus má theipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, glacfar gníomhartha ina leith.

Ar a bharr sin, mar chuid den struchtúr nua iniúchta de rochtain an Gharda Síochána ar PULSE, luaigh an AGS go raibh sé beartaithe acu go ndéanfadh an tAonad um Chaighdeáin Ghairmiúla in AGS iniúchadh ar shé cheantar as 105 ceantar ar an iomlán gach mí ar bhonn rollach. Thagair an AGS an Fhoireann do Threoir na Ceanncheathrún 95/2012 'Cosaint Sonraí sa Gharda Síochána' agus a lua go dtugtar breac-chuntas inti ar an bpróiseas a leanfar agus saincheisteanna um Chosaint Sonraí sa Gharda Síochána á n-iniúchadh. Fáiltíonn an ODPC roimh an struchtúr nua iniúchta a chuir an AGS i bhfeidhm ina leith seo.

Feidhmiúlacht Cuardaigh

Shoiléirigh an Fhoireann leis an AGS nach raibh aon fheidhmiúlacht chun comhalta den AGS a fholú ar PULSE – bíodh sé/sí ina c(h)omhalta atá ag fónamh, atá ar fionraí nó atá ar scor. I bhfriotal eile, má tugadh rabhadh aosach do chomhalta den Gharda Síochána, mar shampla, mar thoradh ar theagmhas nó má bhí sé/sí thíos le coir, bheadh seo le feiceáil in PULSE. Dheimhnikh an AGS nach ndearnadh aon idirdhealú, chomh maith, maidir le daoine móra le rá nó daoine cáiliúla ardphróifíle. Rinne an Fhoireann tagairt don iniúchadh a rinne siad ar na Coimisinéirí Ioncaim ina ndearnadh soláthar chun cosc a chur ar thaifid daoine ardphróifíle ó rochtain ghinearálta. D'aithin an AGS seo mar rogha a d'fhéadfadh bheith bailí ach mheas siad gur léirigh na socruithe reatha ar PULSE cineál daonlathach an chórais sa mhéid nach féidir rud ar bith nó duine ar bith a cheilt air (seachas roinnt sonraí faoi chiontóirí gnéis).

Cuimsítear ar PULSE, chomh maith, gné a iarrann ar dhaoine a bhfuil duine, feithicil nó láthair á cuardach acu an chúis a iontráil lena bhfiosrúchán. I 95% de na cásanna a scrúdaigh an Fhoireann i Samhain 2012, iontráladh an litir 'e' (le haghaidh 'fiosrúchán'). Ar mhaithe le faisnéis a bhí an chúis phóilíneachta lenar tugadh an riachtanas seo isteach ach

chomhlíonadh an úsáid cheart a bhaint as an riachtanas um chosaint sonraí, chomh maith, is é sin, bheadh ar dhaoine a bhfuil rochtain acu ar PULSE an chúis a iontráil go raibh rochtain á fáil acu ar fhaisnéis ar leith agus úsáid mhíchuí a dhíspreagadh ar an ábhar sin. Ba léir don Fhoireann Iniúchta, ar an ábhar sin, nach raibh a cuspóir beartaithe á chomhlíonadh ag an bhfeidhm.

Shoiléirigh an AGS nach ann d'aon ghné (réimse fiosrúcháin) go n-iontrálfadh comhalta den Gharda Síochána an chúis a raibh lena bhfiosrúchán nuair a bheadh aon 'Teagmhas' ar PULSE á chuardach acu. Ní bhaineann an ghné seo (réimse fiosrúcháin) ach le cuardaigh ar Dhuine, Feithicil agus Láthair.

Luaigh an AGS, chomh maith, i roinnt cásanna, go dtarlódh nach mbeadh sé ar chumas comhalta chun súil a chaitheamh ar theagmhas ar leith ar PULSE, ar nós é sin ar tugadh breac-chuntas air roimhe seo ar leathanach 20, áit a soláthraíonn PULSE an fheidhmiúacht chun srian a chur ar rochtain ar na saghsanna teagmhais FSS a leanas; Fógraíocht Fhoirmiúil do FSS, Comhairliúchán Neamhfoirmiúil le FSS, Fógraíocht Fhoirmiúil ó FSS agus Comhairliúchán Neamhfoirmiúil ó FSS.

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann nach dtaispeánann an fheidhmiúlacht 'Fiosrúcháin Roimhe Seo' ar PULSE sonraí faoi chomhalta a bhfuil rochtain á fáil acu ar na limistéir seo faoi chosc ach thug siad le fios go bhféadfadh an Rannóg TF ag Ceannteathrú an Gharda Síochána faisnéis ina leith seo a chuardach agus a fheiceáil.

'Fiosrúcháin Roimhe Seo'

I gcaitheamh an taispeántais ar PULSE, léirigh an AGS áis chuardaigh '**Fiosrúcháin Roimhe Seo**' a chur ar chumas úsáideoirí údaraithe chun uimhir chomhalta an AGS a iontráil atá á fiosrú agus chun féachaint ar na fiosrúcháin uile a rinne siad ar an gcóras. Measann an ODPC seo gur gné an-áisiúil seo a bheith cuimsithe sa chóras.

Príomhghné de PULSE is ea an trédhearcacht seo i dtaobh rochtana ag comhalta aonair ar shonraí teagmhais. Cuimsíonn tromlach na gcóras nua-aimseartha TF inniu meicníochtaí fairsinge logála a ligeann do rochtain aonair a cheistiú tar éis rochtana. Tá an fheidhmiúlacht seo ag PULSE, ach, anuas air sin, tá áis ag tosach úsáideora an chórais a thugann breac-chuntas soiléir ar gach rochtain a dhéanann gach comhalta i dtaca le taifead ar PULSE agus an chúis ar iontráil siad a raibh leis an rochtain sin. Dheimhnigh an AGS don Fhoireann gur féidir le gach comhalta 'liosta Fiosrúchán Roimhe Seo na Míre' a fheiceáil.

Soláthraíonn an áis seo bonn fíor-ama chun déileáil le rochtain mhíchuí mar gheall gurb é an t-oifigeach ceannais ar imscrúdú ar leith is mó is ceart buairt a thabhairt chun solais má thugann siad rochtain ar theagmhas faoi deara ag daoine a mheasann siad nach bhfuil leas gnó acu ar bhealach eile. Ba cheart Foirne Imscrúdaithe a spreagadh chun monatóireacht a dhéanamh ar an rochtain sin agus an rochtain sin a thabhairt chun solais trí na bealaí cuí, agus an chaoi a chur i gcuntas go mbaineann rúndacht na faisnéise sin ó pheirspictíocht imscrúdaithe, mar aon le peirspictíocht um chosaint sonraí.

Athbhreithniú Samplach

Le cabhair ón AGS, lean an Fhoireann le tabhairt faoi athbhreithniú fairsing samplach rathúil ar logaí ar PULSE i dtaca le rochtain ar thaifid ar dhaoine a bhfuil aithne mhaith phoiblí orthu agus daoine cáiliúla. Anuas air sin, rinneadh scrúdú ar ghearáin shonracha a fuarthas ó mhuintir an phobail. Shainaithin an Fhoireann rochtain mhíchuí dhealraitheach de mhéid a

chur iontas orainn maidir leis na daoine poiblí a roghnaíodh, amhail a dtugtar breac-chuntas air thíos:

Cuireadh sonraí beirt daoine ardphróifíle i dtaifead ar PULSE i dtaca le mionchionta nó teagmhais ina raibh siad ina n-íospartaigh nó ina bhfinnéithe agus fuair comhaltaí an AGS rochtain ar a dtaifid breis agus 80 uair agus 50 uair, faoi seach. D'eascair sainaithint na nGardaí céanna i roinnt cásanna a fuair rochtain ar an dá thaifead as athbhreithniú ar an rochtain seo ag an bhFoireann. Sheiceáil an Fhoireann taifid PULSE, chomh maith, de chuid triúr daoine móra le rá ag a bhfuil ardphróifíle mheán mar aon le himreoir idirchontae CLG ar a bhfuil aithne mhaith. Bhí an chuma air nár bhain an líon rochtana ar PULSE leis na hiontrálacha bailí a bhain leis na daoine aonair seo maidir le gnó oifigiúil na bpóilíní agus arís eile, bhí na comhaltaí céanna i measc iad siúd a rinne cuardach ar na daoine aonair seo. Go héifeachtach, bhí an dealramh air go bhfuair comhaltaí an AGS rochtain mhíchuí ar 100% de na daoine móra le rá "ardphróifíle" a ndearna an Fhoireann athbhreithniú ar a dtaifid PULSE.

Measann an ODPC gurb ábhar mór buartha na torthaí seo, agus aird air nach raibh aon mhórdhéileálacha ag na daoine aonair a roghnaíodh leis an AGS a rabhthas feasach orthu. Bhí an ODPC in ann seo a dheimhniú trí thaifid PULSE na ndaoine aonair a sheiceáil a raibh baint acu agus cé go bhféadfadh gur thuairiscigh siad coir, e.g. i gcás amháin, rinne duine aonair maoin ghoidte a thuairisciú, ní dhearnadh, ag céim ar bith, aon duine de na daoine aonair a chatagóiriú mar chiontóir nó ciontóir amhrasta ag an AGS. Amhail ar tugadh breac-chuntas air roimhe seo sa tuarascáil seo (féach lch 11), tá réimse róil eile ann d'fhéadfaí a shannadh do dhuine, ar nós 'páirtí a gortaíodh', 'finné', tuairiscithe ag' etc.

Aithníonn an ODPC go hiomlán go gceanglaíonn cineál na hoibre póilíneachta, go héifeachtach, ar chomhaltaí an AGS chun faisnéis phearsanta a sheiceáil ar bhonn rialta. Ina ainneoin seo, tá sé ina rithábacht go sainaithnítear rochtain mhíchuí agus go ndéileáiltear léi lena chinntiú go mbíonn meas ag daoine ag a bhfuil rochtain ar PULSE ar an dualgas a leagann an rochtain sin orthu.

I bhfreagairt pháirteach ar an méid thuas, (in aon chás, bhí an fiosrúchán ar bun cheana féin) agus rinne an AGS tagairt dó roimh an iniúchadh, d'eisigh Coimisinéir an Gharda Síochána Treoir na Ceanncheathrún 95/2012 'Cosaint Sonraí sa Gharda Síochána' do gach comhalta den Fhórsa an 06 Nollaig 2012, a luann, i measc rudaí "tá sé rithábachtach, nuair a bhítear ag tabhairt faoi fhiosrúcháin ar Mhíreanna Leasa, i.e. Daoine, Feithiclí, Láithreacha, gur cheart an fhaisnéis iomlán a chur san áireamh sa "chúis" a bhí leis an bhfiosrúchán i gcomhréir leis na teoracha ag Cód 32.15(3) agus Treoir na Ceanncheathrún 14/2001. Ní bheidh aon eisceacht ann ina leith seo."

Fáiltíonn an ODPC roimh an bhforbairt seo. Tá an Oifig seo ag súil leis, áfach, go gcuireann an Garda Síochána téarmaí Threoir na Ceanncheathrún 95/2012 i bhfeidhm anois go gníomhach agus gníomh tréan agus cuí disciplíneach a ghlacadh i leith aon duine a bhaineann mí-úsáid as a rochtain ar PULSE agus ionchúiseamh a dhéanamh i leith aon duine a dheimhnítear a bhaineann leas as an rochtain sin ar mhaithe le rud éigin a ghnóthú.

4.9 Iontráil Sonraí ar PULSE: Lárionad Sheirbhís Eolais an Gharda Síochána (GISC)

Déanann an GISC an chuid is mó de na hamhshonraí a iontráil ar PULSE bunaithe ar thuairiscí a fhaightear ó chomhaltaí aonair den Gharda Síochána. Ag féachaint dá bpríomhróil maidir le cruinneas na sonraí a iontráiltear in PULSE, ba é ábhar imscrúdaithe speisialta ag a gceanncheathrú i gCaisleán an Bharraigh.

Bunaíodh an GISC chun ligean do chomhaltaí an AGS chun na sonraí uile faoi theagmhais a logáil ar an guthán leis an GISC seachas gá bheith leis na comhaltaí fanacht chun fillleadh

ar a stáisiún chun sonraí a ionchur nó a nuashonrú ar PULSE. Bunaíodh an GISC ar bhonn píolótach i Meán Fómhair 2005 agus tugadh isteach iad go náisiúnta i nDeireadh Fómhair 2006.

Is iad cuspóirí an GISC, amhail atá siad luaite ar láithreán gréasáin an AGS chun an méid a leanas a dhéanamh:

- Infheictheacht an Gharda Síochána a mhéadú
- Ualach riaracháin an Gharda Síochána a laghdú
- Caighdeán na sonraí ar PULSE a fheabhsú

Mhínigh an GISC don Fhoireann go bhfuil 190 comhalta foirne acu faoi láthair (sibhialtaigh iad uile), lena n-áirítear Príomh-Oifigeach a thuiriscíonn do Choimisinéir Cúnta san AGS atá i gceannas ar Fhorbairt na hEagraíochta agus an bhrairse um Pleanáil Straitéiseach laistigh den AGS.

Luaigh an GISC don Fhoireann go láimhseálann siad 14-15,000 glao sa tseachtain, ar an meán, agus go gcomhlíonann an GISC 90% de na sonraí a iontráiltear ar PULSE maidir le teagmhais. Dheimhnigh gurb idir 75 agus 100% é an ráta úsáideora de stáisiúin an Gharda Síochána a úsáideann an GISC, ag brath ar cheantar an Gharda Síochána. D'fhiosraigh an Fhoireann maidir leis na staitisticí maidir le húsáid an GISC chun sonraí a iontráil ar PULSE ar fud na tíre agus sholáthair an AGS tábla sraithe don ODPC ina léirítear an céatadán teagmhas a chruthaigh an GISC do gach Ceantar ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2012.

Oibríonn an GISC dhá mhionseirbhís eile, sa mhullach air sin, thar ceann an AGS – **'Faire Tráchtá'** ('Traffic Watch'), arb áis seo, dar leis an GISC do mhuintir an phobail chun guaiseacha tiomána nó tarlú de thiomáint bhaolach a thuirisciú trí uimhir ghutháin íosghlao. Luaigh an GISC go gcruthaíonn an bheolíne seo thart ar 80 glao sa tseachtain, ar an meán. Chuir an GISC an Fhoireann ar an eolas go ndéanann siad maoirsiú ar thuirisciú ar líne ar áis ghada – **'Dearbhú ar Líne'**¹⁴ inar féidir goid maoinne ar luach níos lú ná 500 euro a thuirisciú ar líne. Luaigh an GISC nár chruthaigh an áis seo ach 200 ríomhphost ar an iomlán ó bunaíodh í in 2010.

I dtaobh oibriú a bpríomhfheidhme ag freastal ar chomhaltaí an AGS, a luaithe is féidir tar éis go dtarlaíonn teagmhas, bítear ag súil leis go ndéanann comhaltaí teagmháil leis an GISC ar a dTeitreachghutháin (a fheidhmíonn mar raidiúnna an Gharda Síochána chomh maith) thar an líonra Teitreachumarsáide agus sonraí an teagmhais a thabhairt d'fhreagróirí glaonna sibhialtaigh oilte sa GISC a iontrálann na sonraí ar chóras PULSE. Dheimhnigh an GISC don Fhoireann nach bhfuil uimhir shaorghlao an GISC in úsáid a thuilleadh (mar sin, ní úsáidfeadh comhaltaí a ngutháin phóca féin chun teagmhais a ghlao isteach).

Mhínigh an Fhoireann don GISC, le linn a n-imscrúduithe roimhe seo ar stáisiúin an Mhuilinn gCearr agus Dhomhnach Broc, deimhníodh don Fhoireann gur bheartas an AGS é gur cheart gach taifead ar theagmhais as a n-eascraíonn gabháil nó coinneáil duine aonair a chruthú ar PULSE ag an GISC i gCaisleán an Bharraigh.

Luaigh an GISC go n-oibríonn siad ar bhonn 24/7 agus go bhfuil trí sheal éagsúla scoilte á n-oibriú. Luaigh an GISC gurb ionann an meánam chun na sonraí faoin teagmhas a ghlacadh ná 6 nóiméad. De ghnáth, mhínigh an GISC go mbeadh thart ar 25 comhalta foirne ar an uainchlár do gach seal. I measc na sealanna, tá lucht 27 athbhreithneoir a chuimsíonn na sealanna éagsúla agus a dhéanann athbhreithniú ar gach iontráil a chruthaítear ó thús deireadh an tseala agus a sholáthraíonn cúnaimh leanúnach don Fhoireann le linn an tseala. Rinne an GISC cur síos ar ról an athbhreithneora amhail comhsheasmhacht a chinntiú sa tslí

¹⁴ <http://www.Garda.ie/Controller.aspx?Page=4002&Lang=1>

a chatagóirítear teagmhais agus chun feabhas a chur ar na sonraí uile a iontráiltear isteach in PULSE.

Mar aon le hoibrithe glaonna, athbhreithneoirí agus bainisteoirí dualgas den GISC atá sannta do gach seal, thagair an GISC dá rannóg Córas agus AD. I dtaobh na Rannóige Córas, mhínigh an GISC go soláthraíonn an rannóg seo tacaíocht theicniúil agus go ndéanann siad idirchaidreamh le TF an Gharda Síochána ar bhonn laethúil agus go dtabharfaidís faoi thuar iompair i dtaobh uainchláir foirne agus leibhéil foirne a phleanáil agus patrúin saoire etc. á gcur i gcuntas i dtaobh buaicamanna póilíneachta nó príomhimeachtaí. Thug an GISC le fios, chomh maith, go ndéanfaidís idirchaidreamh le Beartas Coireachta an AGS i dtaca le saincheisteanna ar PULSE, ar nós an idirdhealaithe idir iarracht ar bhuirgléireacht agus teagmhas de dhamáiste coiriúil.

Ionsaithe Gnéasacha/Cionta Gnéasacha

Chuir an GISC an Fhoireann ar an eolas, ó Dheireadh Fómhair 2011, gur chuir foireann an GISC tús le teagmhais ionsaithe gnéasacha a chur i dtaifead ar PULSE. Mhínigh an GISC gur cuireadh oiliúint shonrach ar an bhfoireann uile sa GISC dó seo agus go gcuirtear an iontráil a chruthaítear in PULSE, ina thaobh seo, faoi bhráid an athbhreithneora ar an ngnáthbhealach. Shoiléirigh an GISC don Fhoireann go bhfuil rochtain ag an bhfoireann uile den GISC a oibríonn mar oibrithe glaonna ar na teagmhais seo, mar gheall go bhféadfadh comhalta glao ar ais chun an taifead a nuashonrú agus go dteastódh rochtain ón bhfoireann ar an gcúis seo. Luaigh an GISC, chomh maith, go raibh rochtain ag an bhfoireann uile a bhí ag oibriú mar oibrithe glaonna ar na sonraí seo mar gheall ar an gcóras dáilte glaonna a bhí i bhfeidhm a rinne glaonna a dháileadh bunaithe ar chóras scuaine agus nach bhféadfadh seo a shárú.

D'iarr an Fhoireann ar an AGS chun níos mó sonraí a sholáthar maidir leis an gcúlra a rialaíonn an cinneadh chun rochtain a sholáthar ar an limistéar coiscthe seo de PULSE don fhoireann sibhialtach sa GISC agus aird air go bhfuil cosc ar rochtain sa limistéar seo i dtaobh rochtana de réir chomhaltaí céime an AGS. Mhínigh an GISC go raibh orthu, i dtosach báire, gach teagmhas a chur i dtaifead, ach mar gheall ar chineál íogair Teagmhas um Mí-Úsáid Ghnéasach, cuireadh a mbailiú sonraí lasmuigh de shainchúram an GISC. Luaigh an GISC gur éirigh sé ní ba dhealraithí, agus sonraí á mbailiú go lárnach trí ghniomhairí an GISC i gcomhairle leis na Gardaí túsline, gur lig luas an bhailithe d'fhoireann oilte Gardaí chun aistriú ó roinnt feidhmeanna riaracháin chuig póilíneacht túsline. In 2010, shainaithin Cigireacht an Gharda Síochána roinnt sonraí leagáide agus iarradh ar an GISC a chinntiú gur cuireadh na sonraí seo i dtaifead go cruinn ar PULSE. Ina dhiaidh sin, tar éis caighdeán inghlactha a bhaint amach, mhol Cigireacht an Gharda Síochána, ina dTuarascáil ar Fhreagairt do Mhí-Úsáid Ghnéasach Leanáí (2010) an méid a leanas:

“ar mhaithe le Dearbhú Cáilíochta, úsáidtear seirbhísí Lárionad Seirbhísí Faisnéise (GISC) an Gharda Síochána ag Caisleán an Bharraigh chun taifid de chionta gnéasacha a iontráil ar PULSE.” (Moladh 27)

I nDeireadh Fómhair 2011, tar éis gur cuireadh oiliúint ar fhoireann an GISC ar bhailiú sonraí faoi Theagmhas Gnéasach, chuir Bainistíocht an Gharda Síochána an moladh seo i bhfeidhm. Shoiléirigh an GISC go bhfuil a ról go sonrach maidir le bailiú sonraí agus le dearbhú cáilíochta na sonraí siúd i leith Rialacha Comhairimh Choireachta amhail bheith ar leith ó fhiosrú na dteagmhais a bailíodh. Luaigh an GISC, chomh maith, gur státseirbhísigh foireann an GISC a oibríonn laistigh den AGS, atá faoi cheangal ag an Acht um Rúin Oifigiúla agus a bhí faoi réir grinnfhiosrúchán agus imréiteach iomlán slándála an Gharda Síochána.

D'iarr an Fhoireann ar an AGS a mhíniú go díreach conas a chuirtear cosc ar sonraí faoi chionta gnéasacha laistigh de PULSE le haghaidh chomhaltaí an AGS. D'fhreagair an AGS,

agus mhínigh siad go bhfuil insint an teagmhais, láthair an teagmhais agus comhaltaí gaolmhara an Gharda Síochána (e.g. ainm agus stáisiún an chomhalta fiosraithe) de chuid teagmhas de chineál gnéasach infheicthe do gach úsáideoir ar féidir leo sonraí ar theagmhas PULSE a fheiceáil. Níl sonraí faoi thaifid ar Dhuine agus aon mhír eile atá nasctha leis an teagmhas sin infheicthe ach do chomhalta fiosraithe an Gharda Síochána, comhaltaí nach bhfuil faoi bhun céim Chigire, roinnt comhaltaí eile ar tugadh cead dóibh bunaithe ar iarratas (ITSU2) a d'fhaomh a nOifigeach áitiúil Ceantair agus an fhoireann ag an GISC a chruthaíonn, a nuashonraíonn agus a athbhreithníonn na teagmhais.

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir le cén chosaint a chuir an AGS i bhfeidhm agus iad ag iontráil an tsocraithe nua seo leis an GISC agus d'fhreagair an AGS lena lua go bhfuil an GISC mar chuid den AGS, a dtuairisc foirne le Coimisinéir an Gharda Síochána agus baineann na caighdeáin a bhaineann leis an eagraíocht ina hiomláine leis an GISC. D'athluaigh an AGS don ODPC gur choimeád an lucht bainistíochta sinsearaí san AGS, i dtosach báire, Teagmhais um Mí-Úsáid Ghnéasach lasmuigh de scóip an GISC go dtí go raibh siad sásta go bhféadfadh an tAonad seo san Eagraíocht na spriocanna a bhaint amach a leagtar amach ar bhunú dóibh agus d'fhan siad, ina dhiaidh sin, le measúnú agus moladh a fháil ó chomhlacht neamhspleách sular shín siad scóip an GISC trí bhailiú sonraí faoi Theagmhas um Mí-Úsáid Ghnéasach a cheadú. Bhí sé ina chonclúid ag Cigireacht an Gharda Síochána, tar éis dianscrúdú a dhéanamh ar an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní chun freagairt do shaincheisteanna um Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí, gurbh iad an GISC ab fhéarr a d'fhéadfadh maoirsiú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí maidir leis na teagmhais sin.

Mhínigh an AGS go mbaineann an chosaint chéanna le Cionta Gnéasacha a bhaineann le gach teagmhas eile. Is é cuspóir aonair an GISC a chinntiú go mbailítear na sonraí uile ar aon dul leis na caighdeáin is airde de chruinneas. Ar Chruthú Teagmhais, go sonrach, tá an GISC tiomanta do 80% de na glaonna a fhreagairt laistigh de 20 soicind, glaonna a láimhseáil laistigh de 6 nóiméad, ar an meán, agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh i leith na sonraí uile a bhailítear. Luaigh an AGS an tAcht um Rúin Oifigiúla amhail bheith mar phríomhchosaint a chinntíonn go mbaintear an úsáid chuí as na sonraí. Luaigh an AGS go n-eisíonn lucht bainistíochta an GISC meabhrúcháin ar rúndacht d'fhoireann an GISC ar bhonn leanúnach.

I dtaobh athbhreithniú ar nósanna athbhreithnithe, luaigh an AGS, mar tháirge sonraí, go ndéantar athbhreithniú ar gach teagmhas a bhailíonn an GISC ar bhonn intí. Ar a bharr sin uile, déantar athbhreithniú ar gach teagmhas atá á fhiosrú ó pheirspictíocht phóilíneachta ar leibhéal Oifigeach Ceantair agus go mbíonn siad faoi réir iniúchta ar leibhéal Rannóige, Réigiúnach agus Náisiúnta. Thug an tAonad Iniúchta Inmheánaigh laistigh den AGS cuairt ar an GISC líon uaireanta i gcomhthéacs na hathleanúna maidir le saincheisteanna a eascraíonn ina n-iniúchtaí éagsúla ar chodanna eile den AGS. Anuas air sin, thug Coimisinéirí Cúnta agus an tIar-Phríomh-Oifigeach Riaracháin cuairt ar an GISC.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, chomh maith, gur thug Cigireacht an Gharda Síochána cuairt ar an GISC trí huairé. Ar an uair is déanaí, i bhFeabhra 2013, i gcomhthéacs a scrúdaithe ar bhainistíocht agus brath na coireachta laistigh den AGS, rinne an Chigireacht scrúdú ar láimhseáil glaonna, cruthú agus athbhreithniú teagmhas, Cáilíocht Sonraí, CJIPP agus Córais an GISC. D'iarr siad ar thuairiscí éagsúla ar fhaisnéis a bhí coimeáda ar PULSE. Soláthraíodh iad seo, ansin, tríd an gCoimisinéir Cúnta, Forbairt Eagraíochta agus Pleanáil Straitéiseach. Tuigeann an ODPC go n-eiseoidh Cigireacht an Gharda Síochána tuairisc in am trátha.

Thug an GISC an meastachán don Fhoireann gur cuireadh 67 glao, ar an meán, orthu sa tseachtain a rinne teagmhais a bhain le cionta gnéasacha a thuairisciú, a fhiosrú agus a nuashonrú. Sholáthair an GISC cóip de '**Cionta Gnéasacha – Treoirínte a Thaifeadadh – an 19 Deireadh Fómhair 2011**' don Fhoireann.

Tar éis go ndearnadh athbhreithniú ar **Chionta Gnéasacha – Treoirínte a Thaifeadadh**,

thug an Fhoireann faoi deara nach é beartas an AGS é chun ainmneacha, seoltaí nó láithreacha daoine a mbíonn baint acu in insintí. Thagair an AGS do **Bheartas an Gharda Síochána maidir le Coireacht Ghnéasach, Coireanna i leith Leanaí agus Leas Leanaí, an 2ra hEagrán, 2013**. Go sonrach, luaitear i gCaibidil 5 den bheartas maidir le Coireacht Ghnéasach ar PULSE:

5.2.5. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear na sonraí go léir i dtaifead sa teagmhas PULSE atá i gceist, lena n-áirítear Aitheantas PULSE an ghearánaí agus an té a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi. Tá fáil ar na sonraí seo ar PULSE ag an gcomhalta fiosraithe amháin don teagmhas atá i gceist, comhaltaí nach bhfuil faoi bhun céim Chigire agus roinnt comhaltaí eile ar tugadh cead dóibh bunaithe ar iarratas (ITSU2) a d'fhaomh a nOifigeach Áitiúil Ceantair.

5.2.6. Níor cheart do chomhaltaí aon fhaisnéis a chur san insint, áfach, a bhféadfadh sainaitheint an pháirtí a gortaíodh eascairt as. Áirítear leis seo, ainm, seoladh nó an caidreamh leis an té a rinne, má tá an té a rinne ainmnithe. Tá fáil ag comhaltaí oibríochtúla ar insint gach teagmhais. Ligeann seo do chomhaltaí a bheith ar an airdeall ar na sonraí ginearálta a bhaineann le coireacht ina limistéar.

5.2.7. Nuair nach mbraitear cionta gnéasacha, teastaíonn na sonraí uasta ar an gciontóir san insint. Ar mhaithe le cabhrú le comhlachtaí oibríochtúla atá seo chun an té a rinne an cion a shainaitheint gan aitheantas an pháirtí dhíobháilaithe a nochtadh. I ngach cás, beidh fáil ar shonraí ar an gcomhalta fiosraithe agus ar a stáisiún don úsáideoir ar féidir leis/léi breis sonraí a lorg má theastaíonn, ar mhaithe le cúiseanna oibríochtúla.

Ba chuimhin leis an bhFoireann, i gcaitheamh chigireacht an Mhuilinn gCearr, gur luaigh an tOifigeach um Fhaisnéis Choiriúil (CIO) leis an bhFoireann go bhféadfadh go mbeadh uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhí á cruthú maidir le cion gnéasach (féach mír 4.4). Anuas air sin, amhail a shonraítear i mír 5.1, dúradh leis an bhFoireann go mbeadh céim agus comhad an AGS in ann a fheiceáil an raibh duine a gabhadh ar chlár na gciontóirí gnéis, ach nach mbeidís in ann clár na gciontóirí gnéis a chuardach. D'athluaigh an AGS go bhfuil rochtain faoi chosc ar theagmhais lena mbaineann cineál gnéasach ar PULSE, ach ní bheadh aon choisc ann, áfach, maidir leis an bhfaisnéis a léirítear i dtaifead faisnéise. Bheadh an CIO in ann na sonraí go léir a fheiceáil i dtaifead faisnéise ach ní hé go mbeadh rochtain acu chun na sonraí de chineál gnéasach a fheiceáil faoin duine a cuireadh i dtaifead i dteagmhas PULSE. Thug an ODPC le fios don AGS gur mheas siad gurbh ionann seo agus deachleachtas ó pheirspictíocht um chosaint sonraí.

Oibríthe Glaoiteora an GISC

Shuigh an Fhoireann síos le triúr comhaltaí foirne éagsúla den GISC a bhí ar an uainchlár an mhaidin sin chun glaonna a ghlacadh ó chomhaltaí agus chun teagmhais a chruthú ar PULSE. Rinneadh taispeántas cuimsitheach don Fhoireann ar an leibhéal sonraí breise agus soiléiriú a lorg oibríthe glaoiteora an GISC trí éisteacht leis na glaonna a glacadh agus a bhreathnú conas a chur oibríthe glaoiteora an GISC brú ag gach pointe chun faisnéis níos sonraí a fháil. Mar shampla, chuirfí goid vallaite nó sparáin ó chóta i dtaifead mar theagmhas 'Goid ó Dhuine' má bhí an cóta á chaitheamh ag an duine, agus chuirfí i dtaifead é mar theagmhas 'Goid Eile' má fágadh aon chóta leis féin ar crochadh ar chathaoir. Chuirfí an cás ina n-iontrálann duine siopa, earra a thógáil ón tseilf agus an siopa a fhágáil gan íoc as an earra i dtaifead mar theagmhas 'Goid ó Shiopa'. Dá dtógfadh an duine an t-earra céanna ó sheilf i seomra stórais an tsiopa sin, áfach, nach raibh rochtain ag an bpobal air, chuirfí an teagmhas i dtaifead mar theagmhas Buirgléireachta.

Fíordheimhniú Glaoiteora

Mhínigh an GISC don Fhoireann go bhfuil uimhir PIN PULSE ag gach Garda, a dhéanann siad a ionchur sula ndéileáiltear lena nglao. Féadfaidh láimhseálaí an ghlaio a fheiceáil, ar a ngléas láimhe, cibé acu ar fíordheimhníodh nó nár fíordheimhníodh an PIN, ach shoiléirigh an GISC go bhfuil an PIN féin dofheicthe. Má iontráiltear an PIN mícheart, tagann an Teachtaireacht ‘PIN Míchruinn’ aníos ar an ngléas láimhe. Ag an bpointe seo, seiceálann láimhseálaí an ghlaio aitheantas an ghlaioiteora trí mheascán den fhaisnéis a leanas a sheiceáil, atá ar fáil ar Chóras PULSE: Ainm iomlán, Uimhir Chláraithe, Stáisiún, Aonad agus Uimhir Ghualainne. Chuir an GISC an Fhoireann ar an eolas go bhfuil aitheantas pearsanta PULSE ag gach comhalta foirne chomh maith.

Taifid Dhúblacha

Mhínigh an GISC don Fhoireann an tábhacht a bhaineann le gach teagmhas a dhéanann comhaltaí a thabhairt le fios trína nglao isteach ag comhaltaí a mheaitseáil le haon taifead a bhaineann le duine aonair a d’fhéadfadh bheith ar PULSE cheana féin. D’fhéadfadh taifid dhúblacha bheith ann faoi dhuine laistigh de PULSE, mar shampla, mar gheall ar earráid i litriú ainm nó earráid digite i ndáta breithe. Luaigh an Fhoireann gur tháinig siad ar go leor taifid dhúblacha i gcaitheamh roinnt taispeántas agus cleachtais chuardaigh faoinar tugadh ar PULSE i gcaitheamh an iniúchta.

Mar fhreagairt, luaigh an AGS go raibh líon tionscnamh ann chun déileáil le ceist na dtaifead dúblach ar PULSE. Úsáideadh feidhmiúlacht Chomhcheangal PULSE in 2003 chun déileáil le ceist a bhain lena mhacasamhail de thaifid Duine agus Láithreach. Socraíodh Foirne Comhcheangal Rannáin mar chuid den phróiseas chun na hiarratais ar chomhcheangal a shainaithint, a mheasúnú agus a chruthú le haghaidh na dtaifead macasamhlaithe seo. In 2004, d’imir saincheistanna teicniúla tionchar ar an bpróiseas comhcheangal.

Eisíodh ‘Tuairiscí Macasamhlaithe Duine’ in 2007, atá in ainm is cabhrú le daoine aonair ar leibhéal áitiúil, taifid fhéideartha mhacasamhlaithe ar Dhuine ar PULSE a shainaithint. Sainaithnítear na taifid Duine seo mar thaifid fhéideartha dhúblacha bunaithe ar ainm, dáta breithe, seoladh agus stáisiún áitiúil Gardaí an duine agus scaiptear na tuarascálacha seo ar an gCeantar ábhartha. Eisíodh na tuairiscí leasaithe seo don eagraíocht ceithre huaire.

Shoiléirigh an AGS go bhfuil na hOifigigh Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil i gCeanncheathrú an AGS freagrach, ar an iomlán, as Próiseas Comhcheangal PULSE, ach go bhféadfadh go mbeadh ról le comhlíonadh sna tascanna seo ag an CIO nó an Sáirsint, ar leibhéal ní b’áitiúla. Mhínigh an AGS gurbh é an príomhriachtanas go mbeadh idirghabháil dhaonna i gceist lena chinntiú go raibh an chomhcheangail i gceart. Shoiléirigh an AGS nach bhfuil méarloirg glactha san áireamh sa phróiseas comhcheangal seo, ach má thugtar faoi chuardach ar an AFIS¹⁵ agus má seoladh méarloirg isteach roimhe sin, taispeánfaidh an AFIS meaitseáil agus d’fhéadfadh an t-eolas seo cabhrú leis an gcomhalta a dheimhniú cibé acu arbh é nó nárbh é comhcheangal an cúrsa ceart gníomhaíochta.

Nós Imeachta Athbhreithnithe

Léirigh an GISC don Fhoireann conas is gá do “athbhreithneoir” gach iontráil ar PULSE a sheiceáil, lena n-áirítear iad siúd a iontrálann freagróirí glaonna an GISC, mar aon le haon comhaltaí den AGS a chruthaigh taifead an teagmhais iad féin. Mheas an GISC go seoltar thart ar 13% de na taifid a chruthaíonn comhaltaí ar ais lena soiléiriú, agus is gnách gurb í an phríomhcheist ná nár iontráladh na comhordanáidí GPS. Shoiléirigh an GISC go mbaineann tábhacht leis na comhordanáidí GPS go ndéanfadh Aonad um Anailís Coireachta an AGS láithreacha coireachta a anailísiú agus a shainaithint. Anuas air sin, thagair an GISC do phleananna amach anseo laistigh den AGS chun comhordanáidí GPS a úsáid ar bhealach i bhfad níos gonta, ar nós leibhéal na maoinne aonair.

¹⁵ Córas Uathobrithe um Fhaisnéis Mhéarloirg

Taifid ar Ghlaonna

Chuir an GISC an Fhoireann ar an eolas go gcuirtear glaonna ar an GISC i dtaifead ó Eanáir 2007 i leith agus go stóráiltear iad ar fhreastalaí an láithreáin áitiúil. Dheimhnigh an GISC gur coimeádadh na sonraí seo go héiginnte go dtí seo ach gur chinn an GISC féin le déanaí go mbeidh orthu athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist seo mar gheall go bhfuil siad ar an ngannchuid i dtaobh spás stórála. Luaigh an GISC go gcoimeádtar glaonna ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu má thagann an tsaincheist chun solais maidir leis na sonraí a chuir láimhseálaí glaonna ar PULSE.

Mhol an Fhoireann don GISC go gcuireann siad beartas cuí coinneála i bhfeidhm le haghaidh gach taifid ar ghlaonna. D'fhiosraigh an Fhoireann maidir leis an riachtanas siarghabhálach is sine le glaonna a chur i dtaifead agus thagair an GISC d'iarratas amháin ón AGS ar chóip de ghlaon a cuireadh i gcás gur cuireadh glao calaoiseach i leith comhalta a theastaigh ón AGS le haghaidh cás cúirte. Shoiléirigh an GISC gur íoslódáladh an taifeadadh glaonna seo agus gur bhailigh Sáirsint den Gharda Síochána é i bpearsan. Mheas an GISC go raibh iar-aga thart ar 10 mí idir an tráth a cuireadh an glao i dtaifead agus a rinneadh an t-iarratas.

I dtaobh na tréimhse reatha éiginnte coinneála, mhínigh an AGS, mar gheall ar chineál íogair roinnt de na sonraí a bhailigh an GISC agus an chaoi go bhfanann na sonraí sin ar thaifead duine aonair ar feadh tréimhse éiginnte, is ríthábhachtach go gcoinnítear an trácht gutha ar feadh tréimhse éiginnte sa chás go n-eascraíonn ceisteanna maidir le cruinneas na faisnéise a bailíodh.

Slándáil Fhisiciúil: Diúscairt Dramhaíola

D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu an ndearna nó nach ndearna an GISC teagmháil le tríú páirtí maidir le diúscairt dramhaíola agus mhínigh an GISC, mar a tharla sé, go ndearna foireann an GISC an dramhaíl uile pháipéir a stialladh. Shoiléirigh an GISC go mbailíonn cuideachta áitiúil an t-ábhar stiallta, McGrath Industrial Waste Ltd., atá ag bailiú ábhair in-athchúrsáilte ar conradh bliantúil ó 2006 i leith. Luaigh an AGS, chomh maith, go ndéanann an Chuideachta seo dramhaíl rúnda a dhiúscairt, de réir mar a theastaíonn, ach luaigh an GISC, ar an iomlán, gur mheas siad nach láimhseálfaí ach fíor-bheagán sonraí ó PULSE nó aon fhoinse eile den AGS i bhformáid chlóite agus gur próiseáladh tromlach na sonraí ar líne trí PULSE agus ar an nguthán gan aon ghá a bheith ann tús a chur le hasphriontaí PULSE etc.

Ar an iomlán, mheas an Fhoireann, bunaithe ar an gcigireacht a rinneadh ar an GISC, a n-idirghníomhú le hoibríthe glaoiteora an GISC agus ar scrúdú ar na nósanna imeachta chun sonraí a chur i dtaifead amháil a thugtar breac-chuntas air i lámhleabhar PULSE, níorbh ann d'aon saincheisteanna um chosaint sonraí a bhí ina n-ábhar buartha maidir le próiseáil sonraí sa GISC.

5. Bunachair Shonraí Neamh-PULSE

Luaigh an AGS, athuair, an pointe a rinne siad ag an gcruinniú réamhniúchta an 5 Samhain go raibh líon suntasach córas agus bunachair shonraí ann a bhí suite lasmuigh de PULSE chomh maith. Sholáthair an AGS léaráid don Fhoireann ina raibh na tacair shonraí/feidhmeanna éagsúla a bhí suite díreach laistigh de PULSE, ar nós Torthaí Cúirte, Airm Thine, Maoin/Meaitseáil Maoine, Gairm agus limistéir atá lonnaithe ar fhorimill PULSE, ar nós Ceadúnas Tiomána agus Árachas Tiomána a Sholáthar, Gairm Finné, Barántais, Orduithe um Fhoréigean Baile, agus Leas Cláraithe. Thug an Fhoireann faoi deara go raibh an dealramh air go raibh an Clár Toghthóirí ceangailte le PULSE agus dheimhnigh an AGS go bhfuil sé san áireamh ar PULSE ach nach ndearnadh é a nuashonrú ó thart ar 2005. Anuas air sin, bhí bunachair shonraí sa léaráid ar leith ach go raibh siad inchuardaithe trí PULSE, ar nós Córas Uathoibríthe um Fhaisnéis Mhéarlorg an Gharda Síochána (AFIS). Bhailigh an léaráid forbhreachnaithe fothaí seachtracha sonraí chuig agus ó

ghníomhaireachtaí seachtracha, ar nós na Seirbhíse Cúirteanna, an NVDF agus an CSO, mar aon le bunachair shonraí atá suite amach ó PULSE, ar nós an Chórais Phróiseála Muirear Seasta (FCPS).

5.1 Clár na gCiontóirí Gnéis

Bhí líon bunachair shonraí mar ghné de léaráid ailtireachta PULSE a léirítear amhail bheith suite laistigh den AGS ach a bhfuil rochtain shrianta acu, ar nós Chlár na gCiontóirí Gnéis.

Mhínigh an AGS go soláthraíonn Aonad Bainistíochta agus Faisnéise na gCiontóirí Gnéis ag an mBiúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil bainistíocht ar an iomlán i leith taifid PULSE ar gach duine atá faoi réir cheanglais an Achta um Chiontóirí Gnéis, 2001. Áirítear leis seo monatóireacht an Gharda Síochána ar chiontóirí gnéis tar éis go scaoiltear leo agus comhlíonadh gach ceanglais a chinntiú, ar nós an cheanglais chun an Garda Síochána a chur ar an eolas laistigh de 7 lá faoina scaoileadh ó phríosún gur ciontaíodh iad i gcion gnéis agus a n-ainm agus seoladh a sholáthar. Ar a bharr sin, ní mór dóibh an AGS a chur ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh nó ainm agus ní mór dóibh fógra a thabhairt má tá sé ar intinn acu an Stát a fhágáil. Luaigh an AGS go bhfuil próiseas i bhfeidhm ag an Aonad seo lena chinntiú nach bhfuil sonraí na ndaoine aonair nach bhfuil faoi réir cheanglais Acht 2001 a thuilleadh a nuashonrú dá réir sin. Shoiléirigh an AGS go bhfuil na tréimhsí dá bhfuil daoine faoi réir cheanglais Chuid II den Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001 forordaithe ag Alt 8 den Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001 agus go ngearrtar iad go huathoibríoch ar aon dul leis an bpianbhreith a thugtar anuas don chiontóir sa Chúirt.

Mhínigh an AGS conas atá rochtain shrianta chisealaithe ar fheidhmiúlacht ar PULSE maidir le daoine atá faoi réir an Achta um Chiontóirí Gnéis, 2001. Shoiléirigh an AGS don Fhoireann nach féidir le tromlach chomhaltaí an AGS rochtain a fháil ar Chlár na gCiontóirí Gnéis, per se, ach má bhítear ag tabhairt faoi chuardach ar PULSE ar dhuine, chuirfí comhalta an Gharda Síochána ar an eolas go bhfuil an duine ar an gClár. Mhínigh an AGS gur gá don fhaisnéis seo a bheith ar fáil mar gheall go bhféadfadh go mbeadh ar na ciontóirí teacht i láthair ag stáisiún ainmnithe an Gharda Síochána. Féadfaidh gach comhalta den Garda Síochána fógra tosaigh a chruthú le haghaidh Ciontóir Gnéis ar PULSE.

Tá cosc ar an bhfeidhmiúlacht chun cuardach a dhéanamh ar thaifid a bhaineann le Ciontóirí Gnéis ar PULSE ach amháin i measc na foirne atá bainteach leis an Aonad um Imscrúdú ar lonsaithe Gnéis agus ar Fhoréigean Teaghlach, cigirí ainmnithe Idirchaidrimh Rannáin agus comhaltaí ainmnithe eile atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar Acht 2001 nó é a chur i bhfeidhm laistigh dá limistéar féin freagrachta.

Shoiléirigh an AGS nach mbíonn gach duine a chiontaítear le cion gnéasach faoi réir 'Cheanglais an Achta um Chiontóirí Gnéis, 2001'. Ní raibh daoine a ciontaíodh i gcion gnéasach (amhail a shainmhínítear san Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001) a chríochnaigh a bpianbhreith sular cuireadh tús le Cuid 2 den Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001 faoi réir 'Cheanglais an Achta' riamh.

Thagair an AGS do Threoir na Ceanncheathrú 81/2009 agus do Bheartas an Gharda Síochána maidir le Coireacht Ghnéasach, Coireanna i leith Leanaí agus Leas Leanaí, an 2ra hEagrán, 2013 mar phríomhthagairt a sholáthraíonn treoir maidir le leibhéal choinneála agus rochtana taifead a bhaineann le Ciontóirí Gnéis ar PULSE.

Mheas an Fhoireann, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an AGS, nach raibh aon saincheisteanna um chosaint sonraí ag eascairt maidir le próiseáil sonraí ar Chlár na gCiontóirí Gnéis.

5.2 CJIP - Tionscadal Imeasctha Ceartais Choiriúil

Mhínigh an AGS gur eascair comhéadan leictreonach idir an AGS agus an tSeirbhís Chúirteanna as críochnú rathúil an Tionscadail Imeasctha Ceartas Choiriúil (CJIP), agus gur seoladh gach toradh de chuid na Cúirte Dúiche agus gach achomharc de chuid na Cúirte Cuarda i leith ciontuithe sa Chúirt Dúiche go leictreonach ag an tSeirbhís Chúirteanna ar ais chuig an AGS ó 2008 i leith. Mheas an AGS gur eascair éifeachtúlachtaí nua agus cruinneas feabhsaithe as rath an imeasctha maidir le sonraí atá á gcoimeád ar PULSE.

Mhínigh an AGS don Fhoireann go n-éistfí le cúiseamh dúnmharaithe i dtosach báire sa Chúirt Dúiche agus is gnách go dtiocfadh an té a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi i láthair sa Chúirt Dúiche agus go ndéanfaí é/í a chúiseamh ach gur dhócha go seolfaí cás den sórt seo ar aghaidh lena thriail ar deireadh chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil. Shoiléirigh an AGS don Fhoireann, go dtí seo, nach raibh aon chóras leictreonach ann chun sonraí faoi thorthaí na Cúirte Cuarda/na hArd-Chúirte/ na Príomh-Chúirte Coiriúla ag an tSeirbhís Chúirteanna chuig an AGS. Chomhaontaigh an AGS, mar gheall air sin, go raibh dualgas ar chomhaltaí an AGS a fhreastalaíonn ar éisteachtaí cúirte chun torthaí na gcásanna seo a chur i dtaifead go cruinn agus go cuimsitheach. Ina leith seo, luaigh an AGS go soláthraíonn Treoir na Ceannteathrún 109/2011 treoracha sonracha maidir le torthaí cúirte a chur i dtaifead. Go hachomair, ceapann a nOifigeach Ceantair Maoirseoirí Cáis agus tá siad freagrach as toradh na cúirte a chur i dtaifead ar PULSE maidir le gach Triail roimh na Cúirteanna Cuarda agus na hArd-Chúirteanna. I roinnt cásanna, soiléirigh an AGS go dtugann roinnt foirne sibhialtacha atá bunaithe sa GISC faoi roinnt torthaí cúirte a chur i dtaifead. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur féidir le comhaltaí an Gharda Síochána teagmháil a dhéanamh leis an GISC agus iarraidh ar thoradh Trialacha faoinar tugadh os comhair na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte a chur i dtaifead ar PULSE ag foireann an GISC.

Molann an ODPC go gcuirtear gach toradh cúirte trí PULSE go leictreonach tríd an CJIP d'fhonn cruinneas na faisnéis a choimeádtar ar PULSE a chinntiú.

Soiléiríodh don Fhoireann, chomh maith, i dtaobh torthaí cúirte, go gcuimsítear i dtaifead PULSE taifead ar cibé acu an raibh ciontú nó neamhchiontú ann nó má rinneadh an cás a dhíbhe. Ní féidir toradh deimhnithe cúirte a fháil ach ón gcúirt agus má rinneadh toradh a achomharc, thug an AGS le fios go m'fhéidir go mbeadh orthu dul a fhad leis an tSeirbhís Chúirteanna chun an chóip dheimhnithe seo a fháil de thoradh na cúirte atá sínithe ag breitheamh.

5.3 Fiosrú Tiománaithe/Cuardach Feithiclí

Tá dhá chomhad ar leith sa Chomhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF): an Comhad Náisiúnta Feithiclí (NVF) ina bhfuil sonraí cláraithe agus úinéireachta gach feithicle; agus an Comhad Náisiúnta Tiománaithe (NDF) a sholáthraíonn sonraí faoi gach tiománaí ceadúnaithe in Éirinn. (Eascraíonn an NVDF as na bunchoinbhinsiúin ainmnithe ina raibh sé beartaithe go soláthrófaí na sonraí i gcomhad singil ag an Roinn Iompair).

Mhínigh an AGS go bhfaigheann siad comhad an NDF uair sa tseachtain ón Roinn Iompair (DoT). Aistrítear an comhad seo ón DoT chuig Freastalaí Slán an AGS trí VPN Slán an Rialtais agus ar phróiseáil rathúil an chomhaid seo, seolfaidh an AGS comhad aitheantais chuig an DoT.

Cuirtear nuashonruithe thaifead feithiclí an NVF a fhaightear ón DoT i bhfeidhm dhá uair sa tseachtain ar na taifid atá á gcoimeád ar an tábla Feithiclí. Déantar comhad an NVF a lódáil isteach go tábla feithiclí PULSE agus coimeádtar é leis na taifid feithiclí a chruthaítear go

díreach taobh istigh de PULSE (i.e. feithiclí ar a bhfuil cláruimhir iasachta). Tá taifid chomhad an NVF a choimeádtar laistigh de Thábla Feithiclí PULSE ‘inléite amháin’.

Shoiléirigh an AGS go lódáiltear comhaid an NVF agus an NDF isteach go bunachar sonraí PULSE agus go gcoimeádtar iad laistigh díobh mar tháblaí ar leith.

Dheimhnigh an AGS, má dhéantar ‘fiosrú faoi tiománaí’ (seachas fiosrú faoi dhuine) in PULSE, ní ghlactar an fhaisnéis ó PULSE féin, déantar an fiosrú i leith an Chomhaid Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF). Léirigh an AGS conas a d’fhéadfaí tiománaí a chuardach trí PULSE (ach i leith an NDF i ndáiríre) trína n-uimhir cheadúnais nó trína n-ainm agus a ndáta breithe a iontráil. Ina leith seo, shoiléirigh an AGS nach bhfuil rianta iniúchta acu do na cuardaigh seo mar gheall gurb é an NDF atá á mheasúnú seachas PULSE. Sa chás go dtugtar faoi chuardach feithiclí ar PULSE, ach nach bhfuil meaitseáil ann don fheithicil sin, coimeádtar taifead ar PULSE go fóill den fheithicil a cuardaíodh agus den chomhalta a thug faoin gcuardach.

Shoiléirigh an AGS nach gcuirtear na sonraí a choimeádtar ar an NVDF le próifíl an ‘duine’ laistigh de PULSE, mar sin, má cuardaíodh duine nach raibh aon déileálacha riamh acu leis an AGS agus an cuardach le haghaidh duine á úsáid laistigh de PULSE (seachas an fiosrú tiománaí), ní thiocfadh aon sonraí aníos ar an duine sin.

Luaigh an AGS nach féidir leis an AGS an líon pointí pionóis atá ar cheadúnas tiománaí a fheiceáil. Cuirtear an AGS ar an eolas nuair a dhícháilítear tiománaí ó thiomáint, bunaithe ar dhá phointe pionóis déag a bheith gearrtha air/uirthi.

Dheimhnigh an AGS don Fhoireann nach bhfuil rochtain ag comhaltaí an Gharda Síochána ar shonraí faoi Phointí Pionóis. Mhínigh an AGS nach bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil ar PULSE agus go gcuireann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i dtoll a chéile í. Faigheann an Garda Síochána sonraí, ón RSA, faoi tiománaithe a dícháilíodh mar thoradh ar 12 phointe pionóis nó níos mó a bheith gearrtha orthu in aon tréimhse trí bliana ar leith. Féadtar an fhaisnéis seo a iontráil de láimh ar PULSE ansin. Shoiléirigh an AGS go scaiptear an fhaisnéis seo chuig na Ceantair ábhartha agus go ndéantar é a thairfeadh ar PULSE ar leibhéal áitiúil.

Cuimsítear an reachtaíocht a rialaíonn oibriú an chórais phointe pionóis san Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2002. Coimeádann an RSA taifead ar phointí pionóis duine aonair. Gheobhaidh tiománaí fógra scríofa a chuirfidh ar an eolas iad go gcuirfead pointí lena dtaifead ceadúnas tiomána, go bhfuil pointí á mbaint dá dtaifead nó gur dícháilíodh iad ó bheith ag tiomáint. Go ginearálta, fanann pointí pionóis bheith formhuinthe ar chomhad tiománaí ar feadh tréimhse trí bliana. Dícháileofar aon tiománaí ar a ngearrtar 12 phointe pionóis nó níos mó laistigh d’aon tréimhse trí bliana ar leith ó thiomáint ar feadh sé mhí. Cuirfidh an RSA an duine aonair atá i gceist ar an eolas agus cuirfidh siad an Garda Síochána ar an eolas faoin dícháiliú agus faoin dáta a bheidh éifeacht ag an dícháiliú. Ní dhéanann ach an RSA an Garda Síochána a chur ar an eolas nuair atá tiománaí le dícháiliú.

Ní liostaítear san fheidhmiúlacht ‘Cuardach Tiománaí’ ar PULSE an líon pointí pionóis a bhaineann le taifead ceadúnas tiománaí. Cé go bhféadfadh tiománaí pointí pionóis a fháil mar thoradh ar chiontú i gcion pointe pionóis, ní thaispeánfar an fhaisnéis i sonraí Thoradh na Cúirte ar PULSE. Ba cheart don RSA a bheith curtha ar an eolas faoin gciontú ag an tSeirbhís Chúirteanna agus beidh ar an RSA aon phointí eile a eisítear nó aon dícháiliú eile a bhailiú a eascraíonn ó aon tarlú singil. Beidh an RSA ar an airdeall ar dháta na bpointí seo, más ann dóibh, teacht i bhfeidhm agus líon na bpointí féin atá á gcur le taifead duine aonair.

Dheimhnigh an AGS go gcuirfead i dtaifead sonraí aon dícháilithe a ghearrtar i gcúirt a eascraíonn ó ionchúiseamh ciona i dtaifead i dtoradh na cúirte agus go mbeidh sé infheicthe ar PULSE (e.g. cuirfead sonraí faoi dhícháiliú iarmhartach nó coimhdeach a ghearrtar sa Chúirt Dúiche san áireamh i dToradh na Cúirte a chruthaítear mar thoradh ar an bhfaisnéis a fháil go leictreonach ón tSeirbhís Chúirteanna).

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir leis na téarmaí comhaitheantais a bhaineann le dícháiliú tiomána idir Éirinn agus an RA (Tuaisceart Éireann san áireamh) a tháinig i bhfeidhm ón 28 Eanáir 2010. D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu an bhfuair an AGS na sonraí seo ón RSA nó ó fhórsa póilíneachta na RA. Thug an AGS le fios, mar fhreagairt, nach bhfuil ról acu i gcomhaitheantais dícháilithe.

Mar thacaíocht leis an dearbhú nach raibh an líon pointí pionóis ar cheadúnas infheicthe in PULSE (seachas nuair b'ionann an líon a gearradh agus 12), thaispeáin an AGS don Fhoireann nach mbeadh duine aonair, ar ar gearradh 6 phointe pionóis, mar shampla, fiú infheicthe ar PULSE faoi na cúinsí seo, murar íocadh fineáil a d'eascair ó mhúirear seasta, e.g. tiomáint ar luas agus má eisíodh gairm. Thug an Fhoireann faoi deara go raibh an Córas Próiseála Múirear Seasta suite lasmuigh de PULSE, faoi mar a léirítear i léaráid ailtreachta PULSE.

Luaigh an AGS gur córas náisiúnta ríomhairithe é an Córas Próiseála Múirear Seasta (FCPS) a saindearadh chun Fógraí um Múirear Seasta (FCN) a phróiseáil. Tá an Oifig Próiseála Múirear Seasta (FCPO) lonnaithe i nDurlas agus oibrítear í faoi choimirce Bhiúró Náisiúnta Tráchtá an Gharda Síochána (GNTB). Sibhialtaigh, den chuid is mó, atá i measc na foirne san FCPO a iontrálann sonraí an Fhógra um Múirear Seasta ar an FCPS. Shoiléirigh an AGS nach ndéantar ach fineálacha nár íocadh a aistriú ón gCóras Próiseála Múirear Seasta sall go PULSE chun ionchúiseamh a éascú.

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann gur féidir le teagmhais FCPS bheith ina gcionta 'Idirghabhála' (e.g. Stop an Garda Síochána tiománaí ar an tsráid) nó 'Neamh-idirghabhála' (e.g. gluaisteán atá páirceáilte ar línte dúblacha buí nó tiománaí a rugadh ar cheamara luas). I bhfríotál eile, idirghníomhaíonn an Garda Síochána leis an tiománaí agus cuireann sé/sí sonraí an tiománaí i dtaifead (e.g. ainm, seoladh agus dáta breithe) nó ní idirghníomhaíonn an Garda Síochána leis an tiománaí agus cuirtear cláruimhir na feithicle i dtaifead, a úsáideann an FCPS chun sonraí an úinéara a aimsiú a cuireadh i dtaifead ar an gComhad Náisiúnta Feithicilí (NVF). Ní áirítear dáta breithe úinéir na feithicle san NVF.

Mhínigh AGS Dhomhnach Broc don Fhoireann an tábhacht a bhaineann leis an Oifig Próiseála Múirear Seasta (FCPO) maidir le fineálacha a chlibeáil leis an stáisiún agus an ceantar ceart agus rinne siad tagairt don tábhacht a bhain lena chinntiú gur sannadh an fhíneáil don duine ceart, mar shampla, sa chás go gcónaíonn beirt daoine den ainm céanna san áit chónaithe chéanna. Mhínigh an AGS don Fhoireann go dteastaíonn na céimeanna a leanas lena chinntiú sannadh ceart na fineála do dhuine aonair:

“Bunófar na sonraí a chuirtear i dtaifead ar bharántais a fhaightear ón tseirbhís chúirteanna mar gheall ar neamhíocaíocht fineálacha, a eisítear mar thoradh ar theagmhais FCPS, ar an bhfaisnéis a seoladh isteach chuig an tSeirbhís Chúirteanna. Is éagsúil a bheidh an fhaisnéis seo, amhail a dtugtar breac-chuntas air thuas, ag brath ar cibé acu ar chion 'Idirghabhála' nó 'Neamh-Idirghabhála' a bhí sa teagmhais agus cibé acu ar cruthaíodh an teagmhais ar PULSE de lámh nó go huathoibríoch ag an FCPS. Ní chuimseofar i dteagmhais a chruthaítear go huathoibríoch ag an FCPS stáisiún áitiúil don taifead ar dhaoine. Ní chuimseoidh teagmhais neamh-idirghabhála dáta breithe don taifead ar dhuine, mar gheall nach bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil ón NVF. Cruthóidh an FCPS taifead nua ar dhuine ar PULSE, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, sa chás nach féidir meaitseáil a shainaithint. Sa chás go gcónaíonn beirt daoine leis an ainm céanna ag an seoladh céanna (e.g. athair agus mac), beidh sé ina riachtanas go dtabharfaidh an comhalta a bhfuil iarracht á déanamh aige/aici an barántas a eisiúint, faoi na fiosrúcháin riachtanacha mar iarracht a dheimhniú cé dó a dtagraíonn an barántas (e.g. cé leis a bhfuil an gluaisteán cláraithe nó cé a bhí ag tiomáint an ghluaisteáin ag am an teagmhais).”

Sa chás nach n-íoctar an Fógra um Múirear Seasta, cruthóidh an FCPS teagmhais ar PULSE

agus cruthóidh siad iarratas ar ghairm a sheolfar ar aghaidh go leictreonach chuig an tSeirbhís Chúirteanna agus an fhaisnéis atá ar fáil a úsáid. Shoiléirigh an AGS, más cion 'Neamh-Idirghabhála' a bhí ann, ní chuimseofar san iarratas ar ghairm a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse Cúirteanna dáta breithe ná ní chuirfear 'Stáisiún Áitiúil Gardaí' an tiománaí i dtaifead chomh maith.

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann gur tugadh an fheidhmiúlacht maidir le Ceadúnas Tiomána agus Árachas a Sholáthar (DLIP) mar chuid d'Eisiúint PULSE 2. Cruthaítear taifid DLIP ar PULSE agus cruthóidh siad nasc idir an taifead DLIP, an taifead ar Dhuine agus an taifead ar Fheithicil. Dearadh scáileán na Catalóige, áfach, gan ach 'Móraonáin' a thaispeáint agus ní thaispeánann sé taifead DLIP ar scáileán na catalóige. (Ní thaispeántar fógra um chiontóir gnéis a chuirtear i dtaifead i leith an taifid ar dhuine ar scáileán na Catalóige ach chomh beag). Faightear rochtain ar theagmhais an FCPS trí PULSE ach ní croíchuid d'fheidhmiúlacht PULSE iad agus, ar an ábhar sin, ní thaispeánfar iad ar scáileán catalóige an duine.

Luaigh an AGS nár áiríodh le roinnt fiosrúchán a rinneadh ar dhuine nó ar fheithicil an chúis a raibh leis an taifead a sheiceáil agus go bhféadfadh go mbeidís seo mar thoradh ar thaifead DLIP a chruthú ar PULSE nach bhfuil le sonrú trí scáileán Catalóige Duine nó Feithicil in PULSE.

Mheas an ODP, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an AGS, nach raibh aon saincheisteanna um chosaint sonraí ag eascairt maidir lena scrúdú ar an limistéar seo.

5.4 Malartú Faisnéise faoi Phríosúnaigh

Shoiléirigh an AGS nach raibh aon fhotha sonraí ann go díreach le PULSE ó Sheirbhís Príosún na hÉireann maidir le sonraí príosúnach atá faoi choimeád/scaoilte i bpríosúin na hÉireann. Mhínigh an AGS go seoltar fógra faoi 'Chimiú Príosúnach' agus 'Scaoileadh Príosúnach' chuig an nGarda Síochána ag an tSeirbhís Príosún idir dhá agus trí huair sa tseachtain. Seolann an tSeirbhís Príosún an fhaisnéis seo trí Sheirbhísí an Rialtais ar thollán tiomnaithe criptithe VPN. Déantar na sonraí a sheoltar tríd an tollán seo a chripiú agus bogearraí á n-úsáid. Scaiptear an fógra seo ar na hOifigigh um Fhaisnéis Choiriúil agus d'Oifigigh Cheantair agus Rannáin ar fud na tíre.

D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu ar corpraíodh nó nár corpraíodh na sonraí seo ar aon limistéar coiscthe de PULSE nó an raibh fáil ghinearálta orthu laistigh de PULSE, e.g. an mbeadh dáta chimiú/scaoileadh príosúnaigh ceangailte isteach le PULSE agus an mbeadh sé infheicthe i gcuardach a dhéanfaí ar dhuine, mar shampla?

Mhínigh an AGS, mar fhreagairt dó seo, nach ann d'aon chóras díreach idir-inoibrithe leictreonach idir Seirbhís Príosún na hÉireann agus Córais Faisnéise an Gharda Síochána. Scaiptear fógraí a bhaineann le Scaoileadh/Cimiú Príosúnach ar ríomhphost chuig Oifigí Rannáin, Oifigí Rannóige agus Oifigigh um Fhaisnéis Choiriúil (CIO). Féadfaidh an CIO taifead faisnéise a chruthú ar chóras PULSE chun sonraí sonracha a chur i dtaifead i dtaca le duine aonair nó féadfaidh siad an fhaisnéis a bhaineann le scaoileadh a dhéanfar go luath go háitiúil.

Anuas air sin, feidhmchlár gréasáin aonair atá i 'Liosta na bPríosúnach' atá ar fáil ar ríomhairí pearsanta an Gharda Síochána a ligeann don AGS a dheimhniú an bhfuil duine aonair ar Liosta Phríosúnaigh an Phríosúnaigh. Soláthraíonn Seirbhís Príosún na hÉireann an fhaisnéis agus níl sí nasctha nó comhtháite le PULSE.

6. Méarlorgaireacht agus Grianghraif

Is éard atá i méarloirg agus i ngrianghraif catagóirí áirithe de shonraí pearsanta. Anuas air sin, tá feidhm lárnach acu maidir le gníomhaíocht imscrúdaithe na bpóilíní. Rinne an Fhoireann, ar an ábhar sin, scrúdú ar na cúinsí faoinar phróiseáil an AGS na sonraí pearsanta siúd. Luaigh an AGS gurb é an príomhbhonn dlíthiúil faoina nglactar grianghraif, méarloirg agus bosloirg ná Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, arna leasú ag an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

Chas an Fhoireann leis an AGS i mBiúró Teicniúil an Gharda Síochána an 8 Samhain, 2012 d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na cúinsí faoina nglacann an AGS méarloirg, agus a seoltar iad le hanailís a dhéanamh orthu, dá éis sin, chuig Biúró Teicniúil an Gharda Síochána ag Ceannteathrú an Gharda Síochána.

Mhínigh an AGS don Fhoireann, faoi Alt 48 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, nach féidir an t-údarú chun grianghraif, méarloirg agus bosloirg a ghlacadh ó dhuine atá faoi choinneáil a dheonú ag comhalta den Gharda Síochána de chéim atá faoi chéim Chigire. Go ginearálta, glactar grianghraif, méarloirg agus bosloirg le dea-thoil nuair a dheonaítear údarú.

Forálann an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007, chomh maith, d'úsáid a bhaint as fórsa réasúnta faoi chúinsí áirithe. Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, sa chás go gcoinnítear duine faoi Alt 4, agus go dteipeann air/uirthi nó go ndiúltaíonn sé/sí ligean go nglactar a g(h)rianghraif nó a m(h)éarloirg agus a b(h)osloirg de bhun Alt 6, an fórsa sin a úsáid a mheasann sé/sí is gá, go réasúnta, chun an grianghraif nó na méarloirg agus na bosloirg a ghlacadh. Shoiléirigh an AGS nach bhfeidhmeofar an chumhacht sin, seachas ar údarás comhalta den Gharda Síochána nach bhfuil faoi bhun chéim Cheannfoirt. Glactar grianghraif nó méarloirg agus bosloirg de bhun an ailt seo i láthair chomhalta den Gharda Síochána de chéim atá faoi chéim Chigire. Faoi na cúinsí seo, déanfar fístaifeadh ar na grianghraif agus na méarloirg agus na bosloirg sin a ghlacadh.

Scrúdaigh an Fhoireann forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil, 2007 maidir le méarloirg agus thug siad faoi deara an fhoráil in Alt 48(b) d'Acht 2007 a leasaíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 go gceadófar "fórsa réasúnta a úsáid faoi chúinsí áirithe".

6A.—(1) Gan dochar a dhéanamh do choitiantacht Alt 6, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, sa chás—

- (a) go bhfuil duine á choinneáil faoi Alt 4, agus
- (b) go dteipeann air/uirthi nó go ndiúltaíonn sé/sí ligean go nglactar a g(h)rianghraif nó a m(h)éarloirg agus a b(h)osloirg de bhun Alt , an fórsa sin a úsáid a mheasann sé/sí is gá, go réasúnta, chun an grianghraif nó na méarloirg agus na bosloirg a ghlacadh.

Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, gur leasaíonn Alt 48 d'Acht 2007 Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984, le foráil a dhéanamh don mhéid a leanas:

(5) Déanfar fístaifeadh ar na grianghraif agus na méarloirg agus na bosloirg sin a ghlacadh."

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir le hoibriú na forála seo agus cuireadh ar an eolas iad gur foráil seo ar annamh a mbaintear leas aisti, mar gheall go dtabharfadh seo le fios gur chuir an duine aonair in aghaidh a c(h)uid méarlorg a ghlacadh sa chás gur baineadh leas as fórsa réasúnta. Go teoiriciúil, luaigh an AGS, má bhí orthu glacadh méarlorg a chur i dtaifead sa chás seo, ba dhócha go mbeadh 'loirg fhliucha' glactha acu sa seomra agallaimh agus go gcuirfí glacadh na méarlorg i dtaifead agus trealamh taifeadta an agallaimh á úsáid.

Mhínigh an AGS don Fhoireann, in go leor cásanna, féadtar méarloirg a ghlacadh d'fhonn méarloirg a glacadh a láthair choire nó theagmhais thromchúisigh a mheaitseáil nó a bhaint agus nach féidir taifead orthu seo a choimeád ach sa chomhad Imscrúduithe ag an stáisiún ábhartha Gardaí agus nach ndéanfar na méarloirg seo a uaslódáil riamh ar Chóras

Uathoibríthe Méarloirgeachta an Gharda Síochána (AFIS).

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann go seolfar méarloirg uile dhaoine aonair a gabhadh agus a coinníodh chuig Biúró Teicniúil an Gharda Síochána le breis scrúdú a dhéanamh orthu agus chun iad a chur i gcomparáid lena chéile agus go n-uaslódálfaidh agus gcoimeádfaidh an AGS na méarloirg seo ar an AFIS, lena n-áirítear méarloirg dhuine aonair nach ndéantar a ionchúiseamh le haon chion ar deireadh.

Thagair an AGS d'Alt 18 de na Rialacháin um an mBail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád agus luaigh siad, má glacadh méarloirg le toil an ábhair shonraí, ní mór dóibh toiliú scríofa a shíniú.

Rinne an Fhoireann scrúdú ar na nósanna imeachta seo, ina dhiaidh sin, mar chuid dá n-imscrúdú ar stáisiúin Ghardaí an Mhuilinn gCearr agus Dhomhnach Broc.

6.1 Grianghraif/Méarlorgaireacht i Stáisiún Gardaí an Mhuilinn

gCearr

Soláthraíodh foirm **PC02** don Fhoireann sa Mhuileann gCearr ar thug siad faoi deara ar fhoirm thoilithe a bhí ann le haghaidh grianghraf atá le glacadh.

Ar lá na Cigireachta, sholáthair an AGS cóip d'**Fhoirm C72** don Fhoireann chomh maith, ar a bhfuil an teideal 'Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád – Rialachán 8 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 agus 2006.

Thug an Fhoireann faoi deara go luaitear i bhfoirm C72 gur féidir leis an AGS grianghraf duine a ghlacadh agus is cion é má dhiúltaítear amhlaidh a dhéanamh, mar sin, d'fhiosraigh siad maidir leis an bhfáth a raibh mír dheonach i bhFoirm PC02 a sholáthair AGS an Mhuilinn gCearr ina luaitear "Níl dualgas orm glacadh na ngrianghraf sin a sholáthar nó a cheadú".

D'fhreagair an AGS go gcuireann Foirm Fhógra um Chearta C72 an duine aonair ar an eolas gurb ionann agus cion é a dhiúltú go nglactar a ngrianghraf sa chás gur údaraigh comhalta den Gharda Síochána glacadh an ghrianghraif sin, nach bhfuil faoi bhun céim Sháirsint, ar mhaithe le cabhrú le sainaitheint an duine i dtaca le haon cheann de na himeachtaí a bhféadfaí tús a chur leo ina leith don chion ar gabhadh iad ina leith. Tagraíonn Alt 12 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 dó seo.

Tugann Foirm PC02 breac-chuntas ar na cúinsí faoinar glacadh grianghraf an duine. D'fhéadfadh seo teacht faoi chuimsiú údarú reachtúil nó toiliú deonach. Is cion é a dhiúltú go nglactar grianghraf faoi údarú reachtúil. Baineann an dearbhú seo dá dtagraíonn an ODPC ar Fhoirm PC02 le cás ina nglactar an grianghraf ar bhonn deonach. Mhínigh an AGS gurb é príomhchuspóir fhoirm PC-02 go n-uaslódálfar an grianghraf ar PULSE.

Méarloirg

Roimh chigireacht an Mhuilinn gCearr, cuireadh an Fhoireann ar an eolas i gCeanncheathrú an Gharda Síochána,

"má glacadh méarloirg le toil an ábhair shonraí, ní mór dóibh toiliú scríofa a shíniú. Luaigh an AGS gurb éagsúil don fhoirm seo i measc stáisiúin Ghardaí ach go raibh sé ar intinn ag an AGS chun foirm chineálacha a chruthú."

Thug an Fhoireann faoi deara gur thagair foirm PC02 don Fhoireann in AGS an Mhuilinn gCearr chun grianghraf a ghlacadh den toiliú amháin agus nár soláthraíodh aon fhoirm don Fhoirm le tagairt do mhéarloirg agus do thoiliú (bíodh siad ar bhonn deonach nó faoi údarú

reachtúil).

Tar éis go raibh an chigireacht ar bun, d'fhiosraigh an Fhoireann i scríbhinn maidir le cén Fhoirm a d'úsáid AGS an Mhuilinn gCearr chun toiliú scríofa ábhair shonraí a ghlacadh go nglacfar a méarloirg. Sholáthair an AGS foirm don Fhoireann, ina dhiaidh sin, a chuimsigh toiliú chun ligean do mhéarloirg, bosloirg agus grianghraif a ghlacadh. Tugann an ODPC go bhfreastalaíonn an fhoirm seo ar chás ina bhfuil glacadh méarloig/bosloirg/grianghraif ar bhonn deonach. Ní raibh an ODPC cinnte maidir leis an bhfáth a raibh tagairt ann do ghrianghraif ar an bhfoirm seo mar gheall gur dhéileáil foirm PC02 go heisiach le glacadh grianghraif cheana féin (bíodh siad ar bhonn deonach nó faoi údarú reachtúil).

6.2 Grianghraif/Méarlorgaireacht i Stáisiún Gardaí Dhomhnach

Broc Photographs & Fingerprints

Thagair AGS Dhomhnach Broc an Fhoireann d'Alt F den **Bhileog Choimeádta** ar a bhfuil an teideal 'F'. **Stádas an Duine atá Gafa/faoi Choimeád** agus a liostálann 6 chatagóir fhéideartha faoinar féidir an duine aonair a choimeád

- Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984
- Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996
- Alt 30 den Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit, 1939, arna leasú
- Alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007
- Alt 42 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999 arna leasú
- Eile

Shoiléirigh AGS Dhomhnach Broc don Fhoireann nach mbeadh ar aon duine a ghabhtar nó a choinnítear lasmuigh de na hAchtanna a liostaítear thuas (a thagann faoin gcatagóir 'eile' thuas) méarloirg, bosloirg nó grianghraif a thabhairt. Sna cásanna 'eile' seo, d'fhéadfadh ábhar sonraí a méarloirg agus a mbosloirg a thabhairt ar bhonn deonach. D'fháiltigh an Fhoireann roimh an soiléiriú seo agus thug siad faoi deara go raibh mír T den Taifead Coimeádta – **'Méarloirg, Bosloirg agus Grianghraif'** – comhsheasmhach, chomh maith, sa chaoi gur luadh na hAchtanna céanna – sa chás gur gabhadh/coinníodh duine fúthu etc. Anuas air sin, thug an Fhoireann faoi deara go léirítear na rialacha a rialaíonn cathain a theastaíonn méarloirg, bosloirg nó grianghraif, chomh maith, i bhfoirm **C.72 Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád**. Sa mhullach air sin, luaitear i bhfoirm C.72 Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád

"In aon chás eile, má dheonaíonn tú, féadfaidh comhalta do chuid méarlorg a ghlacadh etc le do thoiliú scríofa agus, má tá tú faoi bhun ocht mbliana déag d'aois, toiliú scríofa do thuismitheora/chaomhnóra.

Thagair AGS Dhomhnach Broc an Fhoireann d'Alt K den **Bhileog Choimeádta** ar a bhfuil an teideal 'F'. **Grianghraif – Mír 12 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006** agus tá boscaí ina gcuirtear tic le 'glacadh'/'níor glacadh' maidir le cibé acu ar glacadh nó nár glacadh grianghraif den duine aonair. Luaigh AGS Dhomhnach Broc gur féidir le Sáirsint glacadh an ghrianghraif a údarú agus go bhforálann an mhír seo le haghaidh cúinsí ina dtugann an t-ábhar sonraí a dtoiliú scríofa go nglacfar grianghraif díobh.

Sholáthair AGS Dhomhnach Broc cóip dá **bhFoirm PC02 – Toiliú chun Grianghraif, Méarloirg agus Bosloirg a Ghlacadh** don Fhoireann. Sholáthair AGS Dhomhnach Broc foirm eile don Fhoireann – **'Toiliú chun Grianghraif, Méarloirg agus Bosloirg a Ghlacadh'**. Ní fhéadfadh an Fhoireann aon difríochtaí suntasacha a idirdhealú idir cuspóirí gach foirme, ach thug siad faoi deara gur chuimsigh an dara foirm faisnéis a bhí dírithe ar an ábhar sonraí nach raibh i láthair ar fhoirm bhuí PC02. Thug an Fhoireann faoi deara gur chuimsigh an dara foirm a sholáthair AGS Dhomhnach Broc ráiteas sínithe ón ábhar sonraí.

Tugadh rabhadh domsa,dáta breithe.....
a chónaíonn ag.....
nach bhfuil dualgas orm toiliú a thabhairt go nglacfar mo ghrianghraf, méarloirg agus mo bhosloirg. Tuigim, má thugaim toiliú go nglacfar mo ghrianghraif, méarloirg agus mo bhosloirg, go bhféadfaí torthaí aon chomparáidí, scrúduithe nó tástálacha ar ghrianghraif, méarloirg agus bosloirg a ghlactar a úsáid i bhfianaise.

D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu ar úsáid AGS Dhomhnach Broc an dá fhoirm agus má d'úsáid, an bhféadfaidís breac-chuntas a thabhairt ar an méid a shíl siad a bhí i gceist leis na príomhdhifriochtaí a bhí idir an dá fhoirm.

Shoiléirigh AGS Dhomhnach Broc go n-úsáideann siad foirm PC02 nuair nach dtugann príosúnach toiliú go nglacfar a g(h)rianghraf ar bhonn deonach. Luaigh an AGS arís gur féidir leas a bhaint as údarás reachtúil chun grianghraf a ghlacadh de phríosúnach faoi ailt éagsúla reachtaíochta, faoi mar a leagtar amach é in PC02. Gabhann foirm PC65 leis an bhfoirm seo, ar féidir í a úsáid má thugtar toiliú go nglacfar méarloirg nó más gá leas a bhaint as údarás reachtúil. I mír láir Fhoirm PC65, tá ar an gcomhalta a shonrú cén t-údarás faoinar glacadh na méarloirg nó má soláthraíodh é ar bhonn deonach.

Ar an iomlán, i bhfianaise chigireachtaí an Mhuilinn gCearr agus Dhomhnach Broc, thug an Fhoireann faoi deara, cé go ndéanann an **Taifead Coimeádta** foráil do ghrianghraf an ábhair shonraí a ghlacadh lena dtoiliú, níl an dealramh air go bhfuil aon tagairt ann do chásanna ina dtugann ábhar sonraí a méarloirg ar bhonn deonach. Lorg an ODPC soiléiriú ar an bpointe seo. Dheimhnigh an AGS **nach** soláthraíonn foirm C.84.4 an Taifid Choimeádta mír ar leith lena thabhairt le fios gur thug ábhar sonraí méarloirg ar bhonn deonach. Luaigh an AGS gurbh é an nós imeachta chun soláthar deonach méarlorg a chur i dtaifead ag duine aonair sa Taifead Coimeádta chun sonraí a iontráil sa mhír 'Sonraí ar an ngníomh/tarlú' den taifead coimeádta.

Mheas an Fhoireann gur cheart an próiseas méarloirgeachta, ar thug AGS Dhomhnach Broc breac-chuntas air, mar ba cheart, a aithris ar fud an AGS.

6.3 Nósanna Imeachta agus Foirmeacha Caighdeánaithe

D'aithin an AGS go raibh leaganacha ní ba shine d'fhoirmeacha in úsáid i roinnt ceantar den Gharda Síochána agus gur cheart deireadh a chur leo. Tar éis na gcigireachtaí, sholáthair ceanncheathrú an AGS dhá Dhréachtfhoirm um Thoilíú chun Méarloirg a Ghlacadh don Fhoireann. Thug an Fhoireann faoi deara gur fhreastail an fhoirm ar chásanna faoi údarú reachtúil ina gceanglaítear ar dhuine a méarlorg/boslorg a sholáthar faoi Alt 28 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984. Dearadh an dara foirm ar aon dul le 'rialachán 18' den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 agus 2006, sa chás go síníonn an t-ábhar sonraí ráiteas ina ndeir siad gan srian ar bith orthu go dtugann siad toiliú a méarloirg a thabhairt.

Measann an ODPC go gcinnteodh tabhairt isteach na bhfoirmeacha seo, ar bhonn cineálacha, lena n-úsáid ag an AGS ag gach tráth, comhsheasmhacht agus trédhearcacht i dtaobh an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas ar a gcuid ceart ag pointe glactha a méarlorg/boslorg. Tá an tuairim seo bunaithe, áfach, ar fhaisnéis leordhóthanach a chur leis na foirmeacha seo i dtaca le ceart an ábhair shonraí go mbainfear a méarloirg i roinnt cásanna. Ar an iomlán, moltar go ndéantar foirmeacha cineálacha chun méarloirg, bosloirg agus grianghraif a ghlacadh a dhearadh, ainm a chur leo agus a scaipeadh le húsáid uilíoch a bhaint astu le comhsheasmhacht a chinntiú.

Má ghlactar méarloirg, luaigh an AGS go n-eiseofaí fógra um chearta de réir na faisnéise ar Mhéarloirg, Bosloirg, Grianghraif agus Tástálacha a chuimsítear in **C.72 Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád**. D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu an raibh nó nach raibh an fógra um chearta i gcomhréir le rialacháin 8(1) agus 8(2) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984

(An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád), 1987 agus 2006, is é sin, 8(2), a rinne an fhoráil a leanas:

(2) Tabharfaidh an comhalta i gceannas, gan mhoill, an duine a gabhadh nó cuirfidh sé/sí faoi deara go dtabharfar dó/di fógra ina gcuimsítear an fhaisnéis a shonraítear i bhfo-ailt (b) agus (c) d'alt (1) agus an fhaisnéis eile sin a ordóidh Coimisinéir an Gharda Síochána, le faomhadh an Aire Dlí agus Cirt ó thráth go tráth.

Mhínigh an AGS a staid, gurb é **C72 Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád** an fógra scríofa a thugtar do phríosúnaigh ina dtugtar breac-chuntas ar chearta uile príosúnaigh fad a bhíonn siad faoi choimeád an Gharda Síochána i gcomhréir le Rialachán 8(1) agus 8(2) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád), 1987 agus 2006. Thug an AGS le fios, chomh maith, go bhfuil fógraí iomadúla scríofa ann a bhaineann le daoine atá faoi choimeád, e.g. fógraí faoi Thaifeadadh Leictreonach Agallaimh, foirm um Cheistiú a chur ar Fionraí, Fógraíocht do Thiománaí ar Meisce maidir le heiseamail etc.

Measann an ODPC go bhfuil fógra scríofa C.72 i gcomhréir leis na rialacháin ach i gcásanna ina nglactar méarloirg nó bosloirg, measann siad go dteastaíonn faisnéis bhreise i dtaca le cearta duine aonair i leith faisnéise a bhaineann le coinneáil a méarlorg agus cearta gaolmhara a sholáthar i scríbhinn ag tráth a nglactha (féach mír 6.6. thíos).

Thagair an AGS do Ghrúpa Oibre ar Mhéarloirg laistigh den AGS a raibh athbhreithniú á dhéanamh acu ar líon ábhar a tháinig chun solais sa limistéar seo. Luaigh an AGS gur dréachtaíodh beartas leasaithe méarlorg agus gur seoladh é chuig Coimisinéir an Gharda Síochána lena fhaomhadh. Shoiléirigh an AGS gur bheartas inmheánach an AGS a bhí sa bheartas nua seo agus gurbh é a príomhdhírú láimhseáil cheart fianaise agus gníomhaíocht bhreise a ghlactar ag gach tráth de bhun sainithint dhearfach méarlorg a chinntiú.

Thug an AGS le tuiscint, chomh maith, go raibh sé ar intinn acu foirm ar leith a dhréachtú le haghaidh grianghraf mar gheall go gcuimsíonn cuid de na foirmeacha reatha grianghraif/méarloirg/bosloirg. Ón gcigireacht i leith, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas gur cuireadh foirm leasaithe PC-02, atá in ainm is déileáil le grianghraif amháin, i dtoll a chéile agus gur cuireadh an leagan reatha den fhoirm seo le liosta na bhfoirmeacha atá ar fáil ar thairseach an AGS i Nollaig 2012. Is é príomhchuspóir fhoirm PC-02 go n-uaslódálfar an grianghraf ar PULSE. Cuireann an fhoirm seo sonraí an duine agus an ghrianghraif i gcuntas, mar aon leis an údarás chun an grianghraf a ghlacadh (grianghraif dheonacha san áireamh), an t-oifigeach a d'údaraigh uaslódáil an ghrianghraif ar PULSE agus sonraí an CIO a chuir sonraí an ghrianghraif le PULSE.

6.4 Livescan

Luaigh an AGS, in go leor cásanna, glactar méarloirg agus rud ar a dtugtar Livescan á úsáid – innill leictreonacha mhéarloirgeachta a ghlacann scanadh méarloirg agus bosloirg ar scanóir mór – a tharchuireann na loirg go díreach isteach san AFIS. Shoiléirigh an AGS go bhfuil 24 stáisiún an Gharda Síochána timpeall na tíre ina bhfuil innill Livescan. Shoiléirigh an AGS, chomh maith, go nglactar méarloirg agus bosloirg ag an tráth céanna. Luaigh an AGS, sa chás go nglactar loirg gan Livescan a úsáid, seachadtar na loirg de lámh don GTB agus go bhfuil lá ar leith ann do gach ceantar Garda chun loirg a sheachadadh don Biúró Teicniúil.

I dtaobh an cheanglais ar dhaoine a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar thearmann in Éirinn a méarloirg a thabhairt, mhínigh an AGS go bhfuil roinnt stáisiún den Gharda Síochána, ar nós Léim an Bhradáin, socraithe ar an mbealach sin go soláthraíonn siad comhlimistéar méarloirgeachta de chuid Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána. Déanann comhaltaí an AGS an mhéarloirgeacht uile de chuid Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána a oibríonn mar oifigigh inimirce do Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána.

D'fhéach an Fhoireann ar an bprintéir Livescan a d'úsáid an AGS chun méarloirgeacht a

dhéanamh sa Mhuileann gCearr. Anuas air sin, thug an Fhoireann cuairt ar oifig oifigeach an GNIB. D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu ar threalamh déchuspóra a bhí i dtrealamh méarloirgeachta Livescan, i.e. cibé acu an nglacann nó nach nglacann AGS an Mhuilinn gCearr méarloirg ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil agus cuspóirí inimirce/an GNIB ar aon. Dheimhnigh AGS an Mhuilinn gCearr go raibh an printéir Livescan mar phrintéir déchuspóra a d'úsáid oifigeach an GNIB.

6.5 Seirbhís Mhéarlorgaireachta le haghaidh iarratas ar víosa thar lear

Chuir AGS Dhomhnach Broc an Fhoireann ar an eolas go soláthraíonn siad sraith méarlorg do dhaoine aonair a gceanglaítear orthu iad a sholáthar do thíortha a bhfuil sé ar intinn acu cuairt a thabhairt orthu. Dheimhnigh AGS Dhomhnach Broc nach gcoimeádann siad aon taifead ar na méarloirg agus gurb í an t-aon cháipéisíocht maidir leis an tseirbhís seo ná nóta de ghlacadh na méarlorg a chur i gcuntas i gcuntais an Gharda Síochána, dáta agus an méid a fuarthas. Shoiléirigh an AGS gur seirbhís atá i nglacadh na méarlorg faoi na cúinsí seo a sholáthraítear go náisiúnta ag an AGS. Thug an AGS le fios go gcruthaíonn an táille (60 euro faoi láthair) a bhaineann le soláthar na seirbhíse ioncam don státchiste. Tagraíonn Treoir na Ceanncheathrún 107/2011 - 'Táillí Leasaithe a Ghearrann an Garda Síochána' dó seo.

6.6 AFIS (Córas Uathobrithe um Fhaisnéis Mhéarlorgaireachta)

Thug an Fhoireann cuairt ar Bhiúro Teicniúil an Gharda Síochána chun scrúdú a dhéanamh ar obair na rannóige méarlorg, arb í an rannóg is mó sa Bhiúro Teicniúil. Tá líon foirne 46 foireann ag an rannóg méarlorg ina bhfuil Cigire, 9 Sáirsint, 30 Garda agus 6 shibhialtach.

Soláthraíodh rochtain don Fhoireann ar Chóras Uathobrithe Méarloirgeachta an Gharda Síochána (dá dtagraítear feasta mar an AFIS). Sholáthair an AGS an tábla thíos don Fhoireann ina gcuimsítear líon iomlán na gcásanna Tenprint a seoladh chuig an gCóras Uathobrithe um Fhaisnéis Mhéarloirgeachta (AFIS) amhail an 31 Iúil 2013.

Tenprintanna ar an gCóras (amhail an 31 Iúil 2013)

Saghas an Taifid	An Líon Iomlán ar an mBunachar Sonraí	An Tréimhse 6 Mhí idir Feabhra agus
An GNIB	84,445	20,900
Coiriúil	375,540	7,669
Ríomhvíosa	15,035	2,455
An ORAC	27,048	423
Interpol	5,734	1,198

Maidir leis na figiúirí thuas, shoiléirigh an AGS go mbaineann an ORAC le méarloirg a ghlac Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (ORAC) ar iarrthóirí tearmainn. Tagraíonn an GNIB agus Ríomhvíosa do mhéarloirg a glacadh ar mhaithe le cuspóirí Inimirce, mar shampla, glacann Biúro Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána (GNIB) méarloirg gach náisiúnaigh neamhAE ar chlárú dóibh sa stát.

Nóta: Áirítear leis an iomlán coiriúil gach aighneacht Livescan, leagáide, wetink agus príosúin, áirítear le hiomlán an ORAC gach aighneacht Livescan, wetink agus leagáid tearmainn.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go raibh 507,802 sraith méarlorg, ar an iomlán, atá stóráilte ar chóras an AFIS amhail an 31 Iúil 2013.

Méarloirg Iarrthóirí Tearmainn agus Neamhnáisiúnach

Thug an Fhoireann faoi deara go gcoimeádtar méarloirg scanta a ghlactar ar mhaithe le cuspóirí inimirce laistigh den AFIS. Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, bunaithe ar iniúchadh a rinneadh roimhe seo ar an ORAC, go scantar loirg isteach go EURODAC¹⁶ agus comhéadan á úsáid leis an AFIS. A fhad leis an gcigireacht, thug an Fhoireann le fios don AGS nach raibh siad ar an eolas ar mhéid iomlán na méarlorg a bhí á nglacadh sa chomhthéacs neamhchoiriúil.

Dheimhnigh an AGS don Fhoireann go scrúdaítear méarloirg iarrthóirí tearmainn maidir le meaitseálacha féideartha má dhéantar an AFIS a chuardach ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil. D'fhéach an Fhoireann ar tháirg ar iarrthóirí tearmainn a tháinig chun solais i gcuardaigh faoinar thug foireann an GTB chun cabhrú leo chun méarloirg a shainaithint. Luaigh an AGS don Fhoireann an tuairim atá acu, cé go raibh méarloirg de chuid iarrthóirí tearmainn infhaighte má chuardaigh an AGS an AFIS ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil, mheas siad go raibh idirdheighilt loighciúil ann idir méarloirg a coimeádadh san AFIS ar mhaithe le cuspóirí tearmainn/inimirce agus méarloirg a coimeádadh ar an AFIS ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil.

Thagraíomar an AGS do “theorannú cuspóra”, príomhchoincheap agus prionsabal sa reachtaíocht um chosaint sonraí ina gcuirtear srian soiléir ar chuspóir aon phróiseála ar shonraí pearsanta i leith cuspóir(i) sonracha(a) agus nár cheart go n-eascródh aon sonraí pearsanta a bailíodh in aon chomhthéacs amháin, a úsáidtear ar mhaithe le cuspóir eile neamhghaolmhar nó neamhshonraithe. Maidir le méarloirgeacht daoine aonair ar mhaithe le cuspóirí tearmainn agus inimirce, ní bheadh an ODPC ag súil leis go n-eascródh go dtiocfadh taifid iarrthóirí tearmainn aníos sna torthaí cuardaigh i gcuardach a dhéantar ar bhunachar sonraí méarlorg coiriúil an AFIS. Thugamar le fios don AGS an tuiscint atá againn, roimh an iniúchadh, gur coimeádadh na limistéir seo go hiomlán ar leith óna chéile agus dearbhaíodh don AGS, i gcaitheamh a n-iniúchta ar an GNIB i Márta 2011 gurbh amhlaidh a bhí.

Sliocht ó Iniúchadh an GNIB i Márta 2011:

Shoiléirigh an GNIB don Fhoireann nach gcoimeádtar méarloirg ar ‘chroíchóras’ an AFIS, ar bunachar sonraí coiriúil é, ach go gcoimeádtar iad ar limistéir ar leith den ‘AFIS’.

Measann an Oifig seo, cé go bhféadfadh na tacair sonraí seo a bheith dea-shannta mar thacair sonraí ‘ar leith’, níl na tacair sonraí seo, go réalaíoch, comhtháite nuair a thugtar faoi chuardaigh ar an AFIS ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil. Baineann seo den choincheap go bhfuil aon fhíor-dheighilt eatarthu. Is dóchúil go n-eascróidh go n-áireofar sonraí gach duine aonair a tháinig i láthair i gcomhthéacs tearmainn nó inimirce (gan iad a bheith eolach air seo nó toiliú a thabhairt dó seo) i gcuardaigh ar mhéarloirg faoina dtugtar mar chuid d’imscrúduithe coiriúla.

Tagraímid d’anailís mheán ar an AFIS, chomh maith agus tugaimid an tuiscint chéanna faoi

¹⁶ Bunachar sonraí lárnach is ea EURODAC a úsáidtear chun méarloirg dhaoine a stóráil a rinne iarratas ar thearmann i mBallstát an AE. Úsáidtear é le daoine a shainaithint a bhféadfadh go ndearna siad iarratais roimhe seo ar thearmann.

deara.

Fógraíodh bunachar sonraí an AFIS i Samhain 2006, le tréimhse chríche 18 mí. Coimeádtar é i mBiúró Teicniúil an Gharda Síochána ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána, ar chostas €18 milliún. Bunaíodh é ar an gcóras a úsáideann an FBI i SAM, agus bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha san AE lena thabhairt isteach.

Tháinig sé in ionad lárchóras méarloirgeachta an Bhiúró Theicniúil – ar a raibh méarloirg ó láithreacha coire agus coirpigh a raibh amhras fúthu – agus rinne sé na háiseanna méarloirgeachta de chuid an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (ORAC) a nuashonrú le haghaidh iarrthóirí tearmainn.

Maidir leis an ORAC, lig an córas do Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána (GNIB) méarloirg gach náisiúnaigh neamhAE ar chláirú dóibh sa stát a ghlacadh. **Coimeádtar iad seo amach ó mhéarloirg choiriúla ar chúiseanna um chosaint sonraí agus saoirse sibhialta.**

19

D'fhreagair an AGS agus an méid a leanas a lua:

“tá gá leis an gcinneadh chun an marc mhéar láthair choire [sic] a chuardach i leith an bhunachair shonraí iomláin, lena n-áirítear an GNIB agus Tearmann agus is í tuairim an Ard-Aighne gur ceart amhlaidh a dhéanamh agus go bhféadfaí caitheamh leis mar theip ar dhualgas mura ndéantar é”.

D'iarramar ar an AGS a shoiléiriú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon bhonn dlíthiúil nó foráil sna hachtanna um cheartas coiriúil nó sa dlí inimirce a cheadaíonn próiseáil méarlorg iarrthóirí tearmainn agus neamhnáisiúnach a iontrálann an tír ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil.

Sholáthair Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána an fhreagairt a leanas:

“Tugann an Garda Síochána faoi thrí (3) fheidhm ar leith a bhaineann le hábhar maidir leis an bpróiseas inimirce a oibrítear sa Stát. Ar an gcéad dul síos, tugann comhaltaí an Gharda Síochána a ceapadh mar oifigigh inimirce ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bun Alt 3 den Acht um Inimirce, 2004, faoi rialáil inimirce ag poirt fhaofa iontrála chuig an Stát. Ar an dara dul síos, leagtar ceanglas ar an nGarda Síochána, ag Alt 9 d'Acht 2004, chun clár a choimeád de neamhnáisiúnaigh áirithe a chónaíonn sa Stát. Ar an tríú dul síos, tugann an Garda Síochána faoin bpróiseas lena mbaineann neamhnáisiúnaigh a bhaint ón Stát faoi chúinsí nach mbíonn aon chead acu a thuilleadh chun fanacht ann.

Ceanglaíonn Alt 9 d'Acht 2004 ar neamhnáisiúnach chun roinnt critéar a sholáthar d'oifigeach clárúcháin don cheantar clárúcháin ina bhfuil sé nó sí ina c(h)ónaí. Leagtar amach liosta na gcritéar seo i Sceideal 2 den Acht. Ceanglaíonn Alt II den Sceideal “síníú agus méarloirg a sholáthar, má theastaíonn siad ón oifigeach clárúcháin”.

Féadfaidh oifigeach inimirce, thar ceann an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, de bhun fhorálacha Alt 4(3) d'Acht 2004, a dhiúltú chun “cead” a thabhairt do neamhnáisiúnach má tá sé/sí sásta, i measc rudaí eile, “gur ciontaíodh an neamhnáisiúnach (cibé acu sa Stát nó in áit eile) i gcion atá inphionóis faoi dhlí áit an chiontaithe ag príosúnacht ar feadh tréimhse bliain amháin nó níos faide nó ag pionós níos tromchúisí” nó “go bhféadfad iontráil an neamhnáisiúnaigh isteach, nó a láithreach sa Stát bheith ina bagairt don tslándáil náisiúnta nó bheith i gcodarsnacht do bheartas poiblí”.

Ar an ábhar sin, is é an príomhchuspóir chun méarloirg a ghlacadh i bpróiseas clárúcháin neamhnáisiúnach dá bhforáiltear in Alt 9 d'Acht 2004 a chinntiú nach dtugtar cead do neamhnáisiúnach chun tuirlingt nó cónaí sa Stát faoi chúinsí ina bhfuil ciontú coiriúil ina leith nó go bhfuiltear amhrasach go raibh baint aige/aici i ngníomhaíocht choiriúil.

Tá sé tábhachtach, chomh maith, sa chás gur deonaíodh cead do neamhnáisiúnach chun

cónaí sa Stát agus go gciontaítear é/í i dtaobh cion coiriúil ina dhiaidh sin nó go dtugann sé/sí faoi aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh bagairt ar shlándáil náisiúnta nó bheith i gcodarsnacht le beartas poiblí, déantar breithniú, a luaithe is féidir, ar an gcead thuasluaite a chúlghairm. Méadaítear go mór cumas an Gharda Síochána chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le cead a thabhairt/a dhiúltú chun tuirlingt/cónaí sa Stát do neamhnáisiúnaigh trí mhéarloirg a ghlacadh i bpróiseas clárúcháin neamhnáisiúnach.

Maidir le méarloirg a sholáthraíonn neamhnáisiúnaigh a dhéanann iarratas de bhun fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996, ceist í seo a thagann faoi chuimsiú shainchúram Oifig an Choimisinéara um Iarratais ó Dhídeanaithe (ORAC). Déantar méarloirg neamhnáisiúnach a ghlacadh a thagann isteach sa Stát agus a dhéanann iarratas de bhun Acht na nDídeanaithe, 1996 de bhun fhorálacha an Achta sin agus eisítear 'deimhniú um chónaitheacht shealadach' dóibh. Amhail a luadh roimhe seo, tá ar neamhnáisiúnaigh a ndéanann cead dóibh fanacht sa Stát ar feadh tréimhse nach faide ná nócha (90) lá clárú leis an nGarda Síochána agus glactar a méarloirg sa phróiseas sin sula n-eisítear iad le 'deimhniú clárúcháin'.

Tá an chuma air go bhfuil sé réasúnta ar na cúiseanna a dtugtar breac-chuntas orthu thuas, go meaitseáiltear méarloirg a sholáthraíonn neamhnáisiúnaigh a chuirtear ar an gclár neamhnáisiúnach i leith an bhunachair shonraí choiriúil. Déantar seo lena chinntiú nach bhfuil taifead coiriúil acu nó nach bhfuiltear in amhras orthu go mbagróidh siad don tslándáil náisiúnta.

Is ábhartha a lua, chomh maith, go ndiúltaítear do thromlach mór na n-iarratas ar thearmann, b'fhéidir os cionn 90% den iomlán. Ar an ábhar sin, murar ceanglaíodh ar iarratasóirí chun méarloirg a sholáthar agus mura meaitseáladh na méarloirg sin i leith bunachair shonraí eile, ní sholáthródh iarratas ar thearmann a dhéanamh meicníocht do dhaoine a bhfuil cuspóir coiriúil acu nó a bhagraíonn don Stát, go ndéanfaí a mbrath a sheachaint. Mar gheall ar an méid sainaitheantach agus ar an bhfaisnéis eile bhréagach a sholáthraítear sa phróiseas tearmainn, bhunaigh an GNIB oibríocht ar leith a dhíríonn ar an gcoirpeacht atá i gceist.

Seo a leanas sampla den tábhacht a bhaineann le méarloirg a úsáid chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a luaithear thuas. Ar lá áirithe, tháinig neamhnáisiúnach, a tháinig i láthair sa Stát ar an gcéad lá mar iarrthóir tearmainn ag an oifig chlárúcháin a oibríonn an GNIB ag Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath 2. Mar gheall ar an éiginnteacht a tháinig chun solais maidir lena aitheantas fíor, glacadh a mhéarloirg. Tar éis na méarloirg thuasluaite a sheiceáil leis na bunachair shonraí ábhartha, deimhníodh go raibh eolas ag údarais inimirce na RA ar an bhfear agus aitheantas eile agat agus go raibh baint aige i ngníomhaíocht choiriúil sa RA. Tháinig sé chun solais, chomh maith, go raibh an fear a raibh eolas air le haitheantas eile ar dhuine de na daoine ba mhó a rabhthas sa tóir air san Eoraip, mar gheall go rabhthas in amhras go raibh sé bainteach i ngáinneáil ar a mhéid le haon chéad leanbh chuig an Eoraip ón Afraic, ar mhaithe le mí-úsáid ghnéasach. Rinneadh an fear a eiseachadadh, ina dhiaidh sin, chuig an Ísiltír, áit ar sheas sé chun trialach agus inar ciontaíodh é i gcionta a bhain le gáinneáil ar dhaoine, áit arbh iad leanaí a bhí i measc na n-íospartach a raibh mí-úsáid ghnéasach le baint astu.

Anuas air sin, faoi Alt 15 den Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, ní mór don Aire a bheith sásta, i measc coinníollacha eile, gur duine dea-charactair" atá san iarratasóir go ndéanfar iarratas ar shaoránacht."

Mhínigh an AGS go bhfuil Croíbhunachar sonraí an AFIS deighilte chun méarloirg iarrthóirí tearmainn agus méarloirg a stóráil a ghlactar mar chuid d'imscrúduithe coiriúla i ndeighiltí leithleacha loighciúla ar bhunachar sonraí an AFIS. Soláthraíonn réiteach an AFIS an cumas chun an spriocbhunachar sonraí a shainiú atá le cuardach nuair a bhíonn cuardach á sheoladh ar aghaidh. Déantar seo a shainiú ar an leibhéal sreafa oibre agus is riail ghnó í do gach cuardach faoina dtugtar agus sreabhadh ar leith oibre á úsáid. Luaigh an AGS gur sainíodh sreabhadh oibre agus rialacha gnó an chórais mar chuid de na seisiúin riachtanas a

bhí ar bun in 2006 do chóras nua an AFIS. Tá sreabhadh oibre an chórais le haghaidh cuardaigh choiriúla ar tenprint deartha ionas go ndéanfar an cuardach i leith gach tenprint, lena n-áirítear iad siúd a stóráiltear i ndeighiltí iarrthóir tearmainn an bhunachair sonraí sin. Mhínigh an AGS, anuas air sin, go dtugtar faoi gach cuardach ar bhunachair sonraí an AFIS ar mhaithe le himscrúdú coiriúil nó mar chuid de chlárú neamhnáisiúnach i measc an uile thaifid ar an AFIS, lena n-áirítear taifid 'Choiriúla', an GNIB, an ORAC agus Ríomhvíosa agus Interpol. Seolfar foinse na dtaifead ar aon mheaitseálacha a aimsítear ar ais mar chuid de na torthaí cuardaigh.

Luaigh an AGS, arís, an tuairim a bhí acu bunaithe ar chomhairle ó Oifig an Ard-Aighne, gur féidir méarloirg agus sonraí gaolmhara beathaisnéise de chuid iarrthóirí tearmainn a glacadh tar éis gur cuireadh tús leis an Acht um Inimirce, 2003 a chomhroinnt go hiomlán leis an nGarda Síochána. Luaigh an AGS gur thacaigh comhairle ó Oifig an Ard-Aighne, go comhsheasmhach, le comhroinnt na faisnéise seo, agus luadh cás Desmond V Glackin (Uimh. 2) [1993] 3 I.R. 67 agus mhol siad nach gcuirfidh glacadh méarlorg faoi Alt 9(A) d'Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú) cosc ar an nGarda Síochána ó rochtain dhleathach a bheith acu ar na méarloirg sin ar mhaithe le himscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla. Mhol an AGS go ndéanfaidh an ODPC athmhachnamh ar a moladh de bhun chomhairle an Ard-Aighne.

I dtaobh an bhoinn dhlíthiúil a luaigh an AGS agus Oifig an Ard-Aighne, forálann alt 9A(6) d'Acht na nDídeanaithe, 1996 go socródh Coimisinéir an Gharda Síochána taifead a choimeád ar mhéarloirg a glacadh faoi Alt 9A(1). Anuas air sin, ceanglaíonn na hAchtanna Inimirce, 2003 agus 2004 nach dtugtar cead chun tuirlingt nó cónaí sa Stát do neamhnáisiúnach faoi chúinsí ina bhfuil ciontú coiriúil ina leith nó go bhfuiltear in amhras fúthu go raibh baint acu i ngníomhaíocht choiriúil. Anuas air sin, ní mór foráil a dhéanamh chun ligean don AGS aon chead a deonaíodh a chúlghairm ar bhonn na faisnéise a bhaineann le ciontuithe coiriúla a thagann chun solais ina dhiaidh sin.

Níl aon aighneacht, per se, ag an Oifig seo i gcoinne na méarlorg a chuireann daoine aonair a gcuirtear iad ar chlár neamhnáisiúnach iad atá faoi réir cuardaigh i gcoinne an bhunachair shonraí choiriúil le ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh a luaitear thuas a rialaíonn inimirce agus cónaitheacht. Ní chuirimid ina aghaidh na comhairle a chuir an tArd-Aighne ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas in 2002, cé nach féidir méarloirg a ghlacadh ach amháin "chun críocha an Achta seo" amháin a luaitear in Alt 9A d'Acht na nDídeanaithe, "ní chuireann seo cosc ar na Gardaí ó rochtain dhleathach a bheith acu ar na méarloirg sin ar mhaithe le himscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla".

Níor mheas Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí riamh go bhfuil cosc ar an AGS ó rochtain dhleathach a bheith acu ar na méarloirg sin ar mhaithe le himscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla. Féadtar an AGS Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí¹⁷ a ghairm, a fhorálann do rochtain ar na méarloirg sin, ach ar bhonn cás ar chás amháin sa chás go bhfuil cúis ann lena dhéanamh. Tá sé mar thuairim ag ár nOifig, áfach, nach gceadódh Alt 8(b) de na hAchtanna don AGS rochtain neamh-inchosanta a fháil ar na sonraí seo mar gheall nár glacadh na méarloirg i dtosach báire ar mhaithe le cúiseanna um fhorfheidhmiú dlí. Déanann na gníomhartha sin an bonn iomlán a fhairsingiú chun na méarloirg seo a phróiseáil agus, inár dtuairim, tá siad neamhoiriúnach don reachtaíocht um chosaint sonraí, is é sin – Alt 2(1)c(i) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí – "fuarthas na sonraí ar mhaithe le cuspóir amháin nó cuspóirí sonraithe follasacha agus dlisteanacha."

Mar chonclúid, measaimid go dtugann comhcheangal méarloirg iarratasóirí tearmainn, víosa agus cónaithe ar glacadh a méarloirg ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil mar chuid

17

Alt 8(b) "riachtanach chun ciontuithe a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh nó aon cháin, dleacht nó airgead eile atá le híoc nó iníoctha leis an Stát, údarás áitiúil nó bord sláinte a mheasúnú nó a bhailiú, in aon chás inar dhócha go ndéanfaidh feidhmiú na gcosc sin difear d'aon cheann de na ceisteanna a thuasluaitear."

de chuardaigh rialta faoina dtugann an AGIS, saincheisteanna chun solais ó pheirspictíocht um chosaint sonraí. Moltar go dtugann an AGS faoin tsaincheist seo arís leis an Ard-Aighne ar mhaithe le soiléireacht do gach páirtí atá i gceist agus comhthéacs reachtaíochta na hEorpa á chur i gcuntas.

Ina theannta ar an gcás reatha, measaimid go dtugann an reachtaíocht nua atá le tabhairt isteach, i dtaca le glacadh méarlorg agus samplaí DNA ar mhaithe le himscrúdú coiriúil cearta agus cosaint níos mó do dhaoine aonair a bhfuiltear in amhras fúthu go ndearna siad coir ná mar a thugtar d'iarrthóirí tearmainn agus neamhnáisiúnaigh a iontrálann an stát.

I dtaobh an cheanglais dhlíthiúil chun méarloirg a glacadh ar mhaithe le cuspóirí tearmainn a scriosadh tar éis gcoimeádtar iad ar feadh breis agus deich mbliana, léirigh an AGS an próiseas don Fhoireann, ar shoiléirigh an AGS go bhfuil an próiseas seo faoi réir athbhreithniú ag an ORAC roimh an bpróiseas bliantúil scriosta. Luaigh an AGS go ndéanann an ORAC athbhreithniú ar an liosta daoine aonair a bhfuil a dtaifid sceidealaithe lena scriosadh agus rachaidh siad i gcomhairle leis an AGS maidir le haon eisceachtaí. Luaigh an AGS go scriosann siad sonraí i mbaisceanna 20 ceann agus luaigh siad, chomh maith, go scriosann siad sonraí ar dhaoine eadóirsithe bunaithe ar liostaí a sholáthraíonn an ORAC. Thug an AGS le fios go gcoimeádann siad log fisiciúil ar na sonraí go léir a scriosadh ar chlár. D'fhéach an Fhoireann ar an gclár fisiciúil scriosta agus thug siad faoi deara go ngabhann sé siar fiche a cúig bliain. Mheas an Fhoireann go raibh gach rud in ord. Tar éis na cigireachta, áfach, dheimhnigh an Fhoireann, tar éis breis fiosrú a dhéanamh, nuair a scriostar méarloirg, ní scriostar iad, i ndáiríre, ó na téipeanna cúltaca, ach soiléirigh an AGS nach mbeadh na méarloirg inchuadaithe. Soiléirigh an AGS go ndéantar téipeanna cúltaca an AFIS a rothlú thar thréimhse cúig seachtaine agus nach bhfuil fáil ar na sonraí ar aon cheann de théipeanna cúltaca an AFIS ach ar feadh thréimhse cúig seachtaine sula ndéantar iad a fhorscríobh.

Shoiléirigh an AGS, chomh maith leis sin, go gcruthaítear "taifid atá éagtha cheana féin" ar bhonn míosúil a thabharfadh aon chásanna chun solais a rinneadh a aisghabháil go mícheart ó théip chúltaca. Sa mhullach air sin, ní bhainfeadh na saincheisteanna seo le hábhar sa chás gur theastaigh Aisghabháil Iomlán ar an gcóras. Ó suiteáladh an córas reatha in 2007, níor theastaigh Aisghabháil Iomlán riamh.

Iarratasóirí ar Víosá

D'iarr an Fhoireann ar shoiléiríú ón AGS, chomh maith, maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil méarloirg a glacadh mar chuid den phróiseas iarratais ar víosa (e.g. sa Nigéir) á stóráil agus á gcuardach ar an AFIS. Thug an fhaisnéis a leanas ar láithreán gréasáin an INIS¹⁸ le fios gurb amhlaidh a bhí an cás:

Ceisteanna Coitianta

Cuirfear tús le sonraí bithmhéadracha sa Nigéir i Márta 2010 agus is dócha go dtabharfar isteach é i láithreacha eile ag dáta níos déanaí.

C10. Céard a dhéanfaidh tú le mo thaifid mhéarlorg?

Stórálfar do mhéarloirg ar bhunachar sonraí oifigiúil lár in Éirinn agus seiceálfar é i leith gach taifid a choimeádtar ar an mbunachar sonraí seo. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mba ghá duit filleadh chuig an VAC go nglacfar do mhéarloirg sular féidir cinneadh a dhéanamh ar d'iarratas ar víosa.

C10. Cé leis a gcomhroinnfear mo thaifid mhéarlorg?

Féadtar do thaifid mhéarlorg, agus torthaí cuardaigh aon bhunachair shonraí a nochtadh do

¹⁸ [http://www.inis.gov.ie/en/INIS/Pages/Biometrics%20\(Fingerprinting\)#10](http://www.inis.gov.ie/en/INIS/Pages/Biometrics%20(Fingerprinting)#10)

Ranna Rialtais agus/nó Gníomhaireachtaí eile na hÉireann, an Garda Síochána (Póilíní na hÉireann) san áireamh, mar aon le húdaráis phoiblí an Aontais Eorpaigh/an LEE, agus/nó Stáit eile, lena n-áirítear ar mhaithe le sainaithe agus/nó stair inimirce.

Dheimhnigh an AGS don Fhoireann go stóráiltear gach sraith méarlorg a ghlactar mar chuid den Chlár Ríomhviósá (an Nigéir) ar an AFIS agus go ndéantar iad a chuardach i leith an bhunachair shonraí choiriúil.

Méarloirg Phríósúnach

Thug an ODPC faoi deara, chomh maith, go nglactar agus go stóráiltear méarloirg gach príósúnaigh a chiontaítear ar an AFIS ar feadh tréimhse éiginnte. Luaigh an AGS go nglactar méarloirg phríósúnach nuair a chuireann siad tús lena bpiambhreith agus gurb ionann agus fianaise na méarloirg seo den chiontú agus d'aitheantas an duine atá ag tabhairt faoin bpiambhreith mar gheall ar an gciontú sin.

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir leis an mbonn dlíthiúil chun méarloirg phríósúnach a ghlacadh agus thagair an AGS do I.R. Uimhir 252/2007 – Rialacha an Phríósúin, 2007.

10.

(1) Féadfaidh an Rialtóir tomhais, grianghraif, méarloirg agus bosloirg phríósúnaigh a ghlacadh agus a chur i dtaifead, nó a chur faoi deara go nglactar iad agus go gcuirfead i dtaifead iad ag aon tráth le linn thréimhse a p(h)ríosúnachta.

(2) Féadfaidh an Rialtóir tomhais, grianghraif, méarloirg agus bosloirg phríósúnaigh a sholáthar nó a chur faoi deara go soláthrófar iad don Gharda Síochána tar iarratas go ndéanann comhalta den Gharda Síochána iarratas dleathach.

Tá sé ar intinn ag an Oifig seo scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar an gceist seo leis an AGS agus le Seirbhís Príosún na hÉireann amach anseo.

Méarloirg a ghlacadh ar mhaithe le Cuspóirí Imscrúdaithe Choiriúil

Thagair an AGS do leasuithe reachtaíochta a rinneadh ina dhiaidh sin maidir le méarloirg sna hAchtanna um Cheartas Coiriúil, 2006 agus 2007. Shoiléirigh an AGS don Fhoireann gur shín na leasuithe an tréimhse faoina bhféadfaí méarloirg daoine a ghlacadh ar mhaithe le himscrúdú coiriúil a choimeád ag an AGS ó 12 mhí go dtí tréimhse éiginnte mura n-iarann an t-ábhar sonraí, iad féin, ar scríosadh a méarlorg ó Choimisinéir an Gharda Síochána.

Scrúdaigh an ODPC an soláthar a chuimsítear in Alt 49 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2007.

Scríosadh Taifead¹⁹.

49.— Leasaítear Acht 1984 ag ionadú alt 8 leis an alt a leanas:

“8.— (1) Sa chás gur glacadh taifid ó dhuine (dá dtagraítear san alt seo mar ‘an t-iarrthóir’) de bhua na gcumhachtaí a bhronnann Alt 6 nó 6A den Acht seo nó Alt 12 d’Acht 2006, agus imeachtaí i gcás ciona lena mbaineann Alt 4—

(a) nach dtionscnófar imeachtaí i leith ciona lena mbaineann Alt 4 i gcoinne an duine laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta ar tógadh na taifid, agus i gcás nach bhfuil an teip ar na himeachtaí siúd a thionscnamh laistigh den tréimhse sin mar gheall ar an gcaoi gur éalaigh sé/sí nó nach féidir é/í a aimsiú, nó

19

Ciallaíonn ‘taifid’ grianghraf (claonchló san áireamh), méarloirg agus bosloirg a ghlacadh de bhua na gcumhachtaí a bheireann Alt 6 nó 6A den Acht seo nó Alt 12 d’Acht 2006 agus gach cóip agus taifead gaolmhar díobh.

- (b) go ndearnadh iad a thionscnamh amhlaidh agus—
 - (i) tá an t-iarratasóir arna (h)éigiontú,
 - (ii) tá an cúiseamh i leith an iarrthóra maidir leis an gcion atá i gceist dífe faoi Alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, nó
 - (iii) cuirtear stop leis na himeachtaí,

féadfaidh sé nó sí iarraidh ar an gCoimisinéir go scriostar na taifid atá i gceist nó go gcuirtear teorainn ar a n-úsáid.

Dheimhníomar ón bhforáil seo, má leagtar na himeachtaí nó má leanann said agus má dhéantar an duine atá i gceist a éigiontú, ní mór don ábhar sonraí scríobh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána le hiarratas a dhéanamh go millfear na taifid bhainteacha, e.g. méarloirg agus má dhiúltaítear don iarratas, tá an ceart ag an ábhar sonraí, chomh maith, chun an cinneadh seo a achomharc leis an gCúirt Chuarda.

Molaimid gur cheart an ceart chun iarratas a dhéanamh go scriosfar méarloirg a choimeádtar ar an AFIS ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe choiriúil a chur le gach foirm scríofa thoilithe a shíníonn daoine a sholáthraíonn méarloirg go deonach nó a gceanglaíonn an AGS orthu a méarloirg a ghlacadh mar gheall go bhfuil an dealramh air nach bhfuil daoine ró-fheasach ar an gceart seo.

Tagraímid an AGS do “chás Marper” chomh maith, áit ar rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur rialáidh gur shárú a bhí i gcoinneáil sonraí DNA agus méarloirg phóilíní na RA ar feadh tréimhse éiginnte ar fhorálacha an ECHR ar phríobháideachas. Sa mhullach air sin, dheimhnigh Ard-Chúirt Shasana agus na Breataine Bige, i gcás R (ar iarratas an RMC agus FJ) v Coimisinéir Póilíní na Ceannchathrach agus Daoine Eile (an RMC agus FJ) – an 22 Meitheamh 2012, go sáraíonn coinneáil grianghraif de dhaoine a ghabhtar ach nach n-ionchúisítear iad ina dhiaidh sin, ar feadh tréimhse éiginnte, an ceart chun saoil phríobháidigh atá á chosaint in Alt 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Tá an Oifig seo ar an eolas go bhfuil na forálacha a bhaineann le samplaí DNA agus méarloirg a choinneáil agus a mhilleadh faoi reachtaíocht atá roimh an Oireachtas faoi láthair²⁰. Tá sé ar intinn againn athbhreithniú a dhéanamh ar an limistéar seo a luaithe a achtófar an reachtaíocht agus go gcuirtear tús leis na sceidil mhillte.

7. Uathaithe Uimhirphlátaí (ANPR)

Teicneolaíocht atá in Uathaithe Uimhirphlátaí (ANPR) a úsáidtear agus a mbaineann feithiclí Chór Tráchtá an Gharda Síochána leas aisti chun cabhrú leo i bhforfheidhmiú um thrácht ar bhóithre, agus faoi chúinsí sonraithe, cosc agus brath ginearálta a dhéanamh i leith coireacht thromchúiseach. Faoi láthair, tá 108 feithicil ann a bhfuil ANPR suiteáilte orthu ar fud na tíre. Úsáidtear feithiclí ANPR i ngach Ceantar an Garda Síochána anois, agus tá an líon feithicil a leithdháiltear i ngach ceantar bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear saghas na mbóithre, méid na mótarbhealaí agus próifíl gheografach.

Thug an Fhoireann faoi deara sa chéad ásc go ndearna an AGS idirchaidreamh leis an ODPC sular bainadh leas as ANPR.

Mhínigh an AGS don Fhoireann go n-áirítear le córas ANPR scáileán infheithicle, ceamara

²⁰ An Bille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Díl-Eolaíochta agus Córas Bunachair Shonraí DNA), 2013 -

<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/bills/2013/9313/b9313d.pdf>

atá dírithe chun tosaigh, ceamara cúil IR, méarchlár le cábla Ethernet agus bíonn cruu-earraí agus bogearraí i mbúit na feithicle. Áirítear le córais ANPR a shuiteáiltear i bhfeithiclí póilíneachta bóithre áis um fhístaifeadadh agus brath luais.

Má shuiteáiltear gléas ANPR i ngluaisteán patróil an Gharda Síochána, déanfaidh an gléas léamh ceamara a ghlacadh ar bhonn inghluaisteáin, agus Teicneolaíocht Aitheanta Carachtair Optúil de na hUimhreacha Cláraithe Feithicle (VRNanna) de chuid feithiclí eile atá ar an mbóthar. Seiceáiltear gach VRN i leith bunachar sonraí liostaí faire. Má bhraitear 'amas', tugtar comhartha infheicthe do na comhaltaí san fheithicil mar aon le pictiúr den fheithicil, taispeántar a VRN agus faisnéis ábhartha eile ar an scáileán ceamara sa ghluaisteán lena chur ar chumas chomhaltaí an Gharda Síochána chun cinneadh feasach a dhéanamh faoin bhfeithicil atá faoi chaibidil a stopadh.

Thug an Fhoireann faoi deara gur chuir an AGS an ODPC ar an eolas, roimhe seo, go bhféadfaí teacht ar an mbonn dlíthiúil ar a mbraitear le haghaidh ANPR a úsáid i bhfeidhmeanna ginearálta an AGS amhail a leagtar amach in Alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Anuas air sin, cuireadh an ODPC ar an eolas go bhfuil an méid a leanas i gceist sna tacair shonraí sa chóras ANPR:

1. Feithiclí Goidte,
2. Tógáil Neamhúdaráithe,
3. Feithiclí gan Cháin,
4. Liostaí Rabhaidh (gluaisteáin is díol spéise – cuireann oifigigh um fhaisnéis choiriúil iad seo leis an gcóras).
5. Feithiclí gan Árachas.

Ar lá na cigireachta ar nósanna imeachta ANPR, sholáthair an AGS cóip de Thaispeántas Gabhála Feithiclí don Fhoireann agus Foirm Náisiúnta Iarratais ar Chuardach ANPR. Thug an Fhoireann faoi deara go ligean an Fhoirm Iarratais do chomhalta chun iarratas a dhéanamh ar shonraí faoi aon dearcadh d'fheithicil shonrach trí ANPR tríd an bhfoirm a chomhlánú agus an chúis a raibh leis an iarratas a lua agus an t-aitheantas PULSE a bhreacadh síos.

Shoiléirigh an Fhoireann an AGS nach gcoimeádann an AGS rabhaidh ar leith ANPR feithicle agus gur mar an gcéanna é rabhadh feithicle PULSE agus rabhadh ANPR. I bhfírinne, thug an AGS nach ndéanfaidís tagairt do na rabhaidh seo mar rabhaidh ANPR ach mar rabhaidh feithicle PULSE.

I dtaobh sreabhadh seachtrach sonraí, dheimhnigh an AGS, maidir le feithiclí gan cháin, go bhfaigheann siad fotha sonraí ón Roinn Iompair agus ar an gcuma chéanna, fotha sonraí ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IFI) maidir le feithiclí nach bhfuil árachas acu.

Luaigh an AGS go bhfuil cúigear duine dhéag údaráithe chun rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí ANPR agus as an 15 seo, gurbh úsáideoirí gníomhacha 11 díobh seo, lena n-áirítear triúr oifigeach a baineadh ó rannóg TF an Gharda Síochána – riarthóirí an chórais, beirt oifigeach ó Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána – a úsáideann an bunachar sonraí ar mhaithe le hanailís amháin, triúr oifigeach a bhaineann leis an GNIB, chun an córas a cheistiú maidir le hImscrúduithe Náisiúnta agus triúr oifigeach ón Rannóg Coireachta agus Slándála a bhfuil rochtain acu ar an mbunachar sonraí chun tabhairt faoi chuardaigh íogaire.

D'fhéach an Fhoireann ar shampla d'iarratais ANPR a rinneadh le déanaí agus d'fhéach siad lena dheimhniú go raibh an choinneáil sin ar aon dul leis sin a fógraíodh don Oifig roimhe sin. Thug an Fhoireann faoi deara gur bhain ceann amháin de na hiarratais le fuadaíocht ardphróifíle a tharla le déanaí agus thug siad faoi deara, chomh maith, gur dhiúltaigh an

Rannóg ANPR iarratais mar gheall nár chomhlíon siad na riachtanais chun ANPR a úsáid. Ina leith seo, shoiléirigh an AGS nach mór do gach iarratas chun an bunachar sonraí ANPR a cheistiú riachtanais a chomhlíonadh, ar nós aitheantas PULSE, conas a bhaineann an fheithicil leis an imscrúdú. Ní mór go bhfaomhann agus go seolann an tOifigeach Sinsearach Imscrúdaithe, etc ar aghaidh é.

I dtaobh an bheochórais, deimhníodh nach féidir cuardach a dhéanamh ach ar 90 lá de thaifid mar fhreagairt ar iarratais ó Rannóga an Gharda Síochána. Maidir leis an tréimhse choinneála i dtaobh sonraí atá stóráilte ar chóras ANPR, shoiléirigh an AGS gurb í an tréimhse choinneála 90 lá ach go ndeighlítear na sonraí ar an mbealach sin nach féidir an córas a chuardach os cionn na tréimhse sin ach i dtaobh imscrúduithe tromchúiseacha coire. Ní mór go dtabharfar faoi na cuardaigh seo le faomhadh a fháil ó Ard-Cheannfort Coireachta agus Slándála.

Mhínigh an AGS, anuas air sin, gur féidir na sonraí a iontráiltear maidir le coir thromchúiseach ach nach féidir féachaint siar níos mó ná bliain amháin. Dheimhnigh an AGS go gcoimeádtar na sonraí “infheicthe” a bhailíonn feithiclí ANPR ar an mbunachar sonraí ANPR ar feadh 365 lá. I ndiaidh 365 lá, déanann an córas an fhaisnéis seo a scríosadh go huathoibríoch. Ní choimeádtar ach clárúcháin agus an dáta a bhaineann le feithiclí is díol spéise ar an gcóras i ndiaidh na tréimhse seo.

Mheas an Fhoireann, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an AGS, nach raibh aon saincheisteanna um chosaint sonraí ag eascirt maidir le próiseáil sonraí agus ANPR á úsáid.

8. Rochtain ar Shonraí Teileachumarsáide

Chas an Fhoireann le Rannóg Coireachta agus Slándála an AGS ar a bhfuil an Coimisinéir Cúnta, John O'Mahony i gceannas. Mhínigh an Fhoireann don AGS go raibh sé beartaithe acu díriú ar iarratais ar shonraí cumarsáide a rinne an Rannóg Coireachta agus Slándála, go príomha faoi fhorálacha an Achta Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2001. Ba é an cuspóir chun nósanna imeachta a bhunú agus iad a chur i gcomparáid le cleachtais a bhreathnaítear in iniúchadh a rinneadh le déanaí ar chuideachta Teileachumarsáide faoinar thug an ODPC.

Mhínigh an AGS gur bhunaigh siad pointe singil teagmhála le haghaidh na n-iarratas sin in 2008 ar thagair siad dó mar Aonad Idirchaidrimh Teileachumarsáide. Dheimhnigh an AGS go ndéanann an AGS iarratais a dhéantar faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 tríd an tsraith teoranta de phointí ainmnithe teagmhála (15 dhuine) atá bunaithe san Aonad Idirchaidrimh Teileachumarsáide, Coireacht agus Slándáil, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce.

Mhínigh an AGS don Fhoireann a gcritéir nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar shonraí cumarsáide

- a) an raibh an AGS cumhdaithe go dlíthiúil?
- b) an bhféadfadh an AGS ábharthacht a léiriú?
- c) an bhféadfadh an AGS riachtanas a léiriú?
- d) an bhfuil na sonraí atá á lorg i gcomhréir?, e.g. gan na sonraí tráchta go léir ag 3am i Leamhcán – an t-iarratas a scagadh níos mó

Mhínigh an AGS don Fhoireann gur laghaidh an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2001 an fad ama a bhí ar an Teileachumarsáid chun sonraí tráchta ar ghlaonna a choimeád ó thrí bliana anuas go dtí dhá bhliain agus thug siad tréimhse bliain amháin choinneála isteach le haghaidh sonraí tráchta ar an idirlíon.

Thagair an AGS do na nósanna imeachta maoirsithe atá i bhfeidhm, bunaithe ar an

reachtaíocht, is é sin, an t-athbhreithniú agus an scrúdú bliantúil ar iarratais lena chinntiú gur lorgaíodh go dlísteanach na sonraí uile a lorg an AGS laistigh de theorainneacha na reachtaíochta.

Maidir le cionta sceimhlitheora um cheartas coiriúil agus sonraí gaolmhara glaonna, shoiléirigh an AGS, ó tháinig an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 i bhfeidhm, lorgódh an AGS faisnéis faoin suibhscríobhaí chomh maith, faoi mar a fhoráiltear faoi fhorálacha sceideal 2 den Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011²¹.

I dtaobh na forála le haghaidh nochtadh in Alt 8(b)²² de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, thug an ODPC le tuiscint go bhfuil an fhoráil seo ceadaitheach amháin agus ní leagann sí aon dualgais ar rialaitheoirí sonraí chun sonraí pearsanta a sholáthar don Gharda Síochána. Déanann an fhoráil seo an cáilitheoir a iompar “in aon chás inar dhócha go ndéanfadh cur i bhfeidhm srianta (cosaint sonraí) dochar (cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú).” Ar an ábhar sin, ní chumhdaíonn an díolúine nochtadh na faisnéise pearsanta uile a choimeádann an rialaitheoir sonraí, faoi gach cúinse.

Ar an iomlán, measann an ODPC gurb é an phríomhdhifríocht idir an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 agus Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí nach go bhforálann na hAchtanna um Chosaint Sonraí do nochtadh éigeanacht sa chás go bhfuil cionta tromchúiseacha i gceist. Ceadaíonn na hAchtanna um Chosaint Sonraí nochtadh faoi réir breithniú ar bhonn cás ar chás maidir le cibé acu ar dhócha nó nach dócha go ndéanfadh scaoileadh na sonraí dochar (is é sin, díobháil shuntasach) d’aon iarracht ag eagraíochtaí a bhfuil feidhmeanna um chosc ar choireacht nó forfheidhmiú dlí acu chun cosc a chur ar na gcoireacht nó chun breith ar dhuine a bhfuil amhras faoi/fúithi. Dheimhnigh an AGS go ndéanfaidís iarracht brath ar Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i gcás na sonraí uile a lorgaítear maidir le hiarratais neamhthromchúiseacha choireachta.

Agus aird ar fhaisnéis PIN agus PUK (sonraí creidmheasa agus breisithe), thug an AGS le fios, má theastaigh na sonraí seo, dhéanfaidís iarracht brath ar Alt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar gheall nár tagraíodh don saghas seo sonraí go sainráite in Acht 2011.

Ar lá na cigireachta, luaigh an AGS gur iarr cuideachta teileachumarsáide ar an AGS an dá acht a lua nuair a bheadh iarratais á ndéanamh acu. Thugamar le fios don AGS nach measaimid gur cur chuige bailí an cur chuige seo agus táimid faoin tuairim gur cheart do na sonraí uile a lorgaíonn an AGS faoi Alt 8 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí brath ar an Acht sin amháin agus go mbeadh a chomhionann céanna i gceist i gcás iarratas a rinneadh faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011. I gcaitheamh a n-iniúchta ar an gcuideachta chéanna teileachumarsáide, mhol an ODPC gur cheart aon iarratas ar shonraí a bhain le cion tromchúiseach a dhéanamh go hiomlán faoi Acht 2011 agus gur cheart iarratais ar shonraí uile i dtaca le cionta neamhthromchúiseacha a dhéanamh a láimhseáil faoi Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Thug an chuideachta teileachumarsáide le fios gurbh athrú praiticiúil agus inoibrithe a bheadh ann seo. Dheimhnigh an AGS gurb amhlaidh atá an cás cheana féin, i.e. úsáidtear an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 le haghaidh iarratas ar shonraí i gcás cionta tromchúiseacha, agus go n-úsáidtear na hAchtanna um Chosaint Sonraí sa chás nach mbainfeadh an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 le hábhar, i.e. cionta neamhthromchúiseacha. Thug an AGS le fios go n-úsáidfí Alt 8(b) de na hAchtanna, chomh maith leis sin, má lorg an AGS sonraí, ar nós faisnéise ar

²¹ Faoin reachtaíocht roimhe seo (e.g. an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheora), 2005) ní cheadódh na hiarratais siúd go lorgófaí faisnéis faoi shuibhscríobhaí, agus ar an ábhar sin, lorgódh an AGS Alt 8 (b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí a ghairm ina ionad sin.

²² “Ní bhaineann aon chosc san Acht seo ar phróiseáil sonraí pearsanta má theastaíonn an phróiseáil ar mhaithe le cosc, brath nó imscrúdú a dhéanamh ar chionta, ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh nó aon cháin, dleacht nó airgead eile atá le híoc nó iníoctha leis an Stát nó údarás áitiúil nó bord sláinte, in aon chás inar dhócha go ndéanfadh feidhmiú na gcosc sin difear do na ceisteanna a thuasluaitear.”

bhreiseiú creidmheasa, sonraí faoi cheannach etc. nach raibh sonraithe san tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011.

Tugann an ODPC faoi deara, chomh maith, go leagann gach iarratas a dhéantar faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 ceanglas éigeantach ar rialaitheoirí sonraí na sonraí a sholáthar, ach tá breithniú le déanamh ar bhonn cás ar chás ar iarratais a dhéantar faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí ag an rialaitheoir sonraí.

Chuireamar an AGS ar an eolas go bhfuil sé beartaithe againn breis idirchaidrimh a dhéanamh leis an AGS air seo le comhairle earnála a fhorbairt agus a eisiúint do gach teileachumarsáid ina leith seo.

Thagair an Fhoireann d'iniúchadh faoinar thug siad ar chuideachta teicneolaíochta agus conas a bhreathnaigh siad ar iarratas, i gcaitheamh cigireachta, ón AGS chuig an gcuideachta sin a luaigh go raibh an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 mar an bonn dlíthiúil chun na sonraí a lorg. Mhínigh an Fhoireann don AGS gur mhol an ODPC don chuideachta nach raibh siad cumhdaithe faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011.

I dtaobh maoirsiú laistigh den AGS, d'iarr an Fhoireann ar an AGS a léiriú conas a chinntigh siad gurb iarratas bailí a bhí in iarratas lena nochtadh laistigh de théarmaí na reachtaíochta a luadh. Mhínigh an AGS don Fhoireann go ndéantar athbhreithniú ar 10% de gach iarratas mar chuid d'iniúchadh inmheánach a dhéantar gach trí mhí. Mhínigh an AGS, nuair a chruthaítear iarratas, gintear uimhir uathúil thagartha don iarratas sin agus cruthaítear pdf lena chinntiú nach féidir foclaíocht an iarratais a athrú. Shoiléirigh an AGS, má chealaítear iarratas, stórálaí é ar an gcóras fós féin, ach, mar shampla, thioctadh sé aníos san iniúchadh inmheánach agus é marcáilte le dath buí lena thabhairt le fios gur cealaíodh é. Luaigh an AGS chomh maith, go gcuirfeadh an t-iniúchadh uimhreacha uathúla tagartha na n-iarratas a cealaíodh i gcomparáid lena chéile. D'fhéach an Fhoireann ar líon iarratas lena nochtadh agus sholáthair an AGS samplaí d'iarratais a diúltaíodh go himmheánach (e.g. iarratas uimhir 201/7/11).

Thagair an AGS do líon Threoracha na Ceanncheathrún a sholáthraíonn treoir ar an limistéar seo agus d'iarr an Fhoireann ar thagairtí sonracha do na Treoracha seo i gcás riachtanais mhaoirsithe amach anseo. Luaigh an AGS, mar fhreagairt, go soláthraíonn Treoracha na Ceanncheathrún 24, 25, 26, 27 agus 28 de chuid 2013 idir threoracha agus treoir i dtaca le hiarratais ar shonraí cumarsáide.

Luaigh an AGS go ndearnadh 1,829 iarratas ar nochtadh le teileachumarsáid in Eanáir 2012 agus tá an méid a leanas i gceist leis na figiúirí sin, nuair a mhiondealaítear iad: 1,296 iarratas ar shuibscríobhaí; 494 iarratas ar rianú glaonna; agus 39 iarratas ar ip. Shoiléirigh an AGS go ndearnadh na fiosrúcháin seo faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 nó na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

Lean an Fhoireann le cros-seiceáil agus scrúdú a dhéanamh ar réimse iarratas ar nochtadh a rinne an AGS le cuideachta teileachumarsáide lena dheimhniú cibé acu ar mheas nó nár mheas an Fhoireann go raibh an tsraith shamplach d'iarratais a rinne an AGS bailí maidir leis an reachtaíocht a bhí i gceist. *[Bailíodh na samplaí seo mar chuid d'iniúchadh faoinar thug an ODPC ar an gcuideachta seo i bhFeabhra 2012.]*

Iarratais a rinneadh ar aon dul le forálacha Alt 6(1) den Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011.

1. **An 18 Eanáir 2012:** Ba liosta an chéad sampla a sheol Coireacht agus Slándáil an AGS chuig an gcuideachta de 36 uimhir ghutháin inar lorgaíodh sonraí faoi shuibscríobhaithe. Liosta athleantach a bhí sa liosta leis na sonraí seo tar éis gur iarradh air ar an nguthán. Thug an Fhoireann faoi deara gur shínigh an tArd-Cheannfort an t-iarratas ach bhí seo i ndiaidh go ndearna an comhalta foirne i gCoireacht agus Slándáil an t-iarratas gutháin. Ba é an t-údar a thug an AGS a bhí leis seo ná, mar gheall ar mhéideanna na n-iarratas a rinneadh ar shonraí faoi shuibscríobhaithe, bhí sé nach mór dodhéanta gach ceann de na hiarratais sin a shíniú

Roghnaigh an ODPC dhá uimhir ghutháin fhánacha ón liosta agus scrúdaigh siad an cúlra a bhí leis na cásanna. Is éard a bhí i gceist leis an gcéad cheann ná goid trí ATM ar 2x100 euro inar fuarthas an cód PIN ar bhonn calaoiseach. Luaigh an AGS gur tháinig seo faoin reachtaíocht a chaith leis mar chion tromchúiseach mar gheall gur chion indíotáilte a bhí ann agus lenar ghabh pianbhreith fhéideartha breis agus 5 bliana. Is éard a bhí i gceist leis an dara ceann díobh seo ná gur soláthraíodh dréacht bainc calaoiseach mar íocaíocht as ceithre bhonn cóimhiotail ar a raibh luach thart ar 1,000 euro.

2. Feabhra 2012: Coir Dhúnmharaithe, bhí an chuma air go raibh gach rud in ord agus lorgaíodh glaonna isteach agus amach.
3. Iúil 2011: Goideadh trí ghuthán oifigiúla den AGS ó thaisceadán in ionad traenála. Iarradh ar na sonraí faoi thrácht glaonna. Bhí roinnt amhrais ar an Oifig seo maidir le cibé acu arbh ionann nó nárbh ionann agus úsáid chuí na reachtaíochta é seo. Luaigh an AGS gur cion indíotáilte í goid.
4. Iúil 2011: Imscrúdú ar robáil/ionasaí gnéasach. Coimeádar na sonraí go léir ar aon dul le hAlt 3 agus foráiltear dóibh i gcuid 1 de sceideal 2.
5. **Iarratais a rinneadh ar shonraí faoi shuibscríobhaithe ar aon dul le forálacha Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.**

Iúil 2011: Rinneadh iarracht imeagla a chur ar Gharda trí ghlaio orthu ar a nguthán. Lorg an AGS sonraí ceannaigh agus sonraí faoi bhreisiú creidmheasa.

6. **Iarratais a rinneadh ar shonraí faoi shuibscríobhaithe ar aon dul le forálacha Alt 8(d) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.**

Samhain 2010 – chuir bean glao ar stáisiún Gardaí chun díscaoileadh arm tine ach níor fhág sí a sonraí teagmhála. Luaigh an AGS gur theastaigh uathu dul i gcomhairle léi chun cosc a chur ar aon bhagairt ar ghortú agus mar fhinné, agus lorgaíodh sonraí ceannaigh an ghutháin dá bharr sin.

Ar an iomlán, bhí an Fhoireann sásta leis na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm agus leis an gcóras um athbhreithniú inmheánach. Níor mheas an Oifig gur chomhlíon an cás ina ndéantar iarratas gan an tArd-Cheannfort a bheith eolas air agus é a bheith sínithe/údaraithe ina dhiaidh sin ag an Ard-Cheannfort, na ceanglais a shonraítear san Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011. Mhol an Fhoireann don AGS gur cheart gach iarratas ar shonraí faoi thrácht glaonna agus idirlín a bheith údaraithe ag an Ard-Cheannfort ar bhonn cás ar chás seachas ar bhonn comhiomlán ag deireadh tréimhse ar leith ama.

D'fhreagair an AGS lena thabhairt le fios gur thagair an próiseas seo d'iarratais ar shuibscríobhaithe amháin. Dheimhnigh an AGS gur cuireadh athrú próisis i bhfeidhm agus go bhfaomhann an tArd-Cheannfort gach iarratas anois roimh ré. Shoiléirigh an AGS, anuas air sin, go ndéantar breithniú ar gach iarratas go leithleach ar bhonn cás ar chás ar a fhiúntas féin. Dheimhnigh an AGS nach n-athbhreithníonn an tArd-Cheannfort ach an liosta sna cásanna sin ach go n-athbhreithneofaí an fhaisnéis uile in iniúchtaí inmheánacha gach ceann de na hiarratais a dhéantar ar luaigh an AGS go dtugtar fúthu ar bhonn 3 mhí.

Tugann an ODPC faoi deara, chomh maith, go dtagraíonn an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 do shonraí amháin an bhrí a leanas a bheith acu

“sonraí tráchta nó sonraí láithreach agus na sonraí gaolmhara a theastaíonn chun an suibscríobhaí nó an t-úsáideoir a shainníoint”.

Tugann Sceideal 2 den Acht breac-chuntas breise ar CHUID 1

Sonraí faoi theileafónaíocht líonra sheasta agus teileafónaíocht shoghluaiste a choimeádfar faoi Alt 3

1. Sonraí a theastaíonn chun foinse chumarsáide a rianú agus a shainaithint:
 - (a) an uimhir ghutháin a bhfuil glao á chur aici;
 - (b) ainm agus seoladh an tsuibscríobhaí nó an úsáideora chláráithe.

2. Sonraí a theastaíonn chun ceann scríbe cumarsáide a shainaithint:

- (a) an uimhir a diallóidh (an uimhir ghutháin ar cuireadh glao air) agus, i gcásanna ina bhfuil seirbhísí forlíontacha, ar nós glaonna a chur ar aghaidh nó aistriú glaonna, an uimhir nó na huimhreacha ar a bhfuil an glao curtha

Measann an ODPC go gceadaíonn an tAcht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011 do Thaifid ar Shonraí faoi Ghlaonna (CRD) (sonraí tráchta nó sonraí láithreach) agus sonraí faoi shuibscríobhaí (na sonraí a theastaíonn chun an suibscríobhaí nó an t-úsáideoir a shainaithint). Áirítear le Taifid ar Shonraí faoi Ghlaonna sonraí faoin uimhir a bhfuil glao á chur aici agus an uimhir ar cuireadh glao uirthi, saghas an ghlae – guth, SMS etc, sonraí faoi ngléas láimhe a úsáideadh, am tosaigh/deiridh an ghlae agus cén áit ar iontráil an ghlae an córas, i.e. crann.

Limistéar suntasacha airde óna dteastaíonn comhairle an ODPC i ndiaidh an iniúchta ar chuideachta theileachumarsáide is ea an tréimhse ar cheart do na cuideachtaí theileachumarsáide taifid ar a n-iarrann an AGS/na Coimisinéirí Ioncaim/na Fórsaí Cosanta a choimeád ina dhiaidh sin.

Luaitear in Alt 4(d) den Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011

“scriosfaidh an soláthróir seirbhíse na sonraí, **seachas na sonraí siúd a bhfuarthas rochtain orthu agus a caomhnaíodh**, ina dhiaidh sin²³”...

D'iarr an ODPC ar an AGS an ndearna siad breithniú ar ghné choinneála na nósanna imeachta faoin Acht agus cibé acu an gcuirfidís nó nach gcuirfidís cuideachta theileachumarsáide ar an eolas, tar éis na sonraí a scaoileadh leis an AGS maidir le cibé acu ar theastaigh nó nár theastaigh uathu cóip a choimeád ar feadh tréimhse áirithe, chomh maith, agus má theastaigh, ar feadh cé chomh fada.

Thug an AGS le fios, mar fhreagairt, gur lorgaíodh comhairle an Ard-Aighne ina leith seo agus gurb é a mbeartas reatha go bhfuil “cóip óir” (cóip de na sonraí a soláthraíodh cheana féin) le coimeád ag an Soláthróir Seirbhíse Cumarsáide (CSP), agus nach bhfuil comhaontú déanta go fóill ar an tréimhse. Luaigh an AGS go gcuirfear gach CSP ar an eolas ar amfhráma comhaontaithe. Tá sé ar intinn ag an ODPC idirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an AGS d'fhonn comhairle earnála a fhorbairt agus a eisiúint ina leith seo.

Le linn na cigireachta, thug an chuideachta theileachumarsáide le fios, nuair a bhíonn iarratas ar rochtain de chuid ábhar sonraí á phróiseáil, a dhéantar faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ní sholáthraíodh aon fhaisnéis don ábhar sonraí a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh acu a bhaineann le hiarratais a ndearna an Garda Síochána leo faoin Acht Cumarsáide (Coinneáil Sonraí), 2011.

Chuir an Fhoireann Chigireachta an chuideachta ar an eolas gur cheart breithniú a dhéanamh ar iarratais ar nochtadh ón AGS, na Coimisinéirí Ioncaim nó ó na Fórsaí Cosanta lena scaoileadh mar chuid d'iarratas ar rochtain faoi Alt 4 agus nár cheart iad a shiarchoinneáil má dheimhníonn an AGS/Coimisinéirí Ioncaim/na Fórsaí Cosanta go ndéanfadh scaoileadh difear don imscrúdú, cosc a chur ar choire – i.e. go raibh feidhm leis an gcosc ar an gceart rochtana faoi Alt 5(1)(a).

D'fhreagair an chuideachta lena lua gurb é an prótacal reatha atá á oibriú go seolfaí aon iarratais ar rochtain faoi Alt 4 ina bhféadfadh sonraí a bheith nochtá d'iarratas ó ábhar sonraí

²³ 2 bhliain agus mí amháin agus bliain amháin agus mí amháin

ar fhaisnéis faoi iarratais an AGS/na gCoimisinéirí Ioncaim/an Airm chuig an ngníomhaireacht ábhartha murar cuireadh ar an eolas iad gur tháinig deireadh leis an imscrúdú nó leis an teagmhas slándála náisiúnta a bhain leis an iarratas. Mheabhraigh an ODPIC don chuideachta go measann siad gur rialaitheoir sonraí iad ag gach tráth sa chomhthéacs seo. I dtaca leis an tsaincheist seo, baineann an tréimhse choinneála dá gcoimeádann an chuideachta cóip de na hiarratais sin ar rochtain, ar an gcéad dul síos, go mór le hábhar agus, ar an ábhar sin, tugadh faoi deara gur lorg an AGS comhairle ón Ard-Aighne ina leith seo.

Arís eile, thug an AGS le fios go bpléifear an cheist seo leis na soláthróirí seirbhíse agus bainfear comhaontú amach ar conas dul i ngleic leis an gceist ag gabháil ar aghaidh. Tá sé ar intinn ag an ODPIC idirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an AGS d'fhonn comhairle eanála a fhorbairt agus a eisiúint ina leith seo.

9. Gabháil agus Coinneáil

Scrúdaíodh go sonrath próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs gabháil agus coinneáil duine aonair i gcomhthéacs cigireacht ar an suíomh ag Stáisiún Gardaí an Mhuilinn gCearr. Anuas air sin, scrúdaíodh an phróiseáil le linn cigireachta ag stáisiún Gardaí Dhomhnach Broc.

Chuir an Fhoireann tús leis an gcigireacht trí scrúdú a dhéanamh ar an sreabhadh sonraí pearsanta ón tráth a ghabhtar duine agus a choinnítear iad faoi choimeád go dtí go scaoiltear leo agus/nó go gcúisítear iad agus go n-atreoraítear iad chuig na Cúirteanna. Príomhdhírú an iniúchta a bhí i scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun sonraí a chur i dtaifead a iontráladh ar PULSE mar aon le nósanna imeachta fisiciúla agus cleachtais laistigh de Stáisiún Gardaí an Mhuilinn gCearr.

Mhínigh AGS an Mhuilinn gCearr na forais éagsúla faoinar féidir duine a ghabháil nó a choinneáil, agus mhínigh siad, de ghnáth, go bhféadfaí duine a ghabháil ar mhaithe le cúiseamh faoi Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 nó Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996. D'fhéadfaí ach duine a choinneáil, áfach, ag an AGS (seachas a ghabháil) ar mhaithe le cuardach a dhéanamh faoi Alt 23 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí. Mhínigh AGS an Mhuilinn gCearr, i líon mór cásanna, d'fhéadfaí duine a ghabháil ar chúiseanna sábháilteachta poiblí, sa chás gur tharla cur isteach ar ord poiblí. Sa chomhthéacs seo, thagair an AGS d'Ailt 4 agus 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1984 a bhaineann le meisce in áit phoiblí/iompar mí-ordúil agus Alt 15 den Acht céanna a bhaineann le mí-ord foréigneach.

Luaigh AGS an Mhuilinn gCearr go gcuirfí gach duine aonair a ghabhtar/a choinnítear ar an eolas faoina gcearta agus go soláthrófaí cóip **d'Fhoirm C72 – 'Faisnéis do Dhaoine atá faoi Choimeád'** – Rialachán 8 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád i Stáisiún an Gharda Síochána), 1987 agus 2006.

Thug AGS an Mhuilinn gCearr le fios go nglactar gach duine aonair a ghabhtar/a choinnítear chuig an limistéar coimeáda ar dtús agus cuireann an Sáirsint atá ar dualgas faoi agallamh iad. Comhlánaíonn an 'Comhalta i gCeannas' nó comhalta den Gharda Síochána a bhfuil an t-údarú aige/aici chun amhlaidh a dhéanamh ón 'gComhalta sin i gCeannas', **Taifead Coimeáda** a bhailíonn sonraí faoin duine atá faoi choimeád agus cúinsí a ngabhála/a gcoinneála, i gcomhréir leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhaile a Chuirfear do Dhaoine atá faoi Choimeád), 1987.

I dtaobh a dheimhniú nó a fhíordheimhniú aitheantas duine, luaigh an AGS go bhféadfadh go mbeadh cáipéisíocht aitheantais ag an duine aonair, i bpearsan, a úsáidfí an AGS chun seiceáil a dhéanamh ar PULSE nó go bhféadfaidh an duine seoladh a thabhairt ar féidir leis an AGS a sheiceáil trí ghluaisteán den Gharda Síochána a chur lena fhíordheimhniú go bhfuil an seoladh ar phríomháit chónaithe an duine aonair atá faoi choimeád, amhail a dheimhniú sealbhóirí eile tí nó comharsana eile. Mhínigh an AGS an tábhacht a bhaineann le haitheantas

a fhíordheimhniú i dtaobh aon ionchúiseamh atá ar feitheamh.

Thug an Fhoireann faoi deara an bhéim a bhí leagtha ar aitheantas a fhíordheimhniú i gcáipéis a soláthraíodh don Fhoireann dar teideal **'Rabhadh Aosach – Cinneadh chun Ionchúiseamh a Dhéanamh.'** Luaitear, anseo,

Aitheantas an chiontóra; Ní mór go mbeidh an Garda Síochána 100% cinnte faoi aitheantas an chiontóra sula gcuirtear tús le hionchúiseamh. Ní mór seiceálacha a dhéanamh leis an bpríosúnach agus ag an seoladh a thugtar, chomh maith. Ba cheart grianghraif a ghlacadh cibé acu le toiliú nó i gcomhréir le hAlt 12 den Acht um Cheartas Coiriúil.

Ní cheart don Gharda Síochána glacadh le hainm, seoladh nó le dáta breithe amhail bheith fíor díreach mar gheall go meaitseálann sé taifead reatha ar PULSE. Ní mór seiceálacha a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbeadh griangraif ar PULSE, d'fhéadfadh go bhfuil aithne ag Gardaí eile air, fiafrú cé iad a chomharsana, ainmneacha a mháthar agus a athar, seiceáil le haghaidh colm, tatúnna.

Nuair a bhíonn duine á chur i dtaifead ar PULSE, cinntigh go gcuirtear gach colm agus tatú i dtaifead ina sonraí faoi chur síos ar PULSE.

Dheimhnik an Fhoireann le AGS an Mhuilinn gCearr go n-iontrálfar sonraí gach duine aonair a ghabhtar nó a choinnítear ar an Taifead Coimeádta.

A luaithe a chomhlánaítear an Taifead Coimeádta, luaigh AGS an Mhuilinn gCearr go gcuirtear gach duine aonair atá faoi choimeád i gkillín coimeádta agus go nglactar isteach sa seomra agallaimh iad má theastaíonn agallamh. Dheimhnik an AGS don Fhoireann nach gcuirtear agallamh ar gach príosúnach agus braithfidh an cinneadh chun an príosúnach a chur faoi agallamh ar chúinsí na gabhála agus ar fhorálacha reachtúla (e.g. is gnách nach gcuirfí agallamh ar thiománaí a bhí ar meisce).

Thug an Fhoireann cuairt ar an seomra agallaimh agus bhreathnaigh siad ar an monatóir agus ar an gceamara, áit a mbíonn taifeadadh agallamh – closagallaimh agus agallaimh amhairc ar siúl. Thug an Fhoireann faoi deara go bhfuil an ceamara dírithe ar an duine aonair atá á cheistiú a shuíonn i gcathaoir atá feistithe leis an talamh ionas go bhfuil an limistéar atá á thaifeadadh comhsheasmhach. Scrúdaigh an Fhoireann an CCTV a bhí i bhfeidhm sa seomra agallaimh agus thug siad faoi deara go bhfuil na hoifigigh agallaimh infheicthe san fhotha chomh maith (i gcúinne uachtarach ar chlé an scáileáin). Anuas air sin, thug an Fhoireann cuairt ar an limistéar stórála, áit a stóráiltear na téipeanna CCTV agus thug an AGS le fios gur féidir leis an gcosaint cóip de théipeanna an agallaimh a iarraidh de bhun ordú cúirte a eisíonn breitheamh. Luaigh an AGS go bhfuil 3 chóip den fhotha taifeadta agus go gcuirtear máistirchóip ar leataobh don chúirt.

Meabhraíonn an ODPC don AGS gur féidir le duine aonair iarratas a dhéanamh ar chóip de théipeanna agallaimh CCTV chomh maith ina gcuimsítear a sonraí pearsanta faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i roinn cásanna. Bheadh an AGS i dteideal, áfach, breithniú a dhéanamh ar dhiúltú na dtéipeanna a thabhairt má bhí ionchúiseamh ar feitheamh nó má féidir leis an AGS a thaispeáint go bhféadfadh soláthar na sonraí dochar a dhéanamh d'imscrúdú. Forálann Alt 5 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, nach bhfuil an ceart ag daoine aonair chun faisnéis a fheiceáil a bhaineann leo má tá na sonraí

5. 1(a) a choimeádtar chun cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, chun ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh nó chun aon cháin, dleacht nó airgead eile atá dlite don Stát, d'údarás áitiúil nó do bhord sláinte, nó is iníoctha leo, a mheasúnú, in aon chás inar dhóigh go ndéanadh feidhmiú an ailt sin maidir leis na sonraí dochar d'aon cheann de na nithe a dúradh.

Thaispeáin AGS an Mhuilinn gCearr don Fhoireann go gcuimsítear i ngach Leabhar Taifid Choimeádta 10 mbileog thaifid choimeádta ar an iomlán, agus a luaithe a chomhlánaítear na deich mbileog go léir, cuirtear na taifid choimeádta ar aghaidh lena stóráil. D'fhéach an Fhoireann ar an oifig ina stóráiltear taifid choimeádta ar luaigh AGS an Mhuilinn gCearr go mbíonn sé faoi ghlas nuair nach mbíonn aon duine inti. Nuair a bhíonn daoine ann, luaigh an AGS nach féidir ach leis an Sáirsint atá ar dualgas taifid choimeádta a eisiúint do chomhaltá

nach mór síniú amach ó aon taifid choimeádta a fhaightear agus síniú isteach arís lena dtabhairt ar ais a fhíordheimhniú.

9.1 Taifead na bPríosúnach

Mhínigh AGS an Mhuilinn gCearr go gcuirtear gach príosúnach i dtaifead ar **Thaifead Príosúnach** – fiú má ghabhtar an duine aonair ina dhiaidh sin agus go scaoiltear leis/léi gan ionchúiseamh. D'fhiosraigh an Fhoireann faoin difríocht atá idir Taifead na bPríosúnach agus an taifead coimeádta. Shoiléirigh an AGS gur taifead PULSE é 'Taifead na bPríosúnach' a chruthaítear do gach duine a dtugtar faoi choimeád iad chuig Stáisiún Gardaí. Cruthaítear an taifead seo ó theagmhas PULSE agus tá sé nasctha le taifead ar Dhuine. Cuimsítear i 'dTaifead na bPríosúnach' faisnéis bhunúsach maidir leis an ngabháil.

I gcodarsnacht leis sin, mhínigh an AGS go gcuimsítear i bhFoirm Thaifead Coimeádta C(84) taifead sonrach de lámh a chomhlánaítear le haghaidh gach duine a thugtar faoi choimeád i Stáisiún Gardaí, faoi mar a cheanglaítear faoi Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfead do Dhaoine atá faoi Choimeád), 1987. Úsáidtear an Taifead Coimeádta chun cuntas comhaimseartha cuimsitheach de na sonraí, gníomhartha agus tarlú a chur i dtaifead a bhaineann leis an bpríosúnach le linn a gcuid ama faoi choimeád. Síníonn nó luann an comhalta a dhéanann gach taifead sa Taifead Coimeádta a dtúslitreacha.

9.2 Torthaí Féideartha ar Ghabháil/Choinneáil

I dtaobh torthaí féideartha, luaigh an AGS go ndéanfaidh an AGS cinneadh chun an duine aonair a chúiseamh, an duine aonair a scaoileadh gan chúiseamh, nó chun rabhadh scríofa a eisiúint dóibh.

9.3 Bileog na gCúiseamh

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann nach n-iontrálfar ach daoine aonair a dhéantar a chúiseamh, i bhfírinne agus a chuirtear faoi choimeád nó a scaoiltear ar bhannaí, i mbileog na gcúiseamh. Má scaoiltear duine aonair le gairm, ní eisítear aon chúiseamh dóibh ar an oíche agus ní iontrálfar a sonraí ar bhileog na gcúiseamh. Shoiléirigh an AGS go síníonn an Chúirt Dúiche ábhartha gach gairm.

Luaigh an AGS, chomh maith, go dtabharfar do gach duine aonair a dhéantar a chúiseamh, cóip de bhileog na gcúiseamh agus gheobhaidh an chúirt bunbhileog na gcúiseamh agus coimeádfaidh comhalta den Gharda Síochána cóip, chomh maith.

9.4 Cinntí chun Ionchúiseamh a Dhéanamh

Má dhéantar duine aonair a chúiseamh, féadtar é/í a scaoileadh ar bhannaí nó, mar mhalairt air sin, féadtar iad a choimeád faoi choimeád go dtí go dtiocfaidh siad os comhair suite de Chúirt Dúiche an Mhuilinn gCearr.

Thagair AGS an Mhuilinn gCearr don ghá a bhíonn le hoifigeach tiomnaithe a cheapadh atá freagrach as gach cáipéis a théann chun na gcúirteanna, liosta na cúirte a thabhairt faoi deara agus a shocrú chun cóipeanna de na horduithe cúirte a fháil, dá dtagraítear mar 'orduithe Gary Doyle', arb ordú seo ina dtugtar sonraí ar an bhfianaise uile i leith an duine atá á ionchúiseamh.

Luaigh an AGS, faoi Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, tá an t-údarás ag an AGS ar leibhéal na Cúirte Dúiche, go dtiocfaidh Cigire nó Ceannfoirt i láthair sa Chúirt mar an ionchúisitheoir agus comhairle an Aturnae Stáit a úsáid, má theastaíonn. Sa Chúirt Dúiche, d'athluaigh an AGS go gcuireann an tSeirbhís Chúirteanna gach toradh de chuid na cúirte dúiche i dtaifead agus go gcuirtear iad seo go leictreonach isteach in PULSE trí sheirbhís an CJIP (fothaí sonraí idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an AGS). Luaigh an AGS nach lorgódh an AGS cóip dheimhnithe

de thoradh na cúirte ach dá gcuirfí in aghaidh an toraidh.

Ar leibhéal na Cúirte Cuarda, dheimhnigh an AGS go ndéanfadh an tAturnae Stáit ionchúiseamh le cabhair an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) má theastaigh. I dtaobh thorthaí na Cúirte Cuarda, luaigh an AGS go bhfuil an Sáirsint atá i láthair sa Chúirt freagrach as na torthaí a chur i dtaifead go cruinn ar PULSE.

Mheas an Fhoireann, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an AGS, nach raibh aon saincheisteanna um chosaint sonraí ag eascairt maidir le próiseáil sonraí i dtaobh nósanna imeachta gabhála agus coinneála.

10. Nochtadh Sonraí Pearsanta do Thríú Páirtithe

Tugtar cuntas ar scrúdú na Foirne Iniúchta ar nochtadh sonraí pearsanta idir an AGS agus FSS (le haghaidh cosaint leanaí), an Roinn Iompair (le haghaidh trácht ar bhóithre, an tSeirbhís Chúirteanna agus an tSeirbhís Príosún i míreanna 4 agus 5. Díriú de chuid cigireacht ar an suíomh ag Stáisiún Gardaí Dhomhnach Broc a bhí i saincheist um nochtadh sonraí pearsanta ar leibhéal na Stáisiún Gardaí aonair.

10.1 Timpiste Trácht ar Bhóithre

Ba é an chéad iarratas ar nochtadh a chonaic an Fhoireann ná litir ó dhlíodóir a bhí ag gníomhú le haghaidh cliant ainmnithe de bhun timpiste um thrácht ar bhóithre a lorg

1. Sonraí an Gharda Imscrúdaithe.
2. Ainm agus Seoladh gach páirtí sa teagmhas thuasluaite.
3. Sonraí Cláraithe gach feithicle.
4. Sonraí faoin gcumhdach uile Árachais agus uimhreacha Polasaí.
5. Ainmneacha agus seoltaí aon fhinnéithe neamhspleácha.
6. Cibé acu an mbeartaítear nó nach mbeartaítear lonchúiseamh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre.
7. Aon chóipeanna d'aon ráitis agus sceitse, má tá fáil air.

Maidir le hiarratais a lorgaíonn sonraí tiománaí, bunaithe ar sholáthar uimhir chláráithe feithicle, tá an ODPC ar an eolas, faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961, Alt 106, go bhfuil páirtí díobháilithe nó duine éigin a dhéanann ionadaíocht don duine, ar nós dlíodóra, i dteideal faisnéis bhunúsach a fháil ón nGarda Síochána.

Luann Cód Cleachtas um Chosaint Sonraí an Gharda Síochána, an áis seo mar shampla amháin de nochtadh dlisteanach mar

“chomhalta den Gharda Síochána a sholáthraíonn sonraí faoi úinéir cláráithe gluaisteáin do pháirtí díobháilithe faoi fhorálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre nó do dhuine a dhéanann ionadaíocht dlisteanach dá leas.” (lch 12)

Thug an Fhoireann faoi deara nár luaigh an dlíodóir a lorg na sonraí aon fhorálacha den Acht um Thrácht ar Bhóithre ina iarratas, seachas fiosrúchán a dhéanamh maidir le cibé acu ar beartaíodh nó nár beartaíodh ionchúiseamh. Mhínigh an AGS don Fhoireann go soláthróidís faisnéis a bhaineann le hiarratas dlíodóra ar aon dul le forálacha na nAchtanna ábhartha um Thrácht ar Bhóithre agus nár cheart iarratas a dhiúltú sa chás go bhfuil an dlíodóir i dteideal faisnéis a fháil thar ceann an chliant, bunaithe go hiomlán ar easnamh maidir le forálacha ábhartha na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a lua. Mar dhea-chleachtas, measaimid gur cheart don AGS dlíodóirí a spreagadh chun na hiarratais seo a dhéanamh chun forálacha ábhartha na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a lua ina leith seo.

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir le cén sonraí go díreach a nochtfaí leis an dlíodóir de bhun iarratais den chineál sin. Thagair AGS Dhomhnach Broc an Fhoireann d'Fhoirm A.65 an AGS ar

dheimhnigh gur choimriú a bhí inti de thuairisc ar thimpiste thrácht. Rinne an Fhoireann athbhreithniú ar na 11 chatagóir de shonraí a soláthraíodh ar bhileog an choimrithe agus mheas siad go raibh sé cuimsitheach, agus áiríodh leis an mbileog ráitis agus sceitse, ar iarraidh sin (agus má réitíodh an sceitse cheana féin). I dtaobh an iarratais ar shonraí faoi chumhdach árachais agus uimhreacha beartais, thug an Fhoireann faoi deara nach soláthair an coimriú ach ainm an chomhlachta árachais maidir le gach ceann de na feithiclí a bhí i gceist.

I dtaobh mhéid na sonraí a nochtaiigh an AGS faoi na cúinsí seo, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go soláthraíonn Caibidil Chóid an Gharda Síochána 24(5) na treoracha is cothroime le dáta maidir le Coimrithe um Imbhualtí ar Bhóithre mar seo a leanas:

(a) Féadtar coimriú ar thuairisc póilíní, cóipeanna de ráiteas na bhfinnéithe agus sceitsí nó léarscáileanna den láthair a sholáthar do dhaoine a bhfuil baint acu in imbhualtí ar bhóithre, a gcomhairleoirí dlíthiúla nó a n-árachóirí nó páirtithe leasmhara eile, ar iarratas is scríbhinn a dhéanamh.

(b) Ní sholáthrófar an coimriú má bheartaítear nó má chuirtear tús le himeachtaí coiriúla.

(c) Soláthrófar an coimriú ar Fhoirm A65 gan aon fhaisnéis bhreise a thabhairt. Cuirtear dianchosc ar amhras, tátail, tuairimí nó clostrácht a chur san áireamh i ráitis nó i gcoimrithe an Gharda Síochána.

(d) I gcás imbhualtí marfacha ar bhóithre, ní sholáthrófar an coimriú go dtí gur chríochnaigh an Cróinéir an ionchoisne a bhaineann leis an mbás.

(e) Sa chás go n-eascaíonn díobháil ábhartha, amháin, ón imbhualadh, níor cheart do chomhaltaí fiosrúcháin a dhéanamh díreach ar mhaithe le coimrithe a réiteach. Níl seo le forléiriú mar chúis le neamhaird a thabhairt do chionta eile, a d'fhéadfaí a nochtadh nó a bhrath ag an láthair.

(f) Nuair a bhíonn coimrithe de thuairiscí póilíní ar imbhualtí um thrácht ar bhóithre á soláthar, ba cheart uimhir an pholasaí nó tagairt eile na cuideachta maidir le díobháil pháirtithe eile leis na himbhualtí a sholáthar. Ba cheart comhaltaí lena soláthraítear Deimhniú Árachais uimhir an pholasaí nó tagairt eile an chomhlachta a bhreacadh síos go cúramach agus a chur i dtaifead.

(g) Soláthróidh an tOifigeach Ceantair coimrithe de thuairiscí póilíní ar imbhualtí ar bhóithre, sceitsí nó léarscáileanna agus cóipeanna de ráitis den cheantar inar tharla an t-imbhualadh. Sá chás, ar aon chúis ar leith, nach féidir coimrithe de thuairiscí póilíní a sholáthar ar éileamh sin, féadtar ainmneacha agus seoltaí úinéirí na bhfeithiclí agus finnéithe de chuid imbhualtí a sholáthar saor in aisce, ar iarraidh sin, do pháirtithe de chuid na n-imbhualtí sin agus a gcomhairleoirí dlíthiúla.

(h) Gearrtar táillí ar rátaí reatha ar chóipeanna coimrithe de ráitis agus de ghrianghraif finnéithe i gcás imbhualtí ar bhóithre a sholáthraítear do mhuintir an phobail. Anuas air sin, gearrfar táillí, ar na rátaí reatha, chun costais an Gharda Síochána a aisghabháil maidir le grianghraif a sholáthar do pháirtithe leasmhara i gcás imbhualtí lena mbaineann bás nó gortú tromchúiseach. Nuair a bhíonn na cáipéisí sin á seoladh ar aghaidh, ba cheart don Oifigeach Ceantair a iarraidh go soiléir go ndéanfar an seic iníoctha le Ceannfort an cheantair inar tharla an t-imbhualadh.

(i) Sá chás, ar aon chúis ar leith, nach féidir coimrithe de thuairiscí póilíní a sholáthar ar éileamh sin, féadtar ainmneacha agus seoltaí úinéirí na bhfeithiclí agus finnéithe de chuid imbhualtí a sholáthar saor in aisce, ar iarraidh sin, do pháirtithe de chuid na n-imbhualtí sin agus a gcomhairleoirí dlíthiúla.

Sholáthair AGS Dhomhnach Broc cóip don Fhoireann de Thuairisc ar Thimpiste um Thrácht ar Bhóithre an Gharda Síochána, CT'68 chomh maith. Cuimsíodh sa tuairisc sonraí cuimsitheacha ar an timpiste, lena n-áirítear sonraí faoin bhfeithicil, tiománaí agus paisinéir, mar aon le mír dar teideal 'tosca rannpháirteacha' a luaigh, i dtaobh na príomhchúise single a bhí leis an timpiste, gur thiománaí 2 'a bhí faoi deara na timpiste go mór' agus nach raibh tiománaí 1 'faoi deara na timpiste in aon chor'. Dheimhnigh an AGS don Fhoireann nach féidir ach coimriú a bhaineann leis an Imbhualadh Trácht (Foirm A65) a iarraidh, faoi réir an táille chuí a fháil. Ní nochtar an Tuairisc ar Imbhualadh um Thrácht ar Bhóithre (CT'68).

D'fhiosraigh an Fhoireann maidir le cibé acu, i ndiaidh gur éag tréimhse ama, i.e. gur tugadh cás ina raibh baint ag timpiste um thrácht ar bhóithre chun na cúirte agus gur baineadh breithiúnas amach, go soláthródh an AGS an Tuairisc ar Imbhualadh um Thrácht ar Bhóithre

(CT'68) mar chuid d'iaratas rochtana a dhéantar faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí a rinne duine de na daoine a bhí i gceist. D'fhreagair an AGS, nuair a chuirtear tús le himeachtaí cúirte, is gnáthchleachtas é Tuairisc Choimrithe a sholáthar den imbhuailtí tráchtála le ráitis a ngabhann léi ar an táille chuí a fháil. Dheimhnigh an AGS nach beartas an Gharda Síochána é tuairiscí a ghintear ar PULSE ar imbhuailtí tráchtála a sholáthar mar chuid d'iaratais rochtana Alt 4.

Ar lá na cigireachta, thagair AGS Dhomhnach Broc, chomh maith, do choimrithe de na tuairiscí ar thimpiste um thrácht ar bhóithre a bhí á n-eisiúint don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar mhaithe le hanailís staitistiúil. Thug an Fhoireann faoi deara nár chuimsigh na sonraí a seoladh chuig an RSA ainmneacha na bpáirtithe a bhí i gceist, ach gur chuimsigh siad na sonraí cláraithe feithicle agus mheas an Fhoireann, bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil don RSA ar bhunachair shonraí eile, go bhféadfadh seo go mbeadh na daoine inaitheanta.

Shoiléirigh an AGS, i bhfírinne, go seoltar na CT'68anna (Tuairiscí ar Imbhualadh um Thrácht ar Bhóithre) chuig an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) faoi láthair sa phost – seoltar na CT'68anna, i gcás imbhuailtí marfacha, ó oifigí Ceantair chuig Biúró Náisiúnta Tráchtála an Gharda Síochána (GNTB) a dhéanann iad a sheoladh ar aghaidh sa phost chuig an RSA. Leantar le foirmeacha le haghaidh saghsanna eile d'imbhuailtí a sheoladh ar aghaidh go díreach ó oifigí Ceantair chuig an RSA.

Mhínigh an AGS gur soláthraíodh na CT'68anna ó 1968 i leith agus, i dtosach báire, gur soláthair Oifigí Ceantair iad don Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA).

Bhunaigh an tAcht um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 an RSA agus forálann Alt 8(3) thíos do staitisticí a sholáthar (i.e. trí fhoirm CT'68).

8. (1) Féadfaidh an tAire ordú a thabhairt don Údarás chun an fhaisnéis agus na staitisticí sin a bhailiú, a chur i dtoll a chéile, a fhoilsiú nó a dháileadh a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre agus le feidhmeanna an Údaráis, a mheasann an tAire is cuí, ar mhaithe le pleanáil náisiúnta nó idirnáisiúnta, taighde agus forbairt beartais, cuspóirí monatóireachta agus tuairiscithe agus féadfaidh sé aon cheist a shonrú a bhaineann le bailiú, cur i dtoll a chéile, foilsiú agus dáileadh na sonraí agus na staitisticí sin, de réir mar a mheasann an tAire is cuí.

(2) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás, agus féadfaidh sé dul i gcomhairle le haon duine eile a mheasann sé is cuí, sula n-eisítear treoir faoi fho-alt (1).

(3) Ar mhaithe le bailiú faisnéise agus staitisticí a éascú faoi fho-alt (1), féadfaidh an tÚdarás iarraidh ar dhuine a bhfuil taifid ina seilbh acu maidir le sábháilteacht ar bhóithre nó ceisteanna a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis, chun an fhaisnéis agus na staitisticí sin a thabhairt don Údarás i cibé foirm (foirm leictreonach san áireamh) agus ag na hamanna nó na heatraimh réasúnta sin, a shonraíonn an tÚdarás. Comhlíonfaidh duine ar a ndíreofar an ceanglas sin an ceanglas.

10.2 Comhlacht Árachais

Ba litir a bhí sa dara hiarratas ar nochtadh a chonaic an Fhoireann ó chomhlacht árachais (Allianz) a lorg breis sonraí ar éileamh maidir le maoin ghoidte. Soláthraíodh sraith ceisteanna don AGS ina raibh bosca ina bhféadfaí tic a chur

- Ar tuairiscíodh an teagmhas seo duit?
- Ar ionchúisíodh aon duine don choir?
- An bhfuarthas aon chuid den mhaoin a goideadh ar ais?
- An raibh aon teagmhais roimhe seo ann den chineál céanna i gcás an duine a luaitear thuas
- Áirítear le maoin ghoidte: ríomhaire glúine, airgead

Maidir leis an gceist thuas a chur Allianz '**An raibh aon teagmhais roimhe seo ann den chineál céanna i gcás an duine a luaitear thuas**', ní mheasann an ODPC go bhfuil bunús faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí don AGS chun an fhaisnéis seo a sholáthar do Allianz. Tá

rochtain cheana féin ag an earnáil árachais ar bhunachar sonraí earnála um éilimh árachais – **Insurance Link** – agus, ar an ábhar sin, féadfaidh siad an bunachar sonraí seo a chuardach maidir le haon éilimh a rinne daoine aonair roimhe seo maidir le maoin ghoidte, árachas tí, díobháil phearsanta etc. Ní mheasann an Oifig seo gur cheart go ndéanfar comhlachtaí árachais ionpháirteach i dteagmhais roimhe seo de mhaoin ghoidte a tuairiscíodh don AGS, mar shampla, guthán póca.

Sa chomhthéacs seo, phléigh an Fhoireann cás ar leith le AGS Dhomhnach Broc a bhain le briseadh isteach a tuairiscíodh i ngluaisteán mná an lá roimhe sin. Mhaígh an bhean don AGS gur goideadh maoin ar fiú 12,000 euro é, lena n-áirítear seodra óir agus diamaint agus spéaclaí gréine dearthóra óna gluaisteán agus gur fhág sí na hearraí ina gluaisteán thar oíche. Thug an AGS faoi deara nach raibh aon dealramh air go ndearnadh iontráil le fórsa agus luaigh an bhean gur chuir sí an gluaisteán faoi ghlas lena heochair shiogairlín agus, ar an gcúis sin, nár thuig sí conas a bhris siad isteach sa ghluaisteán. Dúirt an AGS go ndéanfaidís cuardach fóiréinseach ar an ngluaisteán chun méarloigh a aimsiú ach dhiúltaigh an bhean seo agus dúirt sí go raibh sé beartaithe aici an gluaisteán a dhíol an lá sin.

D'fhéach an Fhoireann ar an tsraith chaighdeánach ceisteanna ina gcuirtear tic i boscaí maidir le héileamh i leith gada ó árachóir amháin agus d'fhiosraigh siad cibé acu an soláthródh nó nach soláthródh an AGS breis faisnéis ábhartha do na hárachóirí agus thug an AGS le fios go ndéanfaidís amhlaidh dá mbeadh amhras orthu go raibh calaois i gceist.

Mheas an Fhoireann, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an AGS, nach raibh aon saincheisteanna um chosaint sonraí ag eascairt maidir le próiseáil sonraí i dtaca le nochtadh do agus ó thríú páirtithe.

11. Úsáid Córais CCTV

Baineann an AGS úsáid fhairsing as CCTV ar mhaithe le cuspóirí imscrúdaithe agus coisc ar choireacht. Tá roinnt córais CCTV faoi rialú díreach an AGS. Oibríonn grúpaí pobail cinn eile le faomhadh an AGS. Lorgaíonn an AGS cóipeanna d'fhotha ábhartha CCTV, chomh maith, ó rialaitheoirí sonraí eile nuair a bhíonn coir á himscrúdú acu. Scrúdaigh an AGS na húsáidí éagsúla seo a bhaintear as CCTV i gcomhthéacs cigireachta ar an suíomh ag Stáisiún Gardaí Luimnigh²⁴.

11.1 Scéim CCTV an Gharda Síochána

Ba é an rud ar ar dhírigh cigireacht Luimnigh ná chun measúnú a dhéanamh ar úsáid scéim rialaithe CCTV an Gharda Síochána. **Leagtar amach in Alt 38 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 an bunús dlíthiúil atá le húsáid a bhaint as CCTV. Sa mhullach air sin, rialaíonn Beartas an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí agus Cód Cleachtas an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí oibriú CCTV. Luaigh an AGS gur eisíodh an dá cháipéis seo mar chuid de Threoir na Ceanncheathrún 82/09 an 09 Meitheamh 2009.**

Leagann Cód Cleachtas an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí freagracht ar mhaoirsiú a dhéanamh ar chaighdeán chóras reatha agus iarratas nua leis an gCoiste Comhairleach CCTV, ar a bhfuil an tArd-Cheannfort Idirchaidrimh Phobail ina chathaoirleach. Tá an t-oifigeach Rannáin áitiúil freagrach as bainistíocht fhoriomlán a dhéanamh ar scéim CCTV agus an ceanglas chun an cód cleachtas a chomhlíonadh.

Tá an córas CCTV atá i gceist lonnaithe sa Seomra Cumarsáide Rannáin, ar a gcuirtear cosc ar a rochtain trí chóras iontrála eochairchip. Anuas ar mhonatóirí atá nasctha lena 32 ceamara féin, cuireadh an Fhoireann ar an eolas go raibh rochtain ag an AGS ar 2/3 Chóras CCTV

²⁴ Rinneadh cigireacht ar chóras CCTV an Gharda Síochána atá in oibriú sa Mhuileann gCearr, freisin, mar chuid de chigireacht Stáisiún Gardaí an Mhuilinn gCearr.

pobail ina bhfuil breis agus 100 ceamara, mar aon le 18 gceamara tráchta a oibríonn an t-údarás áitiúil. Luaigh an AGS nach bhfuil ach rochtain amhairc acu ar na córais sheachtracha CCTV seo; ní féidir leo píosa scannáin a láimhsiú nó a íoslódáil astu. Luaigh an AGS, áfach, má theastaíonn píosa scannáin uathu ó na córais seo, iarrann siad ar an bpíosa scannáin ón rialaitheoir sonraí atá i gceist. Anuas air sin, tá córas inmheánach CCTV an stáisiúin le feiceáil ar na monatóirí céanna.

Mhínigh an AGS go ndéanann cuideachta X cothabháil ar cheamaraí agus naisc físeáin an chórais CCTV, ar na monatóirí CCTV agus ar rialú CCTV. Sholáthair cuideachta Y an DVR. Déanfaidh cuideachta Y an DVR a dheisiú má bhíonn lochtanna air. Dheimhnigh an AGS don ODPC nach bhfuil rochtain ag cuideachta X nó cuideachta Y ar aon ábhar taifeadta mar gheall nach bhfuil cuntais úsáideora acu ar an gcóras. Riarann foireann Teileachumarsáide an Gharda Síochána atá lonnaithe i gCeanncheathrú an Gharda Síochána an córas.

11.2 Freagrachtaí Oibreora as Córais CCTV Láir Bhaile an Gharda Síochána

Leagtar amach i Mir 4 de **Chód Cleachtais an AGS** le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí **freagrachtaí oibreora**. Ina measc seo tá:

4.1(i) “Déanfaidh an fhoireann uile atá ar dualgas sa limistéar monatóireachta CCTV sonraí a iontráil sa Logleabhar Teagmhais CCTV faoi am agus dáta thosú agus chríochnú an dualgais sin.”

Ní raibh aon fhianaise ar fáil don Fhoireann gurbh é seo an cleachtas a bhí ar bun i Stáisiún Gardaí Shráid Anraí. Mhol an Fhoireann, ar aon dul le hAlt 4.1(i), ba cheart don fhoireann uile a thugann faoina ndualgas sa limistéar monatóireachta CCTV sonraí a iontráil sa Logleabhar Teagmhais CCTV faoi am agus dáta thosú agus chríochnú an dualgais sin.

[Ó tharla an chigireacht, luaigh an AGS go bhfuil siad ag oibriú i gcomhlíonadh Alt 4.1(i) den Chód Cleachtais um CCTV in Áiteanna Poiblí i dtaobh na foirme a thugann faoina ndualgas i limistéir mhonatóireachta CCTV.]

Shoiléirigh an AGS don Fhoireann go gcorpraítear an limistéar monatóireachta CCTV le haghaidh Luimnigh sa seomra Cumarsáide Rannáin ag Sráid Anraí agus go ndéanann an fhoireann atá i mbun feidhme ansin monatóireacht air. Baineann an fhoireann go léir leis an aonad oibre atá ar an uainchlár agus déanann siad iad féin a shíniú isteach, i gcomhréir le teoracha an chóid, i ndialann an stáisiúin. Soláthraíonn iontrálacha i ndialann an stáisiúin agus ar fhoirmeacha D.27 rian éifeachtach iniúchta a shainnithníonn an fhoireann chuí.

Ó thit an chigireacht amach, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas, d’fhonn comhlíonadh cruinn an bheartais sa limistéar seo a chinntiú, tugadh isteach leabhar um shíniú isteach agus tá sé á oibriú ó Fheabhra 2013 i leith. Fáiltíonn an ODPC roimh thabhairt isteach an chleachtais seo.

Luaitear i Mír 4.1(ii) de Chód Cleachtais an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí

“Ní úsáidfear ceamaraí chun féachaint isteach in aon áitreabh, bíodh tithe tábhairne, siopaí, gnólachtaí nó áiteanna cónaithe príobháideacha i gceist leo. Ar an gcuma chéanna, baineann an fhoirm seo de shárú príobháide le haon taispeántas de chumas na gceamaraí. Féadtar a thaispeáint go bhfuil ceamaraí éifeachtúil gan bheith ag féachaint isteach in áitreabh”.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go gcloítear go docht daingean leis an bhforáil seo, agus ní úsáidfí feidhm zúmála CCTV an AGS, faoi chúinse ar bith, chun féachaint isteach in áitreabh gnó nó áit chónaithe príobháideach.

11.3 Saoráid Athbhreithnithe CCTV

Luaitear i Mír 5.2 de Chód Cleachtais an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí:

“Ní úsáidfidh ach comhaltaí an Gharda Síochána, le húdarú ón Oifigeach Áitiúil Ceantair, an áis athbhreithnithe ag gach láthair faoi seach chun úsáid a bhaint as an áis ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhístéip a taifeadadh ar an gcóras sin nó ar chóras dá mhacasamhail. Ní mór d’aon chomhalta a úsáideann an áis athbhreithnithe iontráil a dhéanamh i gcáipéisíocht oifigiúil, a mbeidh údarás an Cheannfoirt san áireamh leis.”

Scrúdaigh an Fhoireann oibriú na háise athbhreithnithe CCTV atá á hoibriú ag Stáisiún Gardaí Shráid Anraí. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gurb é an gnáthphróiseas go ndéantar iarratas, ar ríomhphost, leis an Sáirsint atá i gceannas, a dhéanann é a sheoladh ar aghaidh chuig an athbhreithneoir. Shoiléirigh an AGS don Fhoireann go bhfuil beirt in AGS Luimnigh údaraithe chun athbhreithniú agus íoslódáil a dhéanamh ar phíosaí scannáin CCTV - comhalta den Gharda Síochána amháin agus comhalta foirne sibhialtach.

I dtaca le hathbhreithnithe amháin, áit nach ndéantar faisnéis a íoslódáil, thug an AGS le fios go n-úsáidfí ainm úsáideora agus pasfhocal cineálach ag comhaltaí den Gharda Síochána chun ábhar taifeadta ar an gcóras CCTV a fheiceáil. Luaigh an AGS go bhfuil riachtanas an Chóid Chleachtais CCTV go n-áirítear le gach athbhreithniú údarás an Cheannfoirt, neamhphraiticiúil, agus aird ar an méid athbhreithnithe a bhí á ndéanamh. Thug an AGS le fios go dtugann an Grúpa Athbhreithnithe CCTV na tuairimí seo faoi deara agus go bhfuil aird á tabhairt ar an tsaincheist seo mar chuid den athbhreithniú ar CCTV.

Tá cosc curtha ar rochtain chun píosaí scannáin a íoslódáil ón gcóras CCTV ach ar bheirt daoine a bhfuil ainm úsáideora agus pasfhocal sonracha acu. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go n-íoslódáiltear an píosa scannáin CCTV cibé acu i seomra an fhreastalaí, atá suite mach ón Seomra Cumarsáide agus a bhíonn faoi ghlas de ghnáth nó i seomra TF an Stáisiúin.

Luaigh an AGS nach gcoimeádann an córas aon taifead sa chás go ndéantar athbhreithniú ar phíosa scannáin CCTV; coimeádtar taifead nó clár de láimh, áfach, má íoslódáiltear píosa scannáin CCTV. Taispeánadh don Fhoireann an taifead ar CCTV a íoslódáladh, a choimeádtar in irisleabhar clúdaigh chrua. Scrúdaigh an Fhoireann an taifead seo agus thug siad faoi deara go gcuirtear dáta, láthair agus fad an phíosa scannáin i gcuntas, mar aon le hainm chomhalta an Gharda Síochána a dhéanann an t-iarratas. Ar a shon sin, thug an Fhoireann faoi deara nár tugadh aon údar le rochtain a fháil ar na píosaí scannáin ach ní dheanadh aon uimhir PULSE a chur i gcuntas i leith an taifid íoslódála. Molann an ODPC gur cheart uimhir theagmhais PULSE a chur i dtairfead i dtaca le gach íoslódáil ó phíosa scannáin CCTV an Gharda Síochána, lena ngabhann údar gearr.

Cheistigh an Fhoireann, chomh maith, má bhí rian iniúchta ar fáil le haghaidh píosaí scannáin a íoslódáladh ó chóras CCTV an Gharda Síochána agus cuireadh ar an eolas iad nach bhfuil aon rian iniúchta ann. Dheimhnigh an AGS, ina dhiaidh sin, nach n-áirítear leis an gcóras CCTV atá suiteáilte i Stáisiún Shráid Anraí an fheidhmiúlacht sin a chuirfeadh ar chumas taifead iniúchta an ábhair athbhreithnithe nó íoslódáilte a chur i dtairfead. Sa chás sin, thug an Fhoireann le fios gur gá rian iniúchta/taifead ar ábhar CCTV a athbhreithníodh nó a íoslódáladh a choimeád.

Mar fhreagairt, luaigh an AGS gur aithin an Grúpa Athbhreithnithe CCTV go dteastaíonn freagracht iomlán maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar phíosaí scannáin CCTV agus gur tugadh aird air seo agus an Cód Cleachtais nuashonraithe á chur i dtoll a chéile. I dturas an ama, thagair an AGS don Chód Cleachtais reatha ina dtugtar breac-chuntas ar na teoracha a leanas maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar:

Cód Cleachtais 6.2: Ní dhéanfaidh ach comhaltaí an Gharda Síochána, le húdarú ón Oifigeach Áitiúil Ceantair, measúnú ar an áis athbhreithnithe ag gach láthair faoi seach chun úsáid a bhaint as an áis ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar ábhar físeáin a thaifeadadh ar an gcóras sin nó ar chóras dá mhacasamhail. Ní mór d’aon chomhalta

a úsáideann an áis athbhreithnithe iontráil a dhéanamh i gcáipéisíocht oifigiúil, a mbeidh údarás an Cheannfoirt san áireamh leis.

Scrúdaigh an Fhoireann cúig iontráil sa taifead CCTV agus trí dháta agus láthair a úsáid, bhí an AGS in ann teagmhais a shainaithint ar PULSE a bhain leis na híoslódálacha a iarradh. Maidir le teagmhas amháin, áfach, a bhain le hiarratas ó Sháirsint an Gharda Síochána go n-íoslódálfar píosa scannáin a mhair trí huair an chloig ón gceamara i limistéar oifige poiblí Stáisiún Gardaí Shráid Anraí, níor soláthraíodh aon údar sonrach. Mhaígh an AGS, ina dhiaidh sin, nár tharla an íoslódáil seo, i bhfírinne, agus nach ndearnadh ach an píosa scannáin a fheiceáil le goid mhaoin an Gharda Síochána a shainaithint ar an ábhar a bhí faoi chaibidil. Luaigh an AGS

“Tá an chuma air go ndeachaigh stampa stáisiúin ar iarraidh ón oifig phoiblí agus go rabhtas in amhras air gur goideadh é. Thángthas air, ina dhiaidh sin, sa stáisiún ní ba dhéanaí. Ag an am a chuaigh sé ar iarraidh, áfach, bhíothas in amhras air go bhféadfadh gur thóg duine a thug cuairt ar an stáisiún é leis agus rinneadh an t-iarratas chun an píosa scannáin físeáin a rochtain. Níor cruthaíodh aon teagmhas mar gheall gur deimhníodh, ina dhiaidh sin, nár goideadh é.”

Bhí comhalta den fhoireann Teileachumarsáide i láthair ar an lá agus níor sonraíodh sa taifead a coimeádadh sonraí faoin iarratas. I ngach cás eile, cuireadh an t-aitheantas PULSE i dtaifead. Dheimhnigh an AGS nár cruthaíodh aon teagmhas PULSE don cheist a bhain le stampa an Stáisiúin Gardaí a bhí ar iarraidh.

11.4 Úsáid Fotha CCTV Tríú Páirtí

Thug an Fhoireann faoi deara go bhfuil sé mar chleachtas na stáisiún Gardaí chun píosa scannáin a íoslódáil a d'fhéadfadh bheith ag teastáil le haghaidh imscrúdú ó chórais CCTV rialaitheoirí eile sonraí.

Luaitear in Alt 8(b) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, i measc rudaí eile, nach bhfuil feidhm le haon cheann de na srianta san Acht seo ar phríoséáil sonraí pearsanta má theastaíonn an phríoséáil ar mhaithe le cionta a chosc, a bhraitheann nó a imscrúdaíonn, a ghabhann nó a dhéanann ciontóirí a ionchúiseamh, in aon chas inar dhócha go ndéanfadh feidhmiú na srianta sin dochar d'aon cheann de na hábhair thuasluaite.

Thug an ODPC chun suntais don AGS gur ceadmhach amháin don fhoráil maidir le nochtadh in Alt 8(b) agus nach leagann sí aon dualgais ar rialaitheoirí sonraí chun sonraí pearsanta a sholáthar don Gharda Síochána óna gcóras CCTV. Déanann an fhoráil seo an cáilitheoir a iompar, chomh maith, “in aon chás inar dhócha go ndéanfadh cur i bhfeidhm srianta (cosaint sonraí) dochar (cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú).” Ar an ábhar sin, ní chumhdaíonn an díolúine nochtadh na faisnéise pearsanta uile a choimeádann an rialaitheoir sonraí, faoi gach cúinse. Ní cheadaíonn sé ach do nochtadh faisnéise pearsanta ach ar na cuspóirí a luaitear mura dhócha go ndéanfadh sé dochar gan an fhaisnéis a scaoileadh (is é sin, díobháil shuntasach) d'aon iarracht ag eagraíochtaí a bhfuil feidhmeanna um chosc ar choireacht nó forfheidhmiú dlí acu chun cosc a chur ar na gcoireacht nó chun breith ar dhuine a bhfuil amhras faoi/fúithi.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gurb é an nós imeachta in AGS Luimnigh maidir le CCTV a bhailiú ó thríú páirtithe ná go dtugann athbhreithneoir cuairt ar an áitreabh atá i gceist, go bhféachann/íoslódálann sé/sí an CCTV a d'iarr an Garda imscrúdaithe agus faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Garda Síochána an córas a bhaint ón áitreabh. Cuirtear gach ceann de na híoslódálacha sin i dtaifead sa taifead de láimh. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas nach ndéanann siad na hiarratais sin i scríbhinn agus, le haird ar mhéideanna na n-íoslódálacha seachtracha, a bhféadfadh a mhéid le sé cinn a bheith i gceist acu gach lá, go mbeadh seo neamhphraiticiúil. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, áfach, go bhfuil úinéirí gnólachta an-chomhoibritheach sa limistéar. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go bhfuil ceanglas sonrach ann sa reachtaíocht a chumhdaíonn Orduithe Díolúine Speisialta a úsáideann Clubanna Oíche, an Bille Deochanna Meisciúla, 2008, go mbíonn CCTV leordhóthanach ar an áitreabh.

Measann an Oifig, agus aird air go bhfaightear CCTV trí chlásal sonracha ceadaitheach na nAchtanna, ba cheart leanúint le hiarratais ar íoslódálacha píosaí scannáin CCTV a dhéanann an AGS le tríú páirtithe i scríbhinn ag gach tráth. Ba cheart go mbeadh gach ceann de na hiarratais sin ar pháipéar ceanteidil an Gharda Síochána, ba cheart go dtagróidís do shonraí an phíosa scannáin CCTV a theastaíonn agus ba cheart dóibh an bunús dlíthiúil atá leis an iarratas a lua, i.e. Alt 8(b) de na hAchtanna. Ní mheasann an ODPC go mbeadh sé deacair go hoibríochtúil don AGS chun teimpléad a thabhairt isteach do na hiarratais sin.

D'fhreagair an AGS lena lua go ndéantar athbhreithniú ar gach ceis a bhaineann le CCTV an Gharda Síochána ag an tráth seo. Chuaigh méid mór de chásdlí i ngleic le saincheisteanna maidir leis an ngá atá le ráitis fianaise atá le glacadh ó thríú páirtithe agus fianaise á fáil (e.g. Braddish v DPP, Dunne v DPP). Dunne v DPP (2002) an Chúirt Uachtarach – Tá sé mar dhualgas na nGardaí, ag eascairt óna ról uathúil imscrúdaitheach, chun an fhianaise go léir a lorg agus a chaomhnú a bhfuil tionchar nó tionchar féideartha aici ar shaincheist na ciontachta nó na neamhchiontachta (Hardiman J).

11.5 Coinneáil agus Stóráil

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go gcoimeádtar píosaí scannáin CCTV an Gharda Síochána ar feadh 31 lá, seachas nuair a roghnaíodh iad lena n-íoslódáil agus lena gcoimeád. Luaigh an AGS, sna cásanna siúd, go stóráiltear píosaí scannáin CCTV ar mhéaróg USB nó ar dhiosca sa seomra teagmhais faoi fhreagracht an oifigigh foilseán agus nach scaoilfear iad ach ar mhaithe le cuspóirí oifigiúla an AGS nó leis an bhfoireann chosanta i gcás le haghaidh ionchúisimh, faoin bpróiseas follasaithe bhreithiúnaigh. **Rochtain ar CCTV an Gharda Síochána ag tríú páirtithe**

Luaitear in Alt 38(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005:

“féadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána suiteáil agus oibriú CCTV a údarú ar mhaithe leis an gculpóir aonair nó príomha chun ord agus sábháilteacht poiblí a bhaint amach in áiteanna poiblí trí bhacadh, cosc, brath agus ionchúiseamh cionta.”

Sa mhullach air sin, luaitear i Mír 8.1 de **Chód Cleachtais an AGS le haghaidh Teilifís Chiorcaid Iata in Áiteanna Poiblí** “úsáidfeadh fístaifeadadh ar mhaithe le cuspóirí an Gharda Síochána amháin agus nach scaoilfear iad, in aon chas, le comhlachtaí seachtracha nó le daoine aonair ar mhaithe le húsáid phríobháideach nó shibhialta, ach amháin nuair ar ordú sin tríd an ngnáthphróiseas breithiúnach. Atreoróidh an Oifig Ceantair aon chásanna d'amhras chuig an gCoimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil le hordú a fháil orthu.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go gcomhlíontar an fhoráil seo go dian agus nach scaoiltear píosaí scannáin CCTV ach le tríú páirtithe tríd an bpróiseas follasaithe. D'fhiosraigh an Fhoireann an raibh aon chúinsí ann ina scaoilfí píosaí scannáin CCTV de bhun iarratais ar rochtain faoi Alt 4 de na hAchtanna. Luaigh an AGS nach bhféadfaidís aon chúinsí a shamhlú ina scaoilfí sliocht de phíosa scannáin CCTV a rinne siad a thairfeadh le tríú páirtí. Anuas air sin, luaigh an AGS nach bhfuair siad aon iarratas óna n-údarás áitiúil, mar shampla, go n-úsáidfí CCTV in aon ionchúiseamh faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, arna leasú ag an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2003.

Is í tuairim an ODPC go bhfuil roinnt díolúintí an-teoranta ann i leith ceart rochtana ábhar sonraí a leagtar amach in Ailt 4 agus 5 de na hAchtanna. Forálann Alt 5 de na hAchtanna nach bhfuil an ceart ag daoine aonair chun faisnéis a fheiceáil a bhaineann leo sa chás go mbíonn feidhm ag cúinsí áirithe ina gcoimeádtar an fhaisnéis ar mhaithe le cionta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh, nó measúnú/bailiú a dhéanamh ar aon chánacha nó dleachtanna: ach i gcásanna, amháin, inar dócha go mbainfeadh an ceart rochtana a cheadú de na gníomhaíochtaí siúd. Measann an ODPC nach mbeadh sé inghlactha ligean do choirpeach a bhfuil amhras faoi/fúithi chun an fhaisnéis go léir a choimeádann an Garda Síochána faoi/fúithi a fheiceáil, sa chás gur dócha go mbainfeadh seo d'éifeachtúlacht an imscrúdaithe choiriúil. Ar an taobh eile den phingin, áfach, mura dóigh go mbainfeadh sé

d'imschrúdú má cheadaítear rochtain do dhuine aonair ar fhaisnéis phearsanta faoi/fúithi, ba ghá an t-iarratas ar rochtain a chomhlíonadh. Ar a bharr sin, d'fhéadfadh gur cheart machnamh a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin a scaoileadh nuair a tugadh faoi imscrúdú.

Moltar, ar an ábhar sin, gur cheart don AGS athbhreithniú a dhéanamh ar a mbeartas chun iarratais a láimhseáil ar rochtain ar phíosaí scannáin CCTV an AGS a dhéantar faoi Alt 4 de na hAchtanna.

[Ó tharla an chigireacht, thug an AGS le fios go bpróiseálfaidh siad iarratais ar CCTV an AGS a fuarthas faoi iarratas ar rochtain de chuid Alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí faoi réir go dtugann an t-iarratasóir le fios go bhfuil an CCTV ann i láthair ar leith.

12. Córas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

12.1 Lárionad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

Is éard atá in Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ná na haonaid a leanas: Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, Oifig um Thaifid Choiriúla an Gharda Síochána agus an tAonad Próiseála um Chosaint Sonraí. Tá na haonaid seo sa láthair chéanna i nDurlas agus faoi rialú an Cheannfoirt chéanna. Tugann Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána faoi réimse gníomhaíochtaí, ina measc: bainistíocht fhoriomlán taifead; grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána; agus freagairt d'iarratais ar rochtain a dhéantar faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tá líon foirne 94 duine faoi láthair in Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. Comhalta ar a bhfuil éide an Gharda Síochána iad ceathrar den fhoireann seo agus is pearsanra sibhialtacha iad 90 díobh. Tá 18 den foireann seo bunaithe in Inis agus aistríodh iad chuig an GCVU mar chuid de scéim ath-implonaithe státseirbhíse. Tugann an fhoireann atá bunaithe in Inis faoi bairbhíochas a dhéanamh ar iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin agus bailíonn comhalta foirne atá bunaithe in Inis a gcuid oibre ar maidin ar an Luan agus tugtar ar ais í ar maidin ar Aoine.

12.2 Nósanna Imeachta Grinnfhiosrúcháin

Tugann Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, nach mór dóibh, sa chéad ásc, bheith cláraithe cheana féin leis an GCVU. Mhínigh an AGS go dtugtar faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra a oibríonn go lánaimseartha, páirtaimseartha, agus go deonach nó a bhfuil i gcáil socrúchán mic léinn in eagraíocht chláráithe, trína bhfuil rochtain gan mhaoirsiú acu ar leanaí agus/nó daoine fásta leochaileacha. Sna cásanna siúd, tá grinnfhiosrúchán éigeantach faoin reachtaíocht, ar nós an Achta um Chúram Leanaí, 1991, na Rialacháin um Chúram Leanaí, 2006 agus an Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001. Anuas air sin, tugtar faoi ghrinnfhiosrúchán maidir le roinnt fostaithe stáit a oibríonn i limistéir leochaileacha agus síneadh grinnfhiosrúchán, chomh maith, chuig daoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí atá cuimsithe ag an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 (foireann slándála club oíche etc).

In ainneoin reachtaíocht shonrach óna dteastaíonn grinnfhiosrúchán in earnálacha éagsúla, luaigh an AGS nach raibh aon reachtaíocht ann, faoi láthair a bhí mar bhonn agus taca le próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, agus ar an ábhar sin, tugadh faoi ghrinnfhiosrúchán ar bhonn toiliú a bheith arna sholáthar ag an duine aonair ar a raibh an grinnfhiosrúchán á dhéanamh. Ar an shon sin, thug an Fhoireann faoi deara gur achtaíodh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ag deireadh 2012 agus bhíodas ag súil leis go gcuirfí tús leis go gairid amach anseo.

Ní thugtar faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ach thar ceann eagraíochtaí cláraithe agus a 'sínitheoirí údaraithe' – na daoine aonair a riarann an phróiseáil thar ceann na

heagraíochta. Ní thugtar faoi ghrinnfhiosrúchán i gcás daoine aonair ar bhonn pearsanta. Déanann eagraíochtaí iarratas go gclárófar iad leis an GCVU agus má fhaomhtar go sealadach iad, tugtar cuireadh don eagraíocht freastal ar lá éigeantach oiliúna. Ag deireadh na hoiliúna seo, síníonn na 'sínitheoirí údaraithe' ó gach eagraíocht an t-iarratas deiridh agus leithdháiltear uimhir chláráithe dóibh atá le lua ar gach iarratas. Ina theannta sin, bailítear síniú/sínithe an tsínitheora údaraithe agus scantar é/iad, ina dhiaidh sin, isteach i gcóras an GCVU go ndéantar cross-seiceáil air/orthu gach uair a dhéantar iarratas ar ghrinnfhiosrúchán. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas, go mbeadh breis agus sínitheoir údaraithe amháin ann in eagraíochtaí móra, ar nós FSS. Ina theannta sin, féadfaidh eagraíochtaí áirithe ina bhfuil líonta ísle fostaithe a n-iarratais ar ghrinnfhiosrúchán a sheoladh ar aghaidh trí bhrateagraíocht, ar nós na Cónaidhme Náisiúnta Earcaíochta.

Luaigh an AGS, áfach, go gclárófar gach eagraíocht aonair leis an AGS.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go ndéantar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach sínitheoir údaraithe, agus má thagann saincheist chun solais leo, nó leis an eagraíocht a bhfuiltear ag tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán thar a gceann, féadtar srian a chur orthu ó bheith ina sínitheoir údaraithe. Luaigh an AGS, áfach, faoi na cásanna sin, go dtugann sé an ceart chun freagartha don duine aonair agus murar féidir an tsaincheist a réiteach ag an gcéim sin, cuirfidh an AGS an eagraíocht ar an eolas dá réir sin.

Mhínigh an AGS don Fhoireann go dtugtar faoi phróiseáil féin iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ar chóras baisceanna. Déantar iarratais a bhaisceadh ag an AGS de réir mar a fhaightear iad, agus seolann roinnt eagraíochtaí móra iarratais ar aghaidh agus iad ina mbaiscthe cheana féin. Shuigh an Fhoireann le comhaltaí foirne an AGS agus iarratais ar ghrinnfhiosrúchán á bpróiseáil.

Is éard atá i gceist leis an gcéad chéim ná go dtugann comhalta foirne faoi sheiceáil amhairc lena chinntiú gur comhlánaíodh gach réimse éigeantach mar aon lena sheiceáil gur mheitseáil an síniú ar bhaisc ó eagraíocht é sin ar chóras an GCVU don sínitheoir údaraithe. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, maidir le dáta breithe (DB), tá ar shínitheoirí údaraithe a fhíordheimhniú go bhfuil an dáta a iontráiltear i gceart. Iontrálann an comhalta foirne, ansin, ainm, DB, seoltaí reatha agus roimhe seo agus aon ainmneacha eile a soláthraíodh ar an gcóras **“Seirbhís Tuairiscithe an AGS”** (baineann an córas seo faisnéis ó PULSE agus cuireann sé i láthair é i bhfoirm atá éasca le húsáid ag an GCVU). Tugann an córas seo meaitseálacha agus garmheitseálacha aníos don fhaisnéis a iontráladh, ansin. Déanann an comhalta foirne scrúdú ar na meaitseálacha féachaint an bhfuil aon rianta ábhartha ar chóras PULSE chun an bonn a chruthú de nochtadh don fhostóir. Más amhlaidh an cás, déantar iad seo asphiontráil agus a cheangal leis an iarratas. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go bhfuil an áis sa chóras, chomh maith, chun tabhairt faoi chúlchuardaigh ar ainmneacha.

Tugadh faoi deara i rith an phróisis seo, go stóráiltear gach nochtadh ar thiomántán láir atá inrochtana ag an bhfoireann go léir sa GCVU i gcás saincheisteanna a thiocfaidh chun solais amach anseo i dtaobh ábhar an noichta. Thug an Fhoireann faoi deara gurb imeacht seo ón gcleachtas roimhe seo nuair nár coimeádadh ach taifead achoimreach. Tacaíonn an ODPC leis an AGS agus an taifead sin á choimeád faoi choinníollacha slána mar gheall go mbaineann sé an gá don eagraíocht féin chun an fhaisnéis sin a stóráil faoi choinníollacha ar gnách nach mbeidh siad chomh slán céanna. Léirítear seo i dtreoir na hOifige seo ar ghrinnfhiosrúchán.²⁵ Ní sholáthraíonn an tiomántán láir bealach, áfach, chun srian a chur ar rochtain nó chun rochtain a scrúdú ag comhaltaí áirithe foirne agus táthar ag súil leis, ar an ábhar sin, go gcuirfeadh córas slán in ionad an chórais seo a leagann srian ar rochtain, ar aon dul leis an riachtanas gnó agus a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar an rochtain sin.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas nach féidir ach le faisnéis bhunúsach a áireamh le hiontrálacha ar PULSE a cruthaíodh maidir le teagmhais roimh 2003 ach d'fhéadfadh tagairt do “Thaifid Choiriúla Bhaile Átha Cliath” (DCR) bheith i gceist leo. Taifid chruachóipe iad seo a stóráiltear in GVUC Dhurlais agus tagraíonn an GCVU dóibh nuair is gá.

25

<http://dataprotection.ie/viewdoc.asp?m=m&fn=/documents/guidance/EmployeeVettingGuidance.htm>

Thug an Fhoireann faoi deara go n-áirítear le meaitseálacha nó garmheaitseálacha a thagann aníos maidir le cuardach faoi na sonraí a soláthraíodh meaitseálacha ina bhféadfadh an duine aonair bheith mar fhinné nó ina bhféadfaidís teagmhas a thuairisciú. I sampla amháin díobh sin, a chonaic an Fhoireann, b'oibrí sóisialta an t-iarratasóir agus tháinig meaitseáil aníos maidir le teagmhas a thuairiscigh sí don AGS ina cáil oifigiúil. Cé nár dhealraitheach don Fhoireann láithreach bonn nach raibh baint ag an duine aonair a bhí i gceist sa cheist seo ina cáil ghairmiúil, luaigh comhalta foirne an GCVU a raibh cur amach ní ba mhó aige ar an gcóras go dtabharfadh an GCVU neamhaird ar a leithéid de rian. Mheas an ODPC gur cheart go mbeadh córais asbhainte PULSE an GCVU cléagraithe ar an gcaoi nach dtagann na meaitseálacha sin aníos mar fhreagairt do chuardach chun an fhéidearthacht a bhaint go nochtfar na rianta sin gan chuimhneamh. Ina theannta sin, laghdóidh seo go mór an líon rianta atá ag teacht aníos agus déanfaidh sé scrúdú níos ábhartha as an scrúdú le haghaidh rianta a thagann aníos, dá réir sin.

D'fhreagair an AGS gur cheart don fheidhmiúlacht reatha a thugann gach teagmhas PULSE aníos, leanúint ag oibriú ar an mbealach seo. Déanann foireann oilte scrúdú ar thuairiscí a bhfuil an-chur amach acu ar an gcóras. Déantar tuairiscí a sheiceáil de lámh lena chinntiú go bhfaightear an fhaisnéis ábhartha go léir agus nach dtugtar neamhaird do rud ar bith gan chuimhneamh. Míneoidh insint an teagmhais an nasc atá idir an duine agus an teagmhas.

Tar éis bhaisceadh agus sheiceáil an GCVU, seoltar gach foirm ghrinnfhiosrúcháin chuig Rannóg Rialaithe Cáilíochta an GCVU. Déantar seiceáil cáilíochta ar gach iarratais ag a bhfuil asphrionta riain agus, anuas air sin, déanann foireann seisir seiceáil cáilíochta ar thart ar 10% de na hiarratais. Thug an Fhoireann an rannóg seo faoi deara agus seiceáil á déanamh acu faoi litriú ainmneacha agus sloinntí roimh phósadh. Coimeádann an rannóg seo nóta ar gach earráid a aimsítear agus téann siad i dteagmháil leis an duine aonair, sa chás go dteastaíonn. Anuas air sin, cuireadh an Fhoireann ar an eolas go n-eisítear cor poist rialta don fhoireann go léir chun earráidí coitianta a thabhairt chun solais. Anuas air sin, seiceálann an Rannóg Rialaithe Cáilíochta gach litir nochta agus cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur laghdaigh an GCVU an líon foirne a eisíonn litreacha nochta d'fhostóirí agus thug siad faoi deara gur fheabhsaigh seo cáilíocht na litreacha nochta a bhí á n-eisiúint.

12.3 Mír na Nuashonruithe ar Pulse

Tar éis rialú cáilíochta a sheiceáil agus i gcásanna nuair nach féidir a dheimhniú an staid chinnte ó PULSE, cuirtear roinnt iarratas ar ghrinnfhiosrúchán faoi bhráid **Rannóg Nuashonraithe PULSE** an GCVU. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go ndéanann an rannóg seo teagmháil le hOifig Cheantair an stáisiúin, a ghinfeadh an taifead ar PULSE, i dtosach, faoin bhfiosrú leis an staid a shoiléiriú maidir le stádas reatha an taifid ar PULSE. I gcásanna nuair nach bhfaightear freagairt, eisítear cumarsáid don Cheannfort atá sa stáisiún atá i gceist.

Chas an Fhoireann le beirt Sáirsintí den Gharda Síochána a bhfuil freagracht acu as scrúdú a dhéanamh ar gach nochtadh féideartha agus cuireadh ar an eolas iad, as thart ar na 6,000 iarratas ar ghrinnfhiosrúcháin a faightear gach seachtain, bheadh catagóir éigin de rian ar PULSE ag idir 20 agus 25% díobh. As an ngrúpa seo, mheas an AGS go mbainfeadh thart ar 25% de gach iarratas a chruthaíonn rian láithreach mar gheall go scagtar ainm, seoladh agus sonraí faoi DB an duine aonair. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, i gcásanna tromchúiseacha, nuair a bhítear in amhras faoi aitheantas, cuirtear an cheist faoi bhráid stáisiún áitiúil an Gharda Síochána go bhfiordheimhneofaí an t-aitheantas agus is amhlaidh a bhíonn an cás i gcónaí sa chás go bhfuil aon amhras ann maidir le cion gnéasach.

Scrúdaigh an Fhoireann cás nár nuashonraíodh taifead ar PULSE a cruthaíodh in 2005 le toradh an imscrúdaithe a thabhairt le fios. Tar éis go bhfuarthas fiosrúchán ó **Rannóg Nuashonraithe PULSE**, nuashonraíodh an taifead agus sonraíodh "An tAcht Promhaidh-neamhchiontú". Ar a bharr sin, taispeánadh iontráil ar PULSE ó 2003 don Fhoireann a bhain le duine aonair ar cuireadh ina leith go raibh sé ar meisce in áit phoiblí a shonraigh "Ciontú-ordú le dearbhú".

Taispeánadh sampla de bhean, chomh maith, don Fhoireann ar a raibh cúiseamh um thiomáint ar meisce ina leith, inar mheaitseáil a céadainm, a seoladh agus a DB ar PULSE, ach b'éagsúil

a sloinne. Cuireadh seo faoi bhráid stáisiún áitiúil an Gharda Síochána lena fhíordheimhniú, mar gheall gur measadh go bhféadfadh go raibh an duine aonair pósta ó rinneadh an ciontú agus nár sholáthair sí a sloinne roimh phósadh ar an iarratas ar ghrinnfhiosrúchán.

Chonaic an Fhoireann sampla eile inar cuireadh cúiseamh éignithe i gcuntas i leith duine aonair i 1995, ach nár cuireadh an toradh i dtaifead ar PULSE. Rinne Rannóg Nuashonraithe PULSE teagmháil leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána agus ba chuimhin leis go ndearnadh ciontú, ach nach raibh aon tuairisc ar an mbunchomhad. Mhínigh an AGS don Fhoireann go raibh Sáirsint den Gharda Síochána ag cuardach trí thaifid chúirte mar iarracht chun toradh an cúirte a dheimhniú. Thug an AGS le fios don Fhoireann go dtarlaíonn na tascanna sin go laethúil ag an GCVU agus go dtagann oibreoirí ar theagmhais iolracha amhail a dtugtar breac-chuntas air sa chás gur theastaigh soiléiriú agus seiceáil chun taifid a leasú/a nuashonrú.

Anuas air sin, cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur féidir le fadhb ar leith teacht chun solais nuair a dhéantar cás a achomharc ón gCúirt Dúiche. Is iad na príomhthorthaí cúirte chun achomharc a chur i dtaifead ar PULSE “Ceadaíodh an tAchomharc”, “Níor Ceadaíodh an tAchomharc” agus “Athrú ar an Achomharc”. Shoiléirigh an AGS go n-úsáidtear saghas thoradh na cúirte ‘Athrú ar an Achomharc’ ar PULSE chun a chur i gcuntas go n-athraítear an pionós a ghearrtar ar an gcosantóir ón mbunchiontú ag an gcúirt achomhairc. Seastar leis an gciontú, go fóill, ach athraíodh an bunordú nó an bunphionós a gearradh. Thug an ODPC cás-staidéar i gcuimhne i dTuarascáil Bhliantúil 2000 an Choimisinéara Cosanta Sonraí a bhain leis an tsaincheist seo, nuair a tharla go ndearnadh ciontú an ghearánaí ag an gCúirt Dúiche a achomharc leis an gCúirt Chuarda, agus, cé gur seasadh leis an gciontú, athraíodh an phianbhreith. Níor léiríodh na fíricí seo sa taifead a bhí á choimeád ag an nGarda Síochána. Nuair a tugadh na fíricí seo chun airde an Gharda Síochána, glacadh gníomh pras chun na sonraí ábhartha faoin gCúirt Chuarda a cheangal leis na sonraí reatha den Chúirt Dúiche²⁶.

Thug an Fhoireann faoi deara, ar thaobh an tuairiscithe leictreonaigh torthaí, rangaíonn fotha an Tionscadail Chomhtháite Ceartais Choiriúil (CJIP) isteach chuig PULSE torthaí cúirte amhail bheith rathúil nó mí-rathúil. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur féidir leis an mí-mheaitseáil téarmaí tuairiscithe deacracht a chruthú maidir le cruinneas torthaí cúirte ar PULSE.

Sampla eile a chonaic an Fhoireann ná “Cúiseamh um sheilbh shimplí drugaí” a rinneadh naoi mbliana ó shin nuair nach raibh aon chúiseamh nó gairm ann agus ina raibh an duine aonair rangaithe go fóill mar ‘chiontóir amhrasta’. Arís eile, rinneadh seo a thagairt siar do stáisiún an Gharda Síochána a bhí i gceist. Tá an ODPC ar an eolas nach nochtfaí na sonraí seo mar chuid d’iarratas ar ghrinnfhiosrúchán má dheimhnigh fiosrúcháin ina dhiaidh sin nár gearradh aon chúisimh nó nár eisíodh aon ghairm. Measann siad, má rinne an duine aonair lena mbaineann an taifead seo iarratas ar rochtain faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, is dócha go dtabharfaí cóip den taifead seo dóibh. Mheas an Fhoireann gur dhócha gur eisíodh rabhadh, ar a laghad, agus má thug seiceáil le stáisiún an Gharda Síochána le fios gur eisíodh rabhadh faoi na nósanna imeachta reatha nochtadh, ní nochtfaí é mar chuid de sheiceáil grinnfhiosrúcháin. Má deimhníodh, áfach, gur tháinig an duine i láthair cúirte maidir leis an teagmhas seo, nochtfaí toradh na cúirte mar chuid de sheiceáil grinnfhiosrúcháin.

Luaigh an AGS go bhfuair an GCVU/GCRO/DPPU 327,903 iarratas ar ghrinnfhiosrúchán, ar an iomlán i rith 2012. Ón líon seo, bhí rian le sonrú i thart ar 20% díobh. Mhínigh an AGS gur eascair thart ar 15,000 iarratas as scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais ar ghrinnfhiosrúcháin seo a seoladh gach bliain trí Rannóg Nuashonraithe PULSE chuig Ceantair chun PULSE a nuashonrú/a leasú.

Measann an ODPC gur céatadán ard seo i dtaca leis an gcomhréir den daonra ar gá grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh orthu, ach fáiltítear roimh úsáid leanúnach an ama agus na n-acmhainní lena chinntiú go nuashonraítear taifid ar PULSE. Ábhar mór buartha don ODPC is ea saincheist chruinneas agus iomláine na dtaifead ar PULSE. Cé go bhfuil an cleachtas ó 2008 le moladh, ina gcuireann córas an CJIP torthaí cúirte ar leibhéal na Cúirte Dúiche le PULSE, d’fhéadfadh fadhb bheith ann maidir le taifid nach dtagann faoi

²⁶ <http://www.dataprotection.ie/docs/Case-Study-1-00-An-Garda-Siochana/130.htm>

chuimsiú na catagóire seo (ar nós thorthaí na Cúirte Cuarda). I gcásanna ina leanann teagmhas ar aghaidh chun na cúirte, níl an chuma air go bhfuil aon chóras ag an AGS lena rianú gur comhlánaíodh an taifead sin, sa mhéid is féidir, agus aird ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an am sin. Tugtar faoi deara, áfach, i gcaitheamh na cigireachta ar an Muileann gCearr, luaigh AGS an Mhuillin gCearr go bhfuil an Sáirsint atá i láthair sa Chúirt freagrach as na torthaí a thaifeadadh go cruinn ar PULSE.

Ó tharla an t-iniúchadh, chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas gur tugadh nósanna imeachta nua isteach maidir le Torthaí Cúirte a chur i dtaifead nach ndéantar a tharchur go leictreonach ón tSeirbhís Chúirteanna. Ceapadh ‘Maoirseoirí Cáis’ laistigh den AGS agus tá siad freagrach, anois, as an toradh a chur i dtaifead ar PULSE maidir le gach triail roimh na Cúirteanna Cuarda agus na hArd-Chúirteanna. Sa mhullach air sin, iarradh ar fheidhmiúlacht nua chun cabhrú le haon chásanna a shainaithint nuair nár cruthaíodh toradh ‘Deiridh’ cúirte go fóill, sa chás gur cuireadh cás ar aghaidh lena thriail. Fáiltíonn an ODPC roimh thabhairt isteach na nósanna imeachta nua seo.

Aithníonn an ODPC go hiomlán, mar gheall ar chineál obair na bpóilíní, go héifeachtach, féadtar leanúint le himscrúduithe ar feadh roinnt ama agus go bhféadfadh catagóirí ar nós “ciantóir amhrasta” mar an gcatagóirí ceart ar feadh a fhad a choimeádtar an taifead ar PULSE. Mar a mhínigh an AGS roimhe seo, má mheasann siad go raibh dóthain fianaise inghlactha ann le húdar a bheith leis an teagmhas a chur i dtaifead amhail bheith braite agus déanta ag an déanta sin, sannfaidh siad an ról ‘ciantóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’ ar an duine aonair. Mura raibh an rath ar chás cúirte a roimhe sin, mar gheall nach raibh dóthain fianaise ann, d’fhanfadh ról ‘ciantóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’ ar PULSE. Anuas air sin, shoiléirigh an Fhoireann leis an AGS, má dhéantar cás a dhíbhe i gcúirt, beidh an duine aonair rangaithe go fóill ar PULSE mar ‘chiantóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’ – mar shampla, má bhraith an AGS go raibh tiománaí ag tiomáint go mearbhlaigh, gur thug an tiománaí ainm bréagach agus nach raibh aon árachas aige/aici agus gur theip air/uirthi é a sholáthar ina dhiaidh sin - fanfaidh siad mar ‘chiantóir a bhfuil amhras faoi/fúithi’, fiú má rinneadh an cás agus gach ceann de an cúisimh a dhíbhe i gcúirt mar gheall ar chastacht. Luaigh an AGS, athuair, sa sampla thuas, fanfaidh an duine aonair mar ‘Chiantóir a bhfuil Amhras faoi/fúithi’ sa teagmhas mar gheall gur dócha go réasúnta, bunaithe ar dhóthain fianaise, go ndearna an duine aonair an cion. Léireoidh Toradh na Cúirte an chaoi gur díbheadh an cás sa chúirt (i.e. níor ciontaíodh an duine aonair i gcion ar bith).

Dheimhnigh an AGS don Fhoireann gur féidir ‘ról’ an duine laistigh den teagmhas sin a athrú lena léiriú nach ciantóir a bhfuil amhras faoi/fúithi atá sa duine aonair a thuilleadh i roinnt cásanna, e.g. toradh cúirte ina ndéantar an duine a éigíontú.

Thug an ODPC faoi deara, cé go bhfuil córas cuimsitheach athbhreithnithe i bhfeidhm sa GISC le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaifid PULSE nuair a cruthaíodh iad i dtosach, níor mheas siad go raibh beartas nó córas bunaithe ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid PULSE ar bhonn leanúnach. Seiceálfar taifead duine atá faoi réir seiceáil grinmfhosrúcháin nó duine aonair a dhéanann iarratas ar rochtain faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí mar chuid de na nósanna imeachta atá i bhfeidhm, má táthar in amhras faoina n-aitheantas nó faoin toradh deiridh maidir le conas a thaifeadtar an teagmhas ar PULSE. Seachas ó na cúisí seo, molann an ODPC gur chuir an AGS clár um bainistiú taifead i bhfeidhm chun athbhreithniú córasach agus seiceáil a dhéanamh ar chruinneas thaifid PULSE ar bhonn rollach.

Baineann ríthábhacht leis seo lena chinntiú go léiríonn catagóirí daoine aonair agus teagmhas ar PULSE an stádas is cothroime le dáta i dtaca leis an teagmhas a cuireadh i dtaifead.

Ina theannta sin, ba cheart leanúint le gach taifead a bhraitear ar PULSE, atá neamhchonclúideach má rinneadh cúisimh, mar ábhar cúrsa, má thagann comhaltaí orthu mar chuid dá ngnáthdhualgais imscrúdaitheacha.

12.4 Nochtadh Fiosrúcháin an Gharda Síochána

Measann an ODPC gur limistéar bunúsach óna dteastaíonn soiléiriú ag an AGS d’ábhair shonraí ná breac-chuntas soiléir a thabhairt ar a nochtfaidh an AGS ar ais trí shínitheoir

údaraithe d'eagraíocht ar mhaithe le cuspóirí grinnfhiosrúcháin i gcomparáid leis sin a bhféadfadh le hábhar sonraí súil a bheith lena fháil trí iarratais ar rochtain ar ábhar a dhéantar leis an AGS. Foinse mhínic fiosraithe atá ann seo leis an Oifig seo nuair a dhéanann ábhar sonraí nó a n-atainae iarratas rochtana ar an AGS agus nuair a fhéachann siad ar an ábhar a sholáthraíonn an AGS mar fhreagairt air sin.

Mar shampla, d'fhéadfadh trí leathanach de thaifid bheith i gceist le freagairt ar iarratas ar rochtain ag an AGS i dtaca leis an duine aonair, sa chás go bhféadfaí iad a rangú ar PULSE amhail bheith ina 'gciontóir a bhfuil amhras faoi/fúithi' agus ina 'bhfinné' agus ról éagsúla eile. Sa mhullach ar liostáil na n-iontrálacha sin, soláthrófar cóip d'aon torthaí cúirte a chuirtear i dtaifead ar PULSE don duine aonair mar cuid den fhreagairt ar iarratas ar rochtain.

Dheimhnigh an AGS don Fhoireann ní hamháin nach ndéanadh an AGS torthaí cúirte a nochtadh mar chuid de sheiceáil grinnfhiosrúcháin faoi na nósanna imeachta reatha. Bunaithe ar an leibhéal fiosrúcháin a rinneadh leis an Oifig, chuireamar ár dtuairim in iúl don AGS gur beag tuiscint atá ag an bpobal maidir leis an idirdhealú seo agus go bhféadfaidís bheith bainteach, gan ghá, leis na sonraí a sholáthraítear mar fhreagairt ar iarratas ar rochtain faoi Alt 4, nuair nach nochtfaí riamh é, go réalaíoch, faoin gcóras reatha grinnfhiosrúcháin, mar chuid de sheiceáil grinnfhiosrúcháin.

Ina theannta sin, in ainneoin teorach a d'eisigh an ODPC i dtaobh nochtadh, níl an chuma air go bhfuil muintir an phobail ar an eolas **GO** nochtfar cásanna cúirte ar eascair éigiontú astu nó a rinneadh a dhíbhe mar chuid de nochtadh grinnfhiosrúcháin. Go deimhin, faoi na nósanna imeachta nua a bheartaítear, a luaitear a cuireadh tús leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha), tuigean an ODPC go bhféadfaí faisnéis 'bhog' a nochtadh faoi roinnt cúinsí, ar nós rabhaidh aosach nó cásanna nach leantar ar aghaidh le himeachtaí maidir le cion gnéasach.

Leagtar an bhéim ar nochtadh gach toraidh chúirte sa treoir a eisíonn an ODPC:

b) Faisnéis ar féidir scaoileadh léi mar chuid den phróiseas grinnfhiosrúcháin

Nuair a thugann ábhar grinnfhiosrúcháin a gcead i scríbhinn go nochtfaidh an Garda Síochána sonraí faoi gach ionchúiseamh, bíodh siad rathúil nó a mhalairt, ar feitheamh nó críochnaithe agus/nó sonraí faoi gach ionchúiseamh, a chuirtear i dtaifead sa stát nó in áiteanna eile maidir leo d'eagraíocht chláráithe, nochtar gach ceann de na sonraí sin a choimeádtar i dtaifead ag an nGarda Síochána maidir leis an ábhar grinnfhiosrúcháin. Sa chás go ndearnadh ábhair ghrinnfhiosrúcháin a ionchúiseamh, in ainneoin an toraidh chúirte maidir leis an ionchúiseamh, nochtar na sonraí fíriciúla a chuimsítear sa toradh comhthorthach cúirte don sínitheoir údaraithe²⁷.

12.5 Neamhchiontuíthe, Seanchiontuíthe nó Mionchiontuíthe

Measann an ODPC nach bhfuil nochtadh féideartha agus coinneáil éiginnte faisnéise faoi neamhchiontuíthe nó seanchiontuíthe nó mionchiontuíthe i gcomhréir le meanma na gceangal faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Glacann an ODPC leis nach bhfuil aon reachtaíocht ag an AGS chun cloí leis seo mar gheall nach ndéanann reachtaíocht na hÉireann aon fhoráil do chiontuíthe "caite".

Tá an ODPC feasach, chomh maith, gur tharla nár cuireadh tús leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) mar gheall ar shaincheist leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Ciontuíthe Caite), 2012 atá staonta faoi láthair ag Céim an Tuairiscithe sa Dáil. Luaigh an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, i bhfreagairt scríofa le ceist pharlaiminte i mBealtaine 2013

"tá an Bille in ainm is oibriú i gcomhréir leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha), 2012. Tá gnéithe den Acht sin, áfach, i dtaca le nochtadh ciontuíthe, á leasú faoi láthair maidir le breithiúnas a rinne

²⁷ <http://www.dataprotection.ie/docs/Guidance-Note-on-data-protection-considerations-when- vetting-prospctive-employees/1095.htm>

Cúirt Achomhairc na RA le déanaí sa chás (ar iarratas) T agus daoine eile V Ardchonstábla Mhórcheantar Mhanchain [2013]. Rinne an Chúirt breithniú ar na cúinsí faoina bhfuil sé mí-oiriúnach chun ciontuithe le haghaidh mionchionta a nochtadh agus aird ar leith ar Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Cé go mbaineann reachtaíocht leis an mbreithiúnas atá éagsúil ó Acht 2012 agus ón mBille a bheartaítear, ceapaim go dteastaíonn breithniú ó na prionsabail dhlíthiúla a shainaithe an Chúirt maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8. Sa chás go dteastaíonn go ndéanfar roinnt mionathruithe d'Acht 2012, tá sé ar intinn agam iad a thabhairt anonn tríd an mBille a leasú agus aon athruithe iarmhartacha a dhéanamh don Bhille, é féin, a theastaíonn lena chinntiú go n-oibríonn an dá chóras as lámh a chéile. Go dtí go gcuirfean an obair seo i gcrích, nílimse in ann a thabhairt le fios uainiú dóchúil na Céime Tuairiscithe. Táim feasach, áfach, ar thábhacht an Bhille maidir le ath-imeascadh ciontóirí agus tabharfaidh mé faoina chinntiú nach gcuirtear aon mhoill neamhchuí air seo²⁸."

Bíonn an ODPC ag súil leis go bhforálfadh an reachtaíocht uile a thabharfar isteach, ar nós an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) agus an Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Caite), 2012 do chóras cuimsitheach ina dtugtar cosaint isteach maidir le nochtadh seanchiontuithe agus mionchiontuithe nó nochtadh faisnéise faoi neamhchiontú. Leanann an ODPC bheith ar fáil le treoir a chur ar tairiscint ar na saincheistanna um chosaint sonraí a d'fhéadfadh teacht aníos.

Ar an iomlán, moltar go gcuireann an AGS creat-bheartas agus treoir i dtoll a chéile ina dtugtar breac-chuntas ar na cúinsí faoinar ndéanfar gach nochtadh ar mhaithe le cuspoirí grinnfhiosrúcháin faoin reachtaíocht a thabharfar isteach le creatlach shoiléir ina dtugtar breac-chuntas ar an réimse is féidir a nochtadh agus na cúinsí agus an tréimhse chruinn ama faoinar féidir neamhchiontuithe agus seanchiontuithe nó mionchiontuithe éirí 'caite'.

13. Próiseáil Iarratas ar Rochtain ar Shonraí

Tá Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) freagrach, chomh maith, as gach iarratas ar shonraí pearsanta a phróiseáil faoi Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Fuair an tAonad 11,266 iarratas den chineál sin in 2012. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, seachas ó fhaisnéis phearsanta atá ar fáil ar PULSE, nach gcoimeádann an GCVU aon sonraí pearsanta eile agus go mbraitheann siad go hiomlán ar stáisiúin aonair an Gharda Síochána na sonraí sin a sholáthar más ann do thoradh neamhiomlán, mar shampla, a thugtar le fios ar thaifead PULSE. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur féidir le moill shuntasach a bheith ar fhreagairt a fháil ó stáisiúin an Gharda Síochána agus gur minic a bhíonn ar an GCVU iontráil i gcumarsáid fhadálach le stáisiúin an Gharda Síochána chun an fhaisnéis a fháil a theastaíonn lena scaoileadh don té a rinne a t-iarratas.

Thug an Fhoireann faoi deara go leagtar amach i **dTreoir na Ceanncheathrún 95/2012 – Cosaint Sonraí sa Gharda Síochána**, freagrachtaí an AGS i dtaca le hiarratais ar rochtain agus go luaitear inti, i measc rudaí eile, nach mór gach iarratas den saghas sin a fhaightear ag aon Stáisiún an Gharda Síochána nó ag aon Oifig den AGS a chur faoi bhráid an GCVU. Ar a bharr sin, luaitear sa treoir seo nach mór an fhaisnéis go léir a bhaineann leis an duine a chur faoi bhráid an GCVU 10 lá roimh an teorainn 40 lá d'fhonn go ndéanfar measúnú ar an ábhar le cinneadh a dhéanamh ar a nochtadh.

Measann an ODPC go dtreisíonn foilsíú Threoir na Ceanncheathrún, dá dtagraítear thuas, suíomh an GCVU ar an gceist seo chun ligean don eagraíocht a gcuid freagrachtaí sa limistéar seo a chomhlíonadh.

D'fhonn dul i ngleic níos mó le ceist na moilleanna maidir le hiarratais ar rochtain a phróiseáil, moltar go ndéantar na hacmhainní a sholáthar don rannán seo den GCVU chun déileáil le hiarratais ar rochtain de chuid ábhair shonraí. Mar eagraíocht, teastaíonn ón AGS cultúr comhlíonta an cheanglais reachtúil 40 lá a bhunú laistigh de gach ceantar an Gharda Síochána

²⁸ Dé Céadaoin an 22 Bealtaine 2013, Freagraí Scríofa na Dála, Uimhreacha 204-211
<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2013052200087>

maidir le próiseáil iarratas ar rochtain agus i dtaobh Threoir na Ceanncheathrún a lorgaíonn go gcloítear leis an gceanglas reachtúil seo.

[Luaigh an AGS go bhfuil aird leanúnach á tabhairt don mholadh seo]

Anuas air sin, moltar go bpróiseáiltear gach iarratas ar rochtain a rinne iarchomhaltaí nó comhaltaí atá ag fónamh i scuaine thiomnaithe go leithleach laistigh den AGS.

Tá aird ag an ODPC, chomh maith, ar an líon ard d'iarratas ar rochtain a luann an AGS agus ar an bhforáil sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 nár cuireadh tús leo go fóill – Alt 4(13).

De réir na comhairle atá le sonrú i ‘Nóta Treorach: breithniúcháin um chosaint sonraí nuair a bhíonn grinnfhiosrúchán á dhéanamh ar fhostaithe ionchasacha’

“mí-úsáid shoiléir an chirt rochtana é má dhéanann fostóir iarracht a cheangal ar fhostaí ionchasach toradh an iarratais sin ar rochtain a nochtadh. Measann an Oifig seo gurb ionann na cleachtais sin agus sárú ar na hAchtanna mar gheall nach féidir a mheas gur shaorthoilíú a bhí sa toiliú a tugadh. Anuas air sin, cion coiriúil a bheidh in aon ghníomh den sórt sin a dhéanfaidh fostóir nuair a thiocfaidh Alt 4(13) de na hAchtanna um Chosaint Sonraí i bhfeidhm”.

Limistéar é seo ar a ndéanfaidh an Oifig seo dlúthmhonatóireacht i gcomhar le comhoibriú an AGS.

Thug an Fhoireann faoi deara go bhfuil fáil gan stró ar fhoirm iarratais ar rochtain faoi Alt 4 a leanas ar láithreán gréasáin an AGS:

Céard é an nós imeachta chun rochtain a lorg ar mo shonraí pearsanta?

Ba cheart go gcomhlánfadh duine aonair a bhfuil rochtain á lorg acu ar a bhfaisnéis Foirm Iarratais ar Rochtain um Chosaint Sonraí – F2032 agus í a sheoladh ar ais leis na hiataín chuí chuig Oifig Taifead Coiriúil an Gharda Síochána, Bóthar an Ráschúrsa, Durlas, Contae Thiobraid Árann.

³² <http://www.garda.ie/Documents/User/Data%20Protection%20F20%20-%20Nov%2012.pdf>

Thug an Fhoireann, le linn dóibh bheith ag déileáil leis an AGS, go bhfuil freagairt chaighdeánach an AGS d'iarratas ar rochtain ag ábhar sonraí faoi Alt 4 (i dtaobh sonraí atáthar i dteideal a nochtadh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí) i bhformáid an tsampla a leanas:

CUARDACH AR DHUINE

Ainm	Dáta Breithe	Láthair

Dáta an Teagmhais	Catagóir an Teagmhais	Láthair an Teagmhais	Ról an Ábhair Shonraí
22/05/2008	Buirgléireacht	An Phríomhshráid, an Uaimh	An Páirtí Díobháilithe

Dáta an Teagmhais	Catagóir an Teagmhais	Láthair an Teagmhais	Ról an Ábhair Shonraí
14/10/2008	Aird agus Gearáin	An tSráid Ard, Dún Dealgan	Finné

Dáta an Teagmhais	Catagóir an Teagmhais	Láthair an Teagmhais	Ról an Ábhair Shonraí
11/12/2012	Cionta Oird Phoiblí	Sráidbhaile X, Contae Bhaile Átha Cliath	An Ciontóir a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi

Dáta an Teagmhais	Catagóir an Teagmhais	Láthair an Teagmhais	Ról an Ábhair Shonraí
01/01/2013	Trácht	Sráidbhaile X, Contae Bhaile Átha Cliath	An Ciontóir a bhfuiltear in amhras faoi/fúithi

Torthaí Cúirte

Dáta:	22/03/2013
Cúirt:	An Chúirt Chuarda
Cúiseamh:	Ar meisce in áit phoiblí lompár bagrach/mí-úsáide/maslach in áit phoiblí lonsaithe a rinne díobháil
Toradh:	Neamhchiontú – Achomharc ceadaithe

Dáta:	01/04/2013
Cúirt:	Cúirt Dúiche 43
Cúiseamh:	Luasteorainn speisialta 60km/h arna sárú
Toradh:	Fíneáil Chiontaithe 150

Thugamar faoi deara gur sholáthair freagairtí d'iaratas ar rochtain roimhe seo colún breise sonraí ar a raibh an teideal 'Sonraí'. D'fhiosraíomar cibé acu ar ghlac nó nár ghlac an AGS cinneadh gan an fhaisnéis seo a sholáthar níos mó. Luaigh an AGS mar fhreagairt, má tá fáil ar sonraí, is gnách go nochtar iad.

I dtaobh an mhéid is féidir do stáisiún áitiúil an Gharda Síochána a sholáthar ó chomhaid de láimh (ráitis a rinne ábhar sonraí etc.), is limistéar seo óna dteastaíonn breis soiléiriú.

Mholamar don GCVU, agus iaratas ar rochtain á aithint acu, go míníonn siad go mbunófar a bhfreagairt go príomha ar an méid atá á choimeád ar PULSE agus má lorgáitear breis sonraí, go bhfuil sé de dhualgas ar an ábhar sonraí, a ghearrann an DPA, chun cabhrú lena thabhairt le fios cá bhféadfadh na sonraí pearsanta cuí a bheith lonnaithe.

I dtaobh earráidí fíriciúla nó cásanna bréagaitheanta, dheimhnigh an AGS go mbeadh an t-ábhar sonraí freagrach as dul i dteagmháil leis an AGS chun an taifead a athbhreithniú mar gheall nach bhfuil na nósanna imeachta céanna um sheiceáil dhomhain i bhfeidhm i gcás iaratas ar rochtain ó ábhar sonraí atá i bhfeidhm maidir le nochtadh ar mhaithe le cuspóirí grinnfhiosrúcháin. Cé go bhfuil na nósanna imeachta seo chun sonraí a leasú/a cheartú a choimeádtar ar PULSE i bhfeidhm, tá an ODPC ar an eolas, chomh maith, ar conas a mhíníonn an AGS d'ábhair sonraí suíomh an AGS maidir le hiarratais faoi Alt 6 chun sonraí a leasú a choimeádtar ar PULSE sa chás go gcreideann an AGS go bhfuil an iontráil fíriciúil agus ceart. Cuirfear seo in iúl don ábhar sonraí ar bhealach atá ar an gcuma chéanna leis an méid a leanas:

1. "Cuireadh na sonraí maidir leat féin a bhain le teagmhas an... i dtaifead ar mhaithe le taifead cuntasach eagraíochtúil a choimeád ar an ngníomh a rinne an AGS maidir leis an teagmhas. Bhí seo ar aon dul leis na nósanna imeachta caighdeánaithe um chur i dtaifead atá ar chóras ríomhaire PULSE an Gharda Síochána, chun saghsanna teagmhais, ról daoine aonair laistigh de theagmhais agus gníomhartha agus torthaí ina dhiaidh sin a chur i dtaifead, má bhaineann siad leis an teagmhas."

2. Chruthaigh comhaltaí oibríochtúla an AGS an taifead maidir leis an teagmhas seo i bhfeidhmiú a bhfeidhme dlisteanáil póilíneachta chun teagmhais a chosc, a bhrath

nó a imscrúdú sa chás gur féidir cionta a nochtadh. Níor scriosadh an taifead seo mar gheall gur léiriú fríciúil é ar an ngníomh a rinne an AGS maidir leis an teagmhas seo.

3. Is é an suíomh a bhaineann le sonraí a choimeádann an AGS maidir le teagmhais go ndéantar nó go bhfaightear gach comhad ina bhfuil na sonraí siúd laistigh de chúrsa gnó an AGS. Mar gheall gurb é seo an cás, cruthaíonn na sonraí a chuimsítear sna comhaid uile den sórt sin cuid de Thaifead Roinne laistigh de bhrí Alt 2 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Comhlacht sceidealaithe iad an AGS laistigh de bhrí Alt 1 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus leagtar dualgas dlíthiúil orthu, ar an ábhar sin, chun taifid Roinne a rinneadh i gcúrsa a ngnó a choimeád agus a chaomhnú. Mar gheall gurb é seo an cás, coimeádtar agus caomhnaítear taifid Roinne maidir le sonraí a choimeádtar i dteagmhais san AGS, de bhua Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

14. Malartú Sonraí le Tíortha Eile

Níor áiríodh leis an Iníúchadh scrúdú a dhéanamh ar gach malartú leis an AE agus le tíortha eile faoi fhorálacha dlíthiúla, ar nós an Achta um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008, Acht an Gharda Síochána, 2005 nó na hAchtanna Europol. Rinne an Fhoireann, áfach, scrúdú ar an mbaint a bhí ag an AGS sa Chóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS).

14.1 An ECRIS (An Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla)

Bunaíodh córas ríomhairithe an ECRIS in Aibreán 2012 chun malartú éifeachtúil faisnéis a bhaint amach ar chiontuithé coiriúla náisiúnaigh an AE idir tíortha an AE. Tá an ECRIS bunaithe ar ailtireacht dlíraithe TF: stóráiltear sonraí faoi thaifid choiriúla ar bhonn aonair i mbunachair shonraí náisiúnta agus malartaítear iad go leictreonach idir lárúdaráis thíortha an AE ar iarraidh sin. Is í tír náisiúntachta AE an duine stór láir gach ciontaithe a ghearrtar ar an duine sin. Ní mór d'údaráis na tíre an fhaisnéis uile a stóráil agus a nuashonrú a fhaightear agus iad a atarchur nuair a iarrrtar sin. Mar thoradh air sin, tá gach tír den AE, ar iarraidh sin, in ann faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar do thír eile den AE ar thaifid choiriúla a náisiúnach.

Mhínigh an AGS don Fhoireann gurb é Creatchinneadh 2009/315/JHA na Comhairle an 26 Feabhra 2009 ar eagrú agus ábhar malartú faisnéise a bhaintear ón taifead coiriúil idir Ballstáit an bonn dlíthiúil atá faoin ECRIS. Shoiléirigh an AGS don Fhoireann gurbh é Bille an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla, 2013 an reachtaíocht ábhartha um chur i bhfeidhm atá sa dréachtchéim faoi láthair san Oireachtas. Molann an ODPC go nglactar leis an reachtaíocht seo a luaithe is féidir d'fhonn bheith mar an bonn agus taca leis an mbonn dlíthiúil d'oibriú an ECRIS.

Luaigh an AGS go bhfuil Oifig na dTaifead Coiriúil freagrach as oibriú an ECRIS thar ceann an AGS.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, ag tráth na cigireachta, go raibh an ECRIS beo agus gur baineadh idirnasacht amach le naoi dtír eile a d'úsáid an córas: An Rómáin; an Eastóin; an Ostair; an Laitvia; an Ísiltír; an Liotuáin; an Danmhairg; an Fhionlainn agus an Pholainn. Ó dháta na cigireachta, baineadh idirnasacht iomlán amach leis na tíortha breise a leanas seo: an Bhulgáir, an Fhrainc, Poblacht na Seice, an Ungáir, an Bheilg, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn, an Chipir, an Ghréig agus an tSlóvaic.

Shoiléirigh an AGS nach ndéantar an malartú ach ar mhaithe le cuspóirí coiriúla. D'fhéach an Fhoireann ar iarratas ón Liotuáin go hÉirinn ar fhaisnéis na cúirte. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, sa chás sin, go gcuirfí an t-iarratas chuig an gcomhalta imscrúdaithe den AGS. Taispeánadh an fiosrú amhail bheith críochnaithe.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas nach mór don AGS bheith go hiomlán sásta gur shainaithe siad an duine aonair ceart sula scaoiltear le haon fhaisnéis trí chóras an ECRIS, ní scaoiltear

faisnéis a bhaineann le garmheaitseálacha.

Luaigh an AGS nár chuir siad tús go fóill leis an bpróiseas a bhaineann le ciontuíthe a sheoladh chuig ballstáit eile a bhaineann lena náisiúnaigh in Éirinn. Luaigh an AGS go bhfuil an Rannóg TF ag oibriú faoi láthair ar chóras a bhainfidh an fhaisnéis ábhartha ó PULSE agus a sheolfaidh an fhaisnéis sin trí chóras an ECRIS, a bhfuil áis uathoibríoch aistrithe ann.

Luaigh an AGS gur bheartaigh roinnt comhalta den ECRIS go síneofaí córas an ECRIS d'fhonn gur féidir é a úsáid ar mhaithe le cuspóirí grinnfhiosrúcháin. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go bhfuarthas roinnt iarratas a luaigh an reachtaíocht um gháinneáil ar leanaí. Luaigh an AGS nár fhreagair siad do na hiarratais sin go fóill.

15. Slándáil Sonraí: Slándáil TF

15.1 Léargas ginearálta

Ag tosach na cigireachta, thug an AGS cur i láthair cuimsitheach don Fhoireann ar a gcórais TF agus Chumarsáide agus rinneadh tagairt, chomh maith, do Threoir na Ceanncheathrún 118/09 a thugann breac-chuntas ar Bheartas Slándála an Gharda Síochána chun Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a Úsáid, lena n-áirítear gléasanna iniompartha sonraí agus sonraí leictreonacha a aistriú.

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go bhfuil thart ar 16,000 úsáideoir fearainn ag líonra TF an Gharda Síochána agus go bhfuil laghdú ag teacht ar an líon seo mar gheall ar an easpa earcaíochta agus cuíchóiriú stáisiúin an Gharda Síochána. Tacaíonn Aonad TF an AGS thart ar 9,000 ríomhaire deisce, a bhfuil 6,518 díobh líonraithe, 1,100 freastalaí agus 2,200 printéir líonra.

Anuas ar líonrú, luaigh an AGS go bhfuil sé beartaithe acu a gcóras iomlán a líonrú, áfach, mar gheall ar shrianta reatha airgeadais, go bunúsach, ní tharlóidh seo sa ghearrthearma. Cé go bhfuil córais ríomhphoist PULSE agus an Gharda Síochána líonraithe, níl aon chóras lárnach bainistithe cáipéise ann chun déileáil le comhaid imscrúdaithe agus le gach comhfhreagra rialta eile.

15.2 Toipeolaíocht an Chórais

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go n-oibríonn siad toipeolaíocht mhoil agus spóca. Trí líonra criptithe Príobháideach Fíorúil (VPN) atá an cheangail idir Ceanncheathrú an Gharda Síochána (GHQ) agus na suíomhanna éagsúla, ar nós stáisiúin áitiúla agus aerfort. Faoi láthair, is ann do 400 suíomh de chuid an AGS agus 25 suíomh tríú páirtí.

15.3 Slándáil an Trealamh agus Bhonneagair TF

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go n-eisíonn Rannóg TFC an Gharda Síochána ríomhairí glúine agus tiomántáin oifigiúla USB agus go gcríptítear iad seo go léir ar aon dul le Treoir na Ceanncheathrún 118/09. Luaitear sa treoir seo, i measc rudaí eile, “ní úsáidfeadh ach trealamh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a sholáthraíonn an Rannóg TFC agus/nó Rannóg Soláthair an Gharda Síochána”.

15.4 Ríomhairí Glúine

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go bhfuil 1,200 ríomhaire glúine eisithe, faoi láthair, do chomhaltaí an AGS. Eisítear na ríomhairí glúine ar leibhéal réigiúnach do Chigirí agus iad siúd a bhfuil ar chéimeanna níos airde. Soláthraíonn Aonad TFC an AGS na ríomhairí glúine agus eisítear iad do Choimisinéirí Cúnta/Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lena n-úsáid laistigh dá limistéar freagrachta. Tá ar an Oifigeach Eisithe liosta a choimeád de na húsáideoirí a n-eisítear an trealamh sin dóibh.

Luaigh an AGS go bhfuil na ríomhairí glúine criptithe.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go bhfuil siad ag oibriú, faoi láthair, ar ríomhaire glúine atá slánaithe a fhorbairt ag a bhfuil rochtain shlán ar chórais an AGS. Mar chuid den chóras seo, bhí súil acu córas nasctha a fhorbairt do ríomhairí glúine, ach luaigh siad go bhféadfadh an mhoill a bhí ar fhaisnéis a nuashonrú díreach i ndiaidh nasctha fadhb a chruthú.

15.5 Gléasanna USB

Eisíonn an AGS gléasanna criptithe USB.

Luaigh an AGS nach soláthraítear gléasanna USB ach nuair a theastaíonn siad ar bhonn riachtanais ghnó. D'eisigh an AGS teorach dá gcomhaltaí trí Threoir na Ceanncheathrún 118/09 a eisíodh i Lúnasa 2009 gur gá stop a chur le gléasanna USB nár sholáthair an AGS a úsáid.

D'iarr an Fhoireann an bhféadfadh an AGS a fhíordheimhniú cibe acu ar stóráladh nó nár stóráladh aon sonraí pearsanta ar ríomhairí glúine, ríomhairí pearsanta nó ar USBanna neamhchriptithe. Luaigh an AGS, cé gur cuireadh comhaltaí ar an eolas go bhfuil sé in aghaidh an bheartais oifigiúil sa limistéar seo, nach féidir leo ráthaíocht 100% a thabhairt ina leith seo. D'fhiosraigh an Fhoireann cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh rochtain ríomhaire phearsanta ar thiomántáin USB a shrianadh lena chinntiú nár úsáideadh ach USBanna criptithe agus cuireadh an Fhoireann ar an eolas an nach amhlaidh atá an cas faoi láthair. Molann an ODPC gur cheart cosc a chur ar ríomhairí pearsanta i leith rochtain USB trí mhainneachtain agus níor cheart rochtain ag tiomántán USB a cheadú ach amháin ar riachtanas gnó cás ar chás.

15.6 Cianrochtain ar Chóras an Gharda Síochána

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go n-eisítear gutháin chliste do chomhaltaí a bhfuil céim an Cheannfoirt agus céimeanna níos airde ná sin bainte amach acu. 'Féadtar gutháin chliste a eisiúint do chomhaltaí faoi bhun chéim an Cheannfoirt sa chás go ndearnadh iarratas le tacaíocht ó chás cuí gnó go n-eiseofar guthán cliste. Déileáiltear leis na hiarratais seo ar bhonn cás ar chás. Úsáidtear gutháin 'chliste' mar ghnáthghuthán agus chun ríomhphost Gharda Síochána an duine aonair a sheoladh agus a fháil.

Féadfaidh gach guthán cliste a d'eisigh an Garda Síochána nascadh a dhéanamh thar VPN slán criptithe leis an eagraíocht ar mhaithe le rochtain ar ríomhphoist amháin. Bíonn na sonraí criptithe agus is féidir rochtain ar ríomhphoist sheachtracha a dhíchumasú má thuairiscítear go bhfuil gléas ar iarraidh nó gur goideadh é. Ar an nós céanna, féadtar rochtain a fháil ar ríomhphoist an Gharda Síochána ó ríomhaire glúine nó ó ríomhaire pearsanta agus critéir um logáil isteach agus cód PIN an RSA a úsáid. Cuirtear dianchosc ar chianrochtain ar ríomhphoist de réir gráid, agus ní bhíonn an rochtain sin ach ag comhaltaí a bhfuil céim Chigire, nó níos airde bainte amach acu. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas, sa chás go bhfuil cianrochtain ag comhalta, ní bhíonn ach teorainn acu ach ar ríomhphoist. Níl aon chianrochtain ar PULSE nó ar aon chóras eile den Gharda Síochána. Thug an AGS le fios don Fhoireann go bhfuil siad ag oibriú ar chlár píolótach de chianrochtain shlán ar Chórais Faisnéis an Gharda Síochána agus gléas eisiúna an Gharda Síochána á úsáid. Tá an obair seo ar bun i gcaitheamh 2013. Tá fáil ar Chianrochtain Shlán ar ríomhphoist.

Eisítear teitrearaidíonna do chomhaltaí oibríochtúla agus úsáidtear iad go príomha le haghaidh cumarsáid 'Ghrúpa'. Féadtar teitrearaidíonna a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le huimhreacha áirithe gutháin (e.g. an GISC). Eisítear teitrearaidíonna ar leithleach ó ghuthán a eisiúint.

15.7 Slandáil an Líonra

Tá an tAonad TFC roinnte in dhá limistéar, an Rannóg Teileachumarsáide agus an tAonad TFC. Coimeádann an Rannóg Teileachumarsáide imeall seachtrach an líonra, rud dá dtagraíodh mar Bhallaí an Chaisleáin, agus bíonn TFC freagrach as gach limistéar laistigh de Bhallaí an Chaisleáin.

Coimeádann an Rannóg Teileachumarsáide laistigh den AGS naisc inmheánacha/sheachtracha le líonra an AGS. Thug an Fhoireann cuairt ar oifigí na Foirne Teileachumarsáide agus taispeánadh dóibh an líonra uirlisí monatóireachta atá in úsáid ag an bhfoireann. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go ndéantar monatóireacht 24/7 ar an líonra atá i bhfeidhm agus go n-eisítear foláirimh ar ríomhphost do chomhalta na Foirne. Thaispeáin an AGS don Fhoireann na ballaí éagsúla dóiteáin atá i bhfeidhm chun líonra an AGS a chosaint. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas, chomh maith, go gcoimeádann an Fhoireann Teileachumarsáide a dtrealamh féin líonra, amach ó na gléasanna inmheánacha líonra chun cosc a chur ar dhúbláil earráidí féideartha.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go dtéann paisteáil gléasanna imeallacha amach ar bhonn míosúil agus go bpaisteáiltear gléasanna inmheánacha ar bhonn ráithiúil. Sa chás go n-eisítear foláireamh criticiúil, téitear i mbun gníomhartha láithreacha.

Mhínigh an AGS don Fhoireann go ndearna an Roinn Airgeadais an tSeirbhís Náisiúnta Raidió Dhigitigh chun seirbhísí bainistithe raidió digitigh ar fud na tíre a sholáthar ar mhaithe le cuspóirí gutha agus sonraí do gach seirbhís phoiblí slándála agus éigeandála agus gach comhlacht poiblí neamhthráchtála i seirbhís phoiblí na hÉireann. Bhuaigh TETRA Ireland an Conradh seo. Ciallaíonn seo, go héifeachtach, go n-íocann TETRA Ireland as na costais uile bhonneagracha líonra chonraithe riachtanacha, ar nós crainn a thógáil, aeróga agus cruá-earraí líonra a shuiteáil.

Is é ról Teileachumarsáide an Gharda Síochána chun trealamh teirminéil TETRA a sholáthar chun an trealamh a thabhairt d'acmhainní an Gharda Síochána, ar nós pearsanra, feithiclí agus Seomra Rialúcháin, agus chun cumraíocht, oibriú, cothabháil, slándáil agus billeáil an trealaimh seo a bhainistiú trína saolré.

Déanann Slándáil TF an AGS monatóireacht ar ghníomhaíocht an chórais agus ar shreabhadh tráchta. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go measann an AGS go mbaineann riosca i bhfad níos mó le hionsaí intí de thimpiste ná mar a bhaineann le hionsaí seachtrach.

15.8 Slándáil Ghléasanna Ríomhairí Deisce

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go bhfuil thart ar 9,000 gléas deisce in oibriú. Déanann TFC aonad líonraithe ríomhaire deisce a réamhchumrú lena úsáid sna láithreacha éagsúla.

Cumraítear gléasanna líonraithe ríomhaire deisce go gcuirtear faoi ghlas iad 10 nóiméad tar éis nach n-úsáidtear iad, agus bíonn ar an úsáideoir a bpassfhocal líonra a iontráil, ansin, chun rochtain a fháil ar an gcóras arís. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas, sna hAerfoirt, go gcumraítear ríomhairí deisce go gcuirtear faoi ghlas iad tar éis nach n-úsáidtear iad ar feadh 10 nóiméad ach go gcumraítear iad, chomh maith, go ndéanann siad dílógáil ón líonra tar éis 20 nóiméad ina dhiaidh sin.

15.9 Cuntais Úsáideora

Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go ndéantar iarratais ar chruthú/mhodhnú cuntais le córais TF an AGS trí dhá fhoirm, ITSU1 agus IFSU2. Eisítear ITSU1 le haghaidh rochtain ar an gcóras ginearálta agus úsáidtear ITSU2 maidir le rochtain úsáideora eisceachtúil, e.g. chun rochtain a dheonú do CIO nó chun taifid faisnéis a chruthú nó a nuashonrú. Bunaítear ceadanna ar chéim agus ar ról. Tá rochtain an Gharda Síochána agus ar Chúltaca an Gharda Síochána bunaithe ar chéim. Tá rochtain sibhialtach bunaithe ar ghrád agus bíonn roinnt ceadanna bunaithe ar ról, e.g. Oifigeach um Fhaisnéis Choiriúil.

Seolann Coláiste an Gharda Síochána foirm ITSU 1 chuig Slándáil TF do gach duine a chláraíonn leo. Sanntar pasfhocal agus is gá seo a athrú an chéad uair a logálann an comhalta isteach.

D'iarr an ODPC ar bhreis sonraí ón AGS maidir le treise, castacht agus fad an phasfhocail agus d'iarr siad ar an AGS a dheimhniú go bhfuil seo ar aon dul, ar a laghad, leis an treoir shlándála

a d'eisigh an Oifig seo.

Luaigh an AGS leis an bhFoireann go n-eisítear an pasfhocal seo i bhfoirm chruachóipe i gclúdach litreach séalaithe do gach duine a chláraíonn leo nuair a fhágann siad coláiste an Gharda Síochána. Luaigh an AGS, mura gcéimnítear Garda mic léinn, díchumasaítear a gcuntas. Ina leith seo, níl aon réasúnú ann gan cuntas Garda mic léinn a scriosadh nach gcéimnítear é agus molann an Oifig seo gur cheart na cuntais sin a scriosadh seachas ach iad a dhíchumasú.

Maidir le haistritheoirí/fágálaithe, coimeádann Slándáil TF Eolaire Gníomhach an Gharda Síochána cothrom le dáta trí fheasacháin AD a rianú a eisítear 14 lá sula mbíonn na haistrithe le tarlú. Nuair a bhogann úsáideoir Ceantar, úsáidtear uirlis soláthair úsáideora chun an t-úsáideoir sin a bhaint ó gach grúpa neamhchaidheánach agus beidh ar an úsáideoir athiarratas a dhéanamh ar aon rochtain bhreise a theastaíonn.

Rinne an Fhoireann athbhreithniú ar an gcód a úsáideadh san uirlis soláthair lena dheimhniú na gníomhartha faoina rabhthas ag tabhairt fúthu i gcásanna comhalta nua, comhalta a raibh láthair/grád á aistriú acu agus comhalta a bhí ag éirí as an bhfórsa. Ní raibh an Fhoireann in ann an uirlis soláthair a fheiceáil i mbun gnímh mar gheall gur tugadh an chuairt idir eisiúint feasacháin AD agus gur gníomhaíodh ar an bhfeasachán deiridh cheana féin. Bhí an Fhoireann sásta go ndearna an uirlis soláthair na hathruithe riachtanacha, faoi mar a raibh síil leis. Thug an Fhoireann faoi deara, nuair a fhágann comhalta an AGS, nach scriostar a gcuntas. Baintear an cuntas úsáideora ó gach grúpa agus díchumasaítear an cuntas. Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas nach scriostar an cuntas ionas gur féidir é a cheangal le fiosrúcháin a rinneadh in PULSE ag dáta ina dhiaidh sin, más gá.

Tugadh faoi deara, roimhe seo, go ndearnadh an fhoirm ITSU a chur ar fhacs nó sa phost chuig an oifig Cheantair, agus gur bhailigh an Fhoireann Slándála TF í, gur scanadh siad í, gur athainmnigh siad í agus gur sheol siad í chuig bosca poist na Rannóige ITSU. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas, áfach, go bhfuil próiseas nua i bhfeidhm anois inar féidir le Cléireach na Rannóige an fhoirm a scanadh agus í a sheoladh ar ríomhphost chuig an mbosca poist tiomnaithe den ITSU. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas gur phróiseáil Slándáil TF 8,467 foirm ITSU in 2010, ach nár phróiseáil siad ach 5,147 foirm i mbliana, go dtí seo, mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar earcaíocht.

15.10 Róil agus Ceadanna

Sanntar rochtain do chomhaltaí ar na córais éagsúla, lena n-áirítear áiseanna clóite agus rochtain ar bhogearraí, tríd an Eolaire Gníomhach (AD).

D'fhéach an Fhoireann ar na ceadanna a sannadh do CIO a cheangail go mbeadh sé/sí mar bhall de 24 grúpa laistigh de AD. Bhí Garda a bhí bunaithe i Muineachán mar bhall de 13 ghrúpa laistigh de AD.

Scrúdaigh an Fhoireann na cuntais riarthóra laistigh de AD. Tháinig an Fhoireann ar chuntas riaracháin fearainn a úsáideadh chun róil a shannadh d'innill áirithe mar aon le cuntas riaracháin ar leith a bhí líonta le comhaltaí foirne. Chuimsigh an grúpa áirithe riaracháin seo ceathrar daoine aonair a bhí liostaithe mar aon le roinnt grúpaí a bhí bunaithe sa chuntas. Ar scrúdú na ngrúpaí seo, ina raibh an Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus Bainistíocht Seirbhíse i gceist, dheimhnigh an Fhoireann go raibh rochtain riarthóra á deonú ar 32 duine aonair breise ar an bhfearann. Cuireadh an AGS ar an eolas faoi seo ar lá na cigireachta agus lorg an Fhoireann go ndéanfar breis imscrúdú ar an leibhéal rochtana ar an gcuntas riarthóra. Ó tharla an t-iniúchadh, thug an AGS le fios gur imscrúdaigh a Rannóg TF an cheist seo cheana féin agus gur laghdaigh siad an líon úsáideoirí ag a bhfuil rochtain riarthóra anuas go dtí 14. Luaigh Slándáil TF an AGS, chomh maith, go bhfuil siad ag leanúint orthu ag tabhairt faoi thástáil oibríochtúil d'fhonn an líon seo a bhreislaghdú. Tabharfar faoi athbhreithnithe rialta ar an ngá atá leis an rochtain sin amach anseo lena chinntiú nach mbíonn an rochtain sin ach ag an líon íosta d'úsáideoirí agus go mbíonn riachtanas bailí gnó acu i leith na rochtana sin.

Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, an difríocht idir róil éagsúla úsáideora laistigh de

PULSE. Scrúdaigh an Fhoireann na difríocht ar rochtain idir ról an CIO, an EO agus Cúltaca an EO. Cuntais tástála a bhí iontu seo a socraíodh ar mhaithe le cuairt na Foirne. Thug an Fhoireann faoi deara gurbh é an CIO an t-aon úsáideoir ag a raibh rochtain ar na feidhmeanna “faisnéis” agus ar “míreanna leasa” laistigh de PULSE. Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, i rogha gach roghchláir, ar nós Cruthaigh, Coimeád, Gníomhartha, Tuairiscí etc. go raibh líon ní b'airde de roghanna ar fáil ag an úsáideoir CIO.

Thug an Fhoireann faoi deara, chomh maith, i gcomparáidí idir úsáideoirí an EO agus Chúltaca EO, bhí feidhmiúlacht theoranta ag Cúltaca an EO.

15.11 Slándáil Phasfhocal

Faoi mar a thugtar breac-chuntas thuas air, sannann an coláiste oiliúna pasfhocail d'úsáideoirí nua agus ní mór iad a athrú an chéad uair a logáiltear isteach.

Áis féinseirbhíse atá ann seo ar Thairseach an Gharda Síochána inar féidir le húsáideoirí freagraí ar líon ceisteanna slándála a fhreagairt ar féidir iad a úsáid chun pasfhocal nua a eisiúint dóibh mura féidir leo cuimhneamh ar an bpasfhocail bunúil a dáileadh orthu. Anuas air sin, is féidir an deasc chabhrach TF pasfhocail nua a dháileadh, ach ar shásamh dóibh aitheantas an ghlaiteora. Déantar seo trí Eolaire Gníomhach a úsáid, áit a stóráiltear sonraí na foirne faoina n-uimhir chláráithe. Anuas air sin, féadfaidh an deasc chabhrach aitheantas a fhíordheimhniú trína sheiceáil an bhfuil glaoiteoir i ngrúpa, ach ní féidir leis an deasc chabhrach breisiú a dhéanamh leis an ngrúpa.

15.12 An Deasc Chabhrach TF

Oibríonn an AGS deasc chabhrach TF ag Ceannteathrú an Gharda Síochána. I measc fhoireann na deisce cabhrach seo tá meascán d'fhoireann shibhialtach, conraitheoirí agus comhaltaí den Gharda Síochána. Níl ach rochtain theoranta ag na conraitheoirí ar an gcóras agus ní bhíonn aon rochtain acu ar PULSE, cé gur féidir leo inneall PULSE a thosú lena chinntiú go bhfuil sé i mbun reáchtála. D'fhéach an Fhoireann ar an deasc chabhrach atá i mbun oibriú agus thástáil siad an córas ina ndearna conraitheoirí iarracht córas PULSE a rochtain. Cé go bhféadfadh an conraitheoir a thabhairt faoi deara go raibh an córas oibríochtúil, tharla earráid 401 nuair a rinne siad iarracht córas PULSE a iontráil.

Féadfaidh an Deasc Chabhrach úsáideoirí a scáthú a thuairiscíonn ceisteanna, ach ní mór don úsáideoir glacadh leis an iarratas ar scáthú.

Thug an Fhoireann tuairisc faoi deara laistigh d'Oifig na Deisce Cabhrach a shainnigh na Deich nGlaos a fuair foireann na deisce cabhrach. Thug an Fhoireann faoi deara gurbh é athshocruithe pasfhocal an tsaincheist aonair ba mhó as ar eascair glaonna ar an deasc chabhrach, arbh ionann iad agus nach mór 3,500 glao don bhliain a fhad le tús Dheireadh Fómhair.

15.13 Priontáil

Luaigh an AGS go bhfuil 2,200 printéir líonraithe acu agus go bhfuil líon printéirí aonair ann i stáisiúin, chomh maith. Luaitear go bhfuil siad ag aistriú chuig córas clóite “Lean Mé” (“Follow-me”) a ligeann d'úsáideoirí cló a dhéanamh le haon phrintéir líonra lena dtacaítear in aon láthair ar leith den AGS agus é a fhíordheimhniú ansin ag an bprintéir chun é a bhailiú. Cuireadh an Fhoireann ar an eolas go gcoimeádtar an fhaisnéis ar an bhfreastalaí seachas an printéir/innill fótachóipeála. Maidir le cén áit a ndéantar cáipéis a fhótachóipeáil, stóráiltear na sonraí ar an tiomántán cruá. Cuireadh an fhoireann ar an eolas go milltear na tiomántáin chrua sin go slán nuair a bhaineann an printéir deireadh a shaolré amach.

15.14 Athshlánú ó Thubaiste

Tá dhá fheirm freastalaí ar leith ag an AGS, agus oibríonn ceann amháin díobh mar láithreán athshlánaithe.

Cuirtear cosc ar gach ceann de na foirgnimh ina bhfuil na feirmeacha freastalaí seachas i measc an phearsanra chuí. Tá ar gach cuairteoir é a shíniú nuair a thugann siad cuairt ar na limistéir. Scrúdaigh an fhoireann na logleabhair chuairteoirí ag an dá láthair agus tháinig siad ar dhóthain iontrálacha lena léiriú go raibh úsáid rialta á baint as na logleabhair.

Chuir an AGS an Fhoireann ar an eolas go ndéantar sonraí ó na 126 freastalaí líonraithe a chúltacú ar bhonn laethúil/seachtainiúil/míosúil. Nuair a bhítear sásta leis na téipeanna cúltaca míosúla, laethúla agus seachtainiúla, déantar iad a fhorscríobh agus coimeádtar cúltaca míosúil ar feadh tréimhse éiginnte.

15.15 Diúscairt Dramhaíola

Le linn na cigireachta TF an 16 Samhain, tháinig an Fhoireann ar bhosca slán bruscair san Fhoirgneamh TF nach raibh faoi ghlas. Bhí Comhalta Foirne in ann an bosca bruscair a oscailt agus rochtain a fháil ar na cáipéisí a cuimsíodh laistigh den bhosca a bhí le stialladh.

D'fhreagair an AGS air seo agus luaigh siad go ndéantar dianrialáil ar Rochtain ar Choimpléasc Cheanncheathrú an Gharda Síochána ag gach tráth ar bhonn struchtúrtha rialaithe don fhoireann nach gá dóibh bheith i limistéir ach de réir mar a éilíonn an gnó. Go príomha, níl rochtain ag an bhfoireann atá leithdháilte d'fhoirgnimh aonair ach ar an foirgnimh áirithe siúd, agus amach ón mbainistíocht shinsearach, níl rochtain ghinearálta acu.

I dtaobh na ceiste féin, i gCeanncheathrú an Gharda Síochána, soláthraítear cairteacha rothaí 240lt atá go hiomlán soghluaiste atá faoi ghlas agus atá uimhrithe chun bruscar páipéir rúnda oifige a stóráil i bpríomhláithreacha ar fud Choimpléasc Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Maidir leis an teagmhas sonrath, eisítear glas don bhainistíocht uile áitiúil shinsearach chun na boscaí rúnda bruscair a oscailt i gcás botúin maidir le cáipéis a cuireadh sa bhosca bruscair lena stialladh de thimpiste nó go dteastaíonn í a fháil ar ais. Eisítear an eochair seo don bhainistíocht shinsearach don chuspóir seo agus ní dhéantar í a eisiúint go ginearálta.

Maidir leis an gceist ar leith seo, thug TFC le fios gur chreid siad go n-úsáidtear an eochair scoite chun cáipéis a fháil ar ais nó gur osclaíodh an bosca bruscair le bulcdhiúscairt cáipéisí a dhéanamh agus gur fágadh ar oscailt é gan chuimhneamh. Seo an chéad chás den saghas seo a sonraíodh le breis agus 4 bliana anuas, agus féadtar caitheamh leis mar eisceacht iomlán i leith na bprótacal um milleadh dramhaíola rúnda atá i bhfeidhm i gCoimpléasc Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Tá na bhainistíocht sa bhloc TFC feasach ar an teagmhas seo.

16. Torthaí

Fuarthas comhoibriú iontach i gcaitheamh na cigireachta. Mheas an Fhoireann Iniúchta go bhfuil tréanfheasacht eagraíochtúil ann i leith na bprionsabail um chosaint sonraí go ginearálta.

Tá próiseáil sonraí pearsanta ag croílár oibríochtaí na bpóilíní. Rangaítear sonraí a phróiseálann an AGS mar shonraí íogaire, óna dteastaíonn cosaint speisialta, faoi dhlí an AE agus an dlí náisiúnta. Ní mór tús áite a thabhairt do gach gné de phróiseáil na faisnéise seo a chosaint. D'fhonn a chinntiú go ndírítear de shíor ar an gceanglas seo, measann an ODPC gur cheart go mbeadh aonad tiomnaithe freagrach as cosaint sonraí, a bhfuil Oifigeach um Chosaint Sonraí ina cheannas ag a bhfuil caidreamh díreach tuairiscithe le Coimisinéir an Gharda Síochána. Déanfar é ina dhualgas de chuid an AE an t-oifigeach sin a cheapadh, in aon chás, má dhéantar an dlí den Dréacht-Treoir um chosaint Sonraí i limistéar fhorfheidhmiú an dlí, a chuir Coimisiún an AE ar aghaidh in 2012.

Chuaigh an ODPC i ngleic le líon moltaí sonracha a rinneadh leis an AGS a d'eascair ón iniúchadh. Tá iad seo liostaithe ag tús na tuairisce seo, mar aon le freagairtí an AGS dóibh. In go leor cásanna, tá an AGS tar éis dul i mbun gníomhartha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais.

¹⁴ Cód Cleachtais an Gharda Síochána

¹⁹ <http://www.irishexaminer.com/text/ireland/kfkfaugbgbkf/>